



OSPIDÉAL NAOMH SÉAMAS
ST. JAMES'S HOSPITAL

Is é bunchuspóir an Ospidéil ná cóireáil sláinte, cúram agus diagnóis a sheachadadh, chomh maith le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí coisctheacha ag leibhéal cheantair, réigiúnach, os-réigiúnach agus náisiúnta.

05

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL OSPIDÉAL SAN SÉAMAS 2005

OSPIDÉAL NAOMH SÉAMAS
ST. JAMES'S HOSPITAL



Is múnlóir lárnach agus uirlis pholasaí poiblí sa chóras sláinte é go príomha Ospidéal San Séamas, a bunaíodh trí roinnt d'ospidéal dheonacha agus ospidéal cathrach amháin a nascadh. Eascraíonn misean an Ospidéal as a fhealsúnachtaí/luachanna bunaidh agus tá sainmhíniú air sin thíos.

Is é aidhm bhunúsach an Ospidéal cóireáil sláinte, cúram agus diagnóis a sheachadadh chomh maith le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí coisctheacha ag leibhéal ceantair, réigiúnach, os-réigiúnach agus náisiúnta. Réimsíonn a shainchúram seirbhíse i gcastacht ón dara leibéal go dtí an leibhéal treasach.

Is ospidéal teagaisc adacúil é Ospidéal San Séamas freisin. Tá sé tiomanta mar sin do chruthú timpeallachta agus cúinsí inar féidir oideachas agus taighde sna heolaíochtaí sláinte agus sna heolaíochtaí comhghaolmhara a chur ar fáil agus inar féidir leo bláthú.

Éilítear níos mó is níos mo ar an Ospidéal feidhmiú i dtimpeallacht ina mbeidh comhoibriú ingearach agus taobhach ar mhaithe le leas na n-othar sa deireadh thiar. Sa chomhthéacs seo molann sé agus saothraíonn sé cur chun cinn agus rannpháirtíocht an Ospidéal i seirbhísí agus i ngréasáin sláinte acadúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Agus tosaíocht á tabhairt do na hothair ar gach bealach aithníonn an tOspidéal a fhreagrachtaí i leith sraith níos leithne geallsealbhóirí lena n-áirítear an rialtas, na daoine agus an pobal i gcoitinne, ceannaitheoirí lárnacha a sheirbhísí, an fhoireann agus an iliomad institiúidí atá ag gabháil leis sna hearnálacha sláinte agus oideachais agus glacann sé leis na freagrachtaí seo.


Agus na réimsí freagrachtaí seo á gcomhlíonadh tá sé d'aidhm ag an Ospidéal na caighdeáin is airde is féidir agus na leibhéil éifeachtachta, éifeachtúlachta agus ardchaighdeáin a bhaint amach i ngach a dhéanann sé. Tá sé tiomanta freisin ag critéir an tsármhaitheasa, an fheabhsúcháin leanúnaigh agus na nuála. Cuirtear a chuid seirbhísí ar fáil go cothrom ar bhonn riachtanais. Ar deireadh tá an tOspidéal go hiomlán cuntasach dá othair agus do gheallsealbhóirí eile i leith a fheidhmithe thar raon iomlán a réimse freagrachta.




CLÁR

RIALACHAS & FEIDHMEANNACHT	02	ÉIGEANDÁIL Liacht Timpiste & Éigeandáil	45	CÓGASLANN Seirbhísí Cógaslainne Cliniciúla, An tIonad Eolais Leigheasra Náisiúnta, An tIonad um Ardteiripic Cliniciúil, An tIonad Náisiúnta Eacnamaíochta Cógasaíochta	67
Bord an Ospidéil, Grúpa Bainistíochta Feidhmeannach, Foireann Chomhairleach, Díl & Baincéireacht		SPEISIALTACHTAÍ NEAMH-STIÚRTHÓIREACHTA			
TURASCÁLACHA CORPARÁIDE	06	MÁINLIACHT SHOITHÍOCH Máinliacht ionshoithíoch, An tAonad Féitheanna, An tSaotharlann shoithíoch	47	FISIC LIACHTA & BITH-INNEALTÓIREACHT	70
Réamhrá ón gCathairleach, Tuarscáil an Phríomhfheidhmeannaigh		TRÁMA Máinliacht Phlaisteach & Athchruthaitheach, Máinliacht Mascaill, an tAonad Ortadóntach Scoiltí, Máinliacht Ortaipéideach		SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA GINEARÁLTA AGUS ALTRANAIS	
BUAICPHOINTÍ FEIDHMÍOCHTA	10	SÍCIATRACHT Seirbhís Meabhairshláinte Dheisceart Chathair Bhaile Átha Cliath, Clinic Jonathan Swift, an Roinn Síciatrachta Seanaoise	48	AN ROINN SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA GINEARÁLTA Lónadóireacht, Poirtéireacht, Séiplíneacht, Seirbhísí Comhshaoil, Seirbhísí Tí, Línéadaigh	72
Príomh-Mhéideanna Gníomhaíochta		STIÚRTHÓIREACHTAÍ CLINICIÚLA			
TUARASCÁLACHA AN RANNÁIN CHORPARÁIDE	15	LabMed Histeapaiteolaíocht, Haemaiteolaíocht (lena n-áirítear Diagnóisic Móilíní Ailse/Liacht Trasphlandaithe), Micribhitheolaíocht (lena n-áirítear Saotharlanna Tagartha AN TUAS.SA/TB), Imdhíoneolaíocht, Ceimic Chliniciúil	50	AN FHEIDHM ALTRANAIS Aonad Forbartha an Chleachtais Altranaís, An tIonad Oideachas Altraí	74
Ráitis Airgeadais & Tuarscáil, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Eolais & Bainistíochta, Bainistíocht Ábhar, Iniúchadh Inmheánach Sláinte Ceirde		Diaglm Íomháu Diagnóiseach (X-gha), PaRIS/EPR, Radagrafaíocht, Raideolaíocht		GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRAS-STIÚRTHÓIREACHTAÍ	
TUARASCÁLACHA AN RANNÁIN SEIRBHÍSE STIÚRTHÓIREACHTAÍ CLINICIÚLA	27	ORIAN Obrádlanna, An tAonad Máinliachta Lae, An tAonad Dianchúraim/An tAonad Ard-Spleáchais, An tAonad Soláthairtí Steiriúla Ospidéil (HSSU), Seirbhísí Ainéistéseacha	52	AN tIONAD LARCHÉIME WILLIAM STOKES SEIRBHÍSÍ OINCEOLAÍOCHTA RADAÍOCHTA I RÉIGIÚN AN OIRTHIR Institiúid Houghton	76
CResT		SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA CLINICIÚLA			
Cairdeolaíocht, Liacht Riospráide, Máinliacht Chairdeatóracsach, Cúram Maolaitheach				TUARASCÁLACHA ROINN NA GCLÁR	
HOPE	31		52	TIONSCNAMH CÁILÍOCHTA Creidiúnú, Clár Bhainistiú Riosca, Clár Abhóideachta Othar, Clár Tháscaire Feidhmiúcháin, Seirbhísí Sábháilteachta Cógas	77
HOPE Haemaiteolaíocht, Oinceolaíocht Liachta agus Radaíochta, An tIonad Náisiúnta Thrasphlandaithe Smior Dhaoine Fásta, An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachtaithe Oidhreachtúla, Comheagras Trialacha Cliniciúla Ailse				60	
MedEI	35		60	PLEANÁIL & COIMISIÚNÚ An Roinn Seirbhísí Teicniúla, Seirbhísí Fuinnimh	81
Liacht do Dhaoine Scothaosta, an tAonad Titimí agus Sioncóipise, Institiúid Mercer do Thaighde um Dhul in Aois				FOILSEACHÁIN	83
SaMS	37		63		
Deirmeolaíocht, Inchríneolaíocht, GUIDe, Gínéiceolaíocht, Néareolaíocht, Oftailmeolaíocht, Réamaiteolaíocht, Úireolaíocht, Néarfhiseolaíocht Chliniciúil					
GEMS	42	SCOPE Teiripe Urlabhra agus Teanga, Obair Shóisialta Liachta, Cothú Cliniciúil, Teiripe Ceirde, Fisiteiripe			
Liacht agus Máinliacht Ghastraistéigeach, Liacht Ghinearálta lena n-áirítear Heipiteolaíocht, Máinliacht Ghinearálta, ENT					

RIALACHAS AGUS FEIDHMEANNACHT



CAIRT CHORPARÁIDE



COMHALTACHT BHORD AN OSPIDÉIL 2005

An tOllamh Tom Mitchell

Cathaoirleach Bhord an Ospidéil ó 2002

An Comhairleoir M. Ardagh

(ó Mheán Fómhair 2005)

An Comhairleoir Sean Ardagh

TD. (go dtí Meitheamh 2005)

An Dr. L. Barnes

Deirmeolaí (ó Mheán Fómhair 2005)

An tOllamh R. Byrne

Coláiste na Tríonóide (ó Shamhain 2005)

An Bardasach M. Donnelly

An tOllamh J. Feeley

Lia Ginearálta Comhairleach (go Meitheamh 2005)

An Dr. P.W.N. Keating

Ceapachán Aireachta (go Meitheamh 2005)

An Comhairleoir G. Keegan

(go Meitheamh 2005)

An tOllamh D. Kelleher

Gaistreineolaí

An tUasal J. Kelly

Ionadaí Foirne

M. MacGuinness Uasal

Bainisteoir Altraí Cliniciúla

An Dr. J. Moriarty

Ainéistéisí Comhairleach (ó Lúnasa 2005)

C. Murphy Uasal

(ó Lúnasa 2005)

An tOllamh J. Murray

Ollamh sa Staidéar Gnó, TCD (go Meitheamh 2005)

Prof C. Normand

Ollamh Edward Kennedy le Bainistiú agus Polasaí Sláinte

(ó Mheán Fómhair 2005)

An Dr. F. O'Kelly

Dochtúir Teaghlaigh

An tOllamh J. Scott

Coláiste na Tríonóide

An Dr. J.B. Walsh

Dochtúir Seanliachta Comhairleach (go Meitheamh 2005)

An tUasal S.G. Watson

Aturnaetha Matheson Ormsby Prentice (go Meitheamh 2005)

GRÚPA BAINISTÍOCHTA FEIDHMEANNACH 2005

An tUasal J. O'Brien

Príomhfheidhmeannach (Cathaoirleach)

An tUasal I. Carter

Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Bainisteoir Oibríochtaí

E. Hardiman Uasal

Stiúthóir Altranais

An tUasal P. Carolan

Bainisteoir, Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta

An tUasal M. O'Hagan

Ceannaire Gníomhach Acmhainní Daonna

An tUasal G. Heffernan

An Leas-Stiúthóir Acmhainní Daonna

An tUasal B. Fitzgerald

Rialtóir Airgeadais

An Dr. L. Barnes

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht Director, SaMS

(go Deireadh Fómhair 2005)

An Dr. Colm Bergin

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht SaMS (ó Shamhain 2005)

An tOllamh D. Coakley

Stiúthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht MedEl

An tOllamh M. Cullen

Cathaoirleach, An Bord Leighis

An Dr. P. Freyne

Stiúrthóir Cliniciúil, Diaglm

An Dr. J. Moriarty

Stiúthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht ORIAN

An Dr. P. W. N. Keeling

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht GEMS

M. Kenny Uasal

Bainisteoir Ábhar

An Dr. K. O'Byrne

Stiúrthóireacht Chliniciúil, Stiúrthóireacht HOPE

An tUasal P. Plunkett

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht Éigeandála

An tOllamh M. Walsh

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht CRest

An Dr. B. White

Stiúrthóir Cliniciúil, LabMed

An tUasal M. Buckley

Ceannaire IMS



LIOSTA COMHAIRLEOIRÍ, OSPIDÉAL SAN SÉAMAS 2004

An Dr. M. Abrahams, Ainéistéisí
An Dr. C. Adida, Histeapaiteolaí
An Dr. L. Barnes, Deirmeolaí
An Dr. M. Barry, Lia / Cógaseolaí Cliniciúil
An tUas. E. Beausang, Máinlia Plaisteach
An tUas. J. Cliff Beirne, Máinlia Béil agus Mascaill
An Dr. C. Bergin, Galair Infhabhtaíocha
An tUas. D. Borton, Máinlia Ortaipéideach
An tUas. T. Boyle, Máinlia Ginearálta
An tUas. F. Brady, Máinlia Mascaill
An Dr. F. Brett, Néar-Phaiteolaí
An Dr. D. Brophy, Raideolaí
An Dr. P. Browne, Haemaiteolaí
An Dr. G. Canny, Liacht Phéidiatraiceach agus Riospráide
An Dr. M. Carey, Ainéistéisí
An Dr. M. Casey, Dochtúir Seanliachta
An tOll. D. Coakley, Dochtúir Seanliachta
An tUas. B. Conlon, Oitlairaingeolaí
An Dr. E. Conneally, Haemaiteolaí
An Dr. E. Connolly, Ainéistéisí
An Dr. S. Connolly, Néarfhiseolaí
An Dr. J. Cooney, Siceolaí
An Dr. P. Crean, Cairdeolaí
An Dr. B. Crowley, Micribhitheolaí
An Dr. V. Crowley, Paiteolaí Ceimice
An Dr. G. Cunnane, Réamaiteolaí
An tOll. M. Cullen, Inchríneolaí
An Dr. C. Cunningham, Dochtúir Seanliachta
An tOll. P. Daly, Oinceolaí
An tUas. T. D'Arcy, Cnáimhseachas agus Gíniceolaíocht
An Dr. C. Doherty, Néareolaí
An Dr. M. Doran, Réamaiteolaí
An Dr. N. Dowd, Ainéistéisí agus Cairdeatóracsach
An Dr. A. Doyle, Oftailmeolaí
An Dr. B. Dunne, Histeapaiteolaí
P. Eadie Uasal, Máinlia Plaisteach
An Dr. C. Fagan, Ainéistéisí
An Dr. R.J. Fahy, Lia Riospráide
An tOll. J. Feely, Lia/Cógaseolaíocht Chliniciúil agus Teiripic
An tOll. C. Feighery, Imdhíoneolaí

An tUas. G. Fenelon, Máinlia Ortaipéideach
An Dr. J. Fitzgerald, Ainéistéisí
An Dr. J. B. Foley, Cairdeolaí
An Dr. P. Freyne, Raideolaí
An Dr. S. Froese, Ainéistéisí
An Dr. E. Gaffney, Histeapaiteolaí
An Dr. U. Geary, Timpiste & Éigeandáil
An Dr. N. Gleeson, Cnáimhseachas agus Gíniceolaíocht
An Dr. I. Graham, Cairdeolaí
An tUas. R. Grainger, Úireolaí
An Dr. M. Griffin, Histeapaiteolaí le spéis sa Chíteolaíocht
An tOll. D. Hollywood, Radaiteiripeoir
An Dr. N. Hughes, Ainéistéisí
An Dr. A. Irvine, Deirmeolaí
An Dr. J. Keane, Lia Riospráide
An Dr. D. Keane, Cairdeolaí
An Dr. P.W. N. Keeling, Gaistrentreolaí
An tOll. D. Kelleher, Gaistrentreolaí
An Dr. J. Kennedy, Oinceolaí
An tOllamh R.A. Kenny, Dochtúir Seanliachta
An Dr. M. Keogan, Raideolaí
An tUas. J. Kinsella, Máinlia ENT
An Dr. E. Lawlor, Haemaiteolaí
An Dr. B. Lawlor, Dochtúir Síci-Sheanliachta
An tUas. D. Lawlor, Máinlia Plaisteach
An Dr. P. Lawlor, Liacht Mhaolaitheach
An tUas. T. Lynch, Úireolaí
An Dr. F. Lyons, Ainéistéisí
An tOll. S. McCann, Haemaiteolaí
An Dr. D. McCoy, Ainéistéisí
An Dr. C. McCrory, Ainéistéisí
An Dr. Ronan McDermott, Raideolaí
An Dr. Raymond McDermott, Oinceolaí Liachta
An tUas. T. McDermott, Úireolaí
An Dr. N. McEniff, Raideolaí
An Dr. E. McGovern, Máinlia Cairdeatóracsach
An Dr. E. McGuinness, Gíniceolaí
An Dr. S. McKiernan, Gaistrentreolaí
An Dr. C. McMahan, Haemaiteolaí
An Dr. G. McMahan, Timpiste & Éigeandáil

An Dr. M. McMenamin, Histeapaiteolaí
 An Dr. E. McNamara, Micribhitheolaí
 An tUas. D. McShane, Máinlia ENT
 An tUas. P. Madhavan, Máinlia Soithíoch
 An Dr. B. Maurer, Cairdeolaí
 An Dr. J. M. Meaney, Raideolaí MRI
 An Dr. G. Mellotte, Neifreolaí
 An Dr. S. Millar, Raideolaí
 An tUas. D. Moore, Máinlia Soithíoch
 An Dr. J. Moriarty, Ainéistéisí
 An Dr. D. Mulcahy, Cairdeolaí
 An Dr. F. Mulcahy, Liacht Úraignitúil
 An Dr. C. Muldoon, Histeapaiteolaí
 An Dr. E. Mulvihill, Micribhitheolaí
 An Dr. R. Murphy, Néareolaí
 An Dr. R. Murphy, Cairdeolaí
 An Dr. B. Nolan, Haemaiteolaí
 An Dr. S. Norris, Gaistreintreolaí
 An Dr. S. Nicholson, Histeapaiteolaí
 An Dr. J. Nolan, Inchréolaí
 An Dr. D. S. O'Briain, Histeapaiteolaí
 An Dr. K. O'Byrne, Oinceolaí
 An Dr. B. O'Connell, Micribhitheolaí
 An Dr. F. O'Connell, Lia Riospráide
 An Dr. H. O'Connor, Cnáimhseachas agus Gínéiceolaíocht
 An tUas. M. O'Connor, Oftailmeolaí
 An Dr. D. O'Donnell, Oinceolaí Liachta
 An Dr. J. O'Donnell, Haemaiteolaí
 M. O'Donnell Uasal, Máinlia Plaisteach
 An tUas. D. O'Donovan, Máinlia Plaisteach
 An Dr. A. M. O'Dwyer, Síciatraí Idirchaidrimh
 An Dr. F. O'Higgins, Ainéistéisí
 An Dr. C. O'Malley, Ainéistéisí
 An Dr. A. O'Marcaigh, Haemaiteolaí Péidiatraiceach
 An Dr. C. A. Ó Móráin, Gaistreintreolaí
 An Dr. D. O'Riordan, Lia Ginearálta
 An Dr. L. O'Siorain, Lia sa Liacht Mhaolaitheach
 An Dr. C. O'Sullivan, Oinceolaí Radaíochta
 An Dr. E. O'Sullivan, Ainéistéisí
 An tUas. P. Plunkett, Timpiste & Éigeandáil
 An Dr. J. Porter, Ainéistéisí
 An Dr. P. Ormond, Néareolaí
 An tUasal D. Orr, Máinlia Plaisteach
 An Dr. P. Quigley, Cairdeolaí
 An Dr. J. Redmond, Néareolaí
 An tOll. J. Reynolds, Máinlia Ginearálta
 An tOll. T. Rogers, Micribhitheolaí
 An Dr. J. Mark Ryan, Raideolaí
 An Dr. T. Ryan, Ainéistéisí
 An Dr. P. Scanlon, Ainéistéisí

An Dr. T. Schnittger, Ainéistéisí
 An Dr. P. Scully, Síciatraí
 An tOll. G. Shanik, Máinlia Soithíoch
 An Dr. B. Shanley, Síciatraí
 An Dr. B. Silke, Lia Ginearálta
 An tUas. H. Smyth, Máinlia Ortaipéideach
 An Dr. O. Smith, Haemaiteolaí
 An Dr. M. Staines, Síciatraí
 An tOll. L. Stassen, Máinlia Béil agus Mascaill
 An tUas. R. Stephens, Máinlia Ginearálta
 An Dr. B. Stuart, Cnáimhseachas agus Gínéiceolaíocht
 An tOll. C. Timon, Máinlia ENT
 An tUas. S. Tierney, Máinlia Soithíoch
 An Dr. M. Toner, Paiteolaí Béil
 An tUas. M. Tolan, Máinlia Cairdeatóracsach
 An Dr. E. Vandenberghe, Haemaiteolaí
 An Dr. P. Vaughan, Ainéistéisí
 An Dr. J. B. Walsh, Dochtúir Seanliachta
 An tOll. M. Walsh, Cairdeolaí
 An Dr. R. Watson, Deirmeolaí
 An Dr. G. F. Wilson, Raideolaí
 An Dr. B. White, Haemaiteolaí
 An tUasal V. Young, Máinlia Cairdeatóracsach

DLÍ AGUS BAINCÉIREACHT 2005

Iniúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
 Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Bank of Ireland

85 Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8

Permanent TSB

16-17 Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

Comhairleoirí DLí

A&L Goodbody Solicitors,

An Lárionad Seirbhísí Airgeadaíochta Idirnáisiúnta,
 Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

McCann Fitzgerald,

2 Plás Mháistir an Chuain,
 Duga Theach an Chustaim,
 Baile Átha Cliath 2

Bróicéirí Árachais

Marsh Ireland Ltd.,

10-11 Sráid Laighean Theas,
 Baile Átha Cliath 2



RÉAMHRÁ ÓN GCATHAOIRLEACH



An tOllamh Tom Mitchell
CATHAOIRLEACH

Is mór agam an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2005 a chur i láthair agus a rá gur éirigh leis an Ospidéal arís eile leanacht air ag cur cúraim liachta d'ardchaighdeán ar fáil, dírithe ar othair, thar raon a speisialtachtaí, agus freastal nó dul thar a oibleagáidí faoi Phlean an tSoláthraithe gan easnaimh a thabhtú.

Tá an chreidiúint as seo ag dul d'fhoireann bhreá bainistíochta faoi cheannas John O'Brien agus do scileanna, proifisiúntacht, spiorad pobail agus tiomantas foirne uile an Ospidéil. Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas agus meas a chur in iúl do gach duine faoin toradh thar a bheith sásúil seo.

Ar an taobh diúltach de tá cuid mhaith de na seanfhadhbanna ann i gcónaí agus iad ag cur stró níos mó agus níos mó ar chóras iomlán an ospidéil. Tá fadhbanna éagsúla rochtana á gcruthú ag ganntanas foriomlán leapacha. Chuir an fás leanúnach ar líon na ndaoine a scaoileadh amach deireanach agus le hardú ar an líon a tugadh isteach tríd an Roinn Éigeandála leis na fadhbanna seo.

Cuireann an brú a eascraíonn dá bharr as acmhainneacht othar cónaitheach isteach ar obair an Ospidéil go léir agus fágann sé go mbíonn sé thar a bheith deacair freastal ar ghnáthaimh roghnacha nó iad a bhainistiú. Tá daonra atá ag fás agus aoischoirt atá ag dul in aois ag cur tuilleadh leis an mbrú ar ospidéal ghéarmhíochaine. Ní dhearnadh ach fíorbheagan dul chun cinn i 2005 sa chlár leasaithe a theastaíonn leis na coinníollacha seo a fheabhsú.

Tá deacrachtaí maoinithe ann i gcónaí. Bíonn claonadh ag an idirbheartaíocht sa réimse seo leanacht ar aghaidh amach sa bhliain. Níl aon rian ar bhuiséid tiomanta leordhóthanacha do threallamh agus do ghnáthchothabháil. Fágann srianta ar leibhéil foirne go bhfuil caiteachas mór ar fhoireann ó ghníomhaireachtaí.

Ach ina dhiaidh sin bhí taobh láidir dearfach ag baint le 2005 maidir le cur chun cinn cuspóirí straitéiseacha an Ospidéil. Ag tarraingt ar dheireadh na bliana ceapadh foireann deartha idirnáisiúnta le Plean Srianta Forbartha Imlíne a chur ar fáil don suíomh iomlán. Beidh an obair críochnaithe faoi fhómhar na bliana seo chugainn. Cinnteoidh sé go ndéanfar an fhorbairt is comhardaithe agus is éifeachtaí ar champas an Ospidél.

Tá áit ceannródaíochta i gcóras sláinte na hÉireann ag Ospidéal San Séamas ina gcuireann sé raon de speisialtachtaí tríú agus ceathrú leibhéal ar fáil. Is cuspóir príomha de chuid an Ospidéil é 'lárionad feabhais' ar chaighdeán idirnáisiúnta a dhéanamh de na speisialtachtaí sin chun cóireáil den scoth a chinntiú d'othair.

Thug roghnú Ospidéal San Séamas mar cheann de na ceithre príomhionaid d'fhorbairt seirbhísí Oinceolaíochta Radaíochta spreagadh mór don chuspóir seo. Cuirfidh sé ar chumas an Ospidéil forbairt a dhéanamh ar cheann de na speisialtachtaí lárnacha a bhfuil bonn seirbhíse an-leathan aige cheana féin, agus raon

seirbhísí trasdisciplíneach cuimsitheach agus lánpháirtithe den scoth a chruthú a bhaineann le gach réimse de chúram ailse. Is é an tOllamh Donal Hollywood a stiúraigh an aighneacht a raibh an dea-thoradh seo air. Tá ár mbuíochas ag dul dó féin agus dá fhoireann.

Ní féidir seirbhísí ceannródaíochta mar an Lárionad Cúram Ailse a bhaint amach gan tacaíocht ó oideachas agus ó thaighde liachta d'ardchaighdeán. Agus é seo á aithint tá an tOspidéal i mbun cainte le Coláiste na Tríonóide le tamall faoi struchtúir nua a chuirfeadh leis an teagasc agus leis an taighde. Rinneadh dul chun cinn mór sna cainteanna seo i 2005. Scrúdaíodh samplaí ó mhórthimpeall an domhain agus thángthas ar aon fhocal gur chóir go mbeadh leibhéal ard lánpháirtithe idir an tOspidéal agus Scoil Liachta Choláiste na Tríonóide le misin teagaisc agus taighde an dá institiúidí a ailíniú níos dlúithe. Táthar ag súil an idirbheartaíocht a thabhairt chun críche sa bhliain amach romhainn.

Tugadh léiriú ar an tábhacht a bhaineann le lánpháirtiú obair an Ospidéal agus obair na scoil leighis i rith na bliana nuair a chuaigh foireann comhairleoirí ón Ospidéal, faoi cheannas an Dr. James Meaney, i bpáirt le heolaithe ó Choláiste na Tríonóide agus bhuaigh mórdheontas ón mBord Taighde Sláinte chun Ionad d'Ardíomháú Liachta a chur ar bun. Is é an comhaontas seo idir taighde cliniciúil agus eolaíocht bhunúsach an bealach is cinnte le hurfhuascailtí nua a bhaint amach sa mhíochaine.

Ar a lán bealaí d'fhéadfaí a rá gur annus mirabilis a bhí sa bhliain 2005 don Ospidéal. Tá súil againn go leanfaimid ar aghaidh chomh maith céanna ag díriú ar an sármhaitheas.

Thomas N. Mitchell
Cathaoirleach



TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



An tUasal John O'Brien
PRÍOMHFHEIDHMEANNAICH

Is mór agam réamhrá a chur leis an tuarasáil seo ar fheidhmíocht an Ospidéil do 2005.

Fearacht blianta roimhe sin dhírigh bainistíocht fheidhmitheach phríomha agus oibríochta do 2004 ar leibhéal phleanáilte seachadadh seirbhíse a bhaint amach laistigh d'ímlíní caighdeán agus airgeadais a bhí sonraithe mar a bhí leagtha amach i bPlean Seirbhíse an Ospidéil. I gcoinne na dtomhas sin bhí na torthaí don bhliain an-sásúil.

Chomhlíon gníomhaíocht thar phríomhraon seirbhísí othar leibhéal torthaí a bhí pleanáilte agus cinn na mblianta roimhe sin nó rinne níos fearr fós. Tá roinnt samplaí anseo thíos:

	2004	Pleanáilte 2005	Iarbhír 2005	% ARDÚ	
				2004 / 05	Pleanáilte vs Iarbhír / 05
Othair chónaitheacha	23,816	22,006	23,388	(< 2%)	6%
Othair Lae	57,230	42,775	62,492	9%	46%
Othair Sheachtrach	165,968	166,307	167,453	1%	1%

Siúd is gur tharla cuid mhaith feabhais ó thaobh sruthú othar i gcuid mhaith tréimhsí den bhliain de bharr chomh maith agus a d'éirigh leis an Aonad Iontrála Géarliachta (AMAU) tharla deacrachtaí rochtana arís ó thaobh othar cónaitheach – roghnach agus éigeandála araon -de bharr ardú leanúnach ar an líon daoine ar bhain moill lena scaoileadh amach agus ráta tabhairt isteach tríd an Roinn Éigeandála amach sa bhliain 2005.

Is é an fachtóir struchtúrtha aonair is mó a chuireann cosc ar thoradh ó thaobh soláthar rochtana inghlactha ar bhonn inmharthana san Ospidéal ná teorainneacha ar acmhainní leapacha a thagann ó líon neamhinmharthana moilleanna ar dhaoine a ligean amach. Ní mór monatóireacht ghrinn agus iniúchadh a dhéanamh freisin ar an ardú seasta ar rátaí tabhairt isteach atá ag tarlú tríd an Roinn Éigeandála. Má leanann patrúin 2005 agus muid ag dul ar aghaidh d'éireodh méid na ndeacrachtaí acmhainne othar cónaitheach atá roimh an Ospidéal i bhfad níos measa.

Lean feidhmíocht othar cónaitheach ag dul ar aghaidh le linn 2006 agus dealraíonn sé go mbeidh tuilleadh borradh faoi le cumas méadaithe sa réimse seo a thiocfaidh le hoscailt phleanáilte shaoráidí Chéim 1 H in 2005. Arís ar ais chinntigh tionscnamh liosta feithimh ar éirigh go maith leis agus a fuair cúnamh maith ó NTPF agus a chlúdaigh seirbhísí othair lae agus in-othar gur cothabhaíodh stádas an Ospidéil maidir le soláthar sprioca Náisiúnta sa réimse sin. Údar imní fós amanna feithimh othar seachtrach agus theastódh tuilleadh aird ón ábhar sin le linn 2006.

In aghaidh an chúlra sin rinne an tOspidéal feidhmíocht mhaith airgeadais, taifeadadh sa bhliain mionbharrachas de €0.367m ar leithroinnt Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (HSE) de €319.387m. Comhthreomhar leis seo chuir an tOspidéal tionscadail chaipitiúla chun cinn go héifeachtach agus go héifeachtúil ar chaiteachas/mhaoiniú €10.770m. Rinneadh sin trí leanúint go dlúth agus ar bhonn fianaise le riachtanais airgeadais le Gníomhaíochtaí Íocachtaí seachtracha agus tuilleadh forbartha ar chóras rialaithe airgeadais feidhmíochta inmheánaí láidre san Ospidéal. Tá an riachtanas ann fós áfach réiteach go cinnte a fháil ar chonstaic maoinithe bonnlíne leanúnach.

Bhí freagairt na foirne ó thaobh mhéid na seirbhíse agus leanúint le hardchaighdeán i gcúinsí brú mór pearsanta agus acmhainní an-éifeachtach agus an-nuálach.

Rinneadh roinnt forbairtí tábhachtacha san Ospidéal le linn 2005 go háirithe na cinn seo a leanas:

Na seirbhísí atá fágtha laistigh d'fhorbairt chéim 1H a oscailt, agus is iad sin

- Aonad othar seachtrach agus máinliacht lae
- Aonad othar seachtrach agus ionscópachta lae
- Aonad othar seachtrach agus haemaiteolaíochta/oinceolaíochta lae
- barda 31-leaba d'othair chónaitheacha

Oscailt Roinn Éigeandála níos mó a mbeadh na seirbhísí seo a leanas inti:

- Aonad measúnaithe pianta cléibhe
- Aonad Breathnóireachta
- Aonad chúram criticiúil
- Aonad éigeandála ginearálta

Forbairt Shaoráid Eatramhach Eitinne bunaithe in Ospidéal 5. Soláthairtí chun trealamh tábhachtach a athsholáthar/a fheabhsú, go háirithe:

- Trealamh míochaine máinliachta agus X-ghathaithe
- Athsholáthar infrastructúir ghinearálta
- Córas rianú fola haemophilia
- Trealamh saotharlainne
- Trealamh cairdeolaíochta
- Trealamh lónadóireachta
- Athsholáthar feithicle otharchairr
- Trealamh crióbhitheolaíochta
- Infrastructúr leictreach
- Córas Teachtaireachta IT dhochtúir teaghlaigh
- Infrastructúr seirbhíse SARI

Cur i bhfeidhm céimneach an Chóras Bainistithe Íomhánna Comhtháite (lena n-áirítear PACS) le linn 2005 le dul beo iomlán beartaithe do thús 2006.

Forbairt leanúnach ar Chórais Bainistithe Airgeadais/Ábhar PPAR agus SAP ag an Ospidéal

Tús á chur leis an bPlean Rialú Forbartha Imlíne athnuaithe don champus. Cur chun cinn forbairtí seirbhíse sna réimse seo a leanas:

- Forbairtí ar phlean deich bpointe na Roinne Taisme agus Éigeandála
- Acmhainneacht othar cónaitheach bhreise (27 leaba)
- Scála méadaithe i seirbhísí siacitracha
- Seirbhísí Eitinne eatramhacha
- Seirbhís Siomptómach Chíche
- Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta
- Clár Forbartha Bainistíochta Riosca
- Forbairtí GP - Ionad don Eacnamaíocht Chógasaíochta
- Straitéis Sláinte Cardashoithíoch - ceapadh an chúigiú Cairdeolaí
- Forálacha sábháiteachta agus sláinte ceirde
- Feabhsú i seirbhísí Diaibéitis

Ceapacháin comhairligh i gcomhthéacs Chéim Fhorbartha 1H do:

- Ainéistéitic
- Ionscópacht
- Máinliacht
- Seirbhísí Crió-chaomhnú
- Seirbhísí Ailse
- Seirbhísí Sícoinceolaíochta Réigiúnacha


Tríd is tríd tá an tOspidéal tar éis a chomhaontú faoi Phlean Soláthróra leis an ERHA ag leibhéal seirbhíse, forbartha agus i dtéarmaí airgeadais a sheachadadh go hiomlán agus go maith do 2005.

Mar fhocal scoir baineadh nithe amach in 2005 trí fhreagairtí eisceachtúla leanúnacha agus dhúthracha na foirne san Ospidéal. Glacaim buíochas leo as a dtacaíocht, a ndílseacht agus a dtiomantas leanúnach agus iad ag coinneáil agus ag cur chun cinn stádas an Ospidéal anseo in Éirín agus go hIdirnáisiúnta. Beidh mé ag súil lena dtacaíocht agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshlána a bheidh romhainn gan dabht in 2006 agus níos faide anonn.

John O'Brien,

Príomh-Fheidhmeannach

BUAICPHOINTÍ FEIDHMÍOCHTA



Iomlán Freastail Othar Seachtrach de réir Speisialtachta 2005

Speisialtacht	Nua	Ar ais	Iomlán
Timpiste & Éigeandála	706	88	794
Ainistéiseacha	210	200	410
Cairdeolaíocht	2,144	6,487	8,631
Deirmeolaíocht	2,531	2,740	5,271
E.N.T.	1,939	2,021	3,960
Inchríneolaíocht	833	2,314	3,147
Gastreintreolaíocht	2,301	6,642	8,943
GUIDe	7,102	9,622	16,724
Gínéiceolaíocht	1,197	2,268	3,465
Haemaiteolaíocht	233	1,362	1,595
Haemophilia	1,026	4,898	5,924
Díonacht Chliniciúil	287	363	650
Mascail	3,686	4,933	8,619
Liacht	2,179	5,549	7,728
Liacht do Dhaoine Scothaosta	1,650	1,873	3,523
Neifreolaíocht	189	821	1,010
Néareolaíocht	676	829	1505
Oinceolaíocht	241	2,779	3,020
Oftailmeolaíocht	735	1,532	2,267
Máinliach Ortaipéideach	3,546	6,296	9,842
Faoiseamh Péine	74	79	153
Cúram Maolaitheach	28	22	50
Máinliacht Phlaisteach	4,126	5,455	9,581
Síciatracht	916	7,966	8,882
Radaiteiripe	254	192	446
Liacht Riospráide	1,498	4,301	5,799
Réamaiteolaíocht	821	3,249	4,070
Liacht Ghinearálta	4,699	4,376	9,075
Máinliacht Chairdeatóracsach	477	816	1293
Úireolaíocht	1,172	1,153	2,325
Máinliacht Shoithíoch	3,137	1,851	4,988
Clinic Warfarin	576	23,187	23,763
Iomlán ar Fad	51,189	116,264	167,453

Stádas an Liosta Feithimh 31/12/04 – 31/12/05 do speisialtachtaí spriocdhírthe i dtionscnamh an Liosta Feithimh

Speisialtacht	Tréimhse	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	lomlán
ENT	31/12/2004	25	15	9	7	0	0	0	0	0	0	56
	31/12/2005	15	16	17	14	11	8	3	5	5	0	94
	% athraithis	-40%	7%	89%	100%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	68%
Úireolaíocht	31/12/2004	14	25	18	5	5	1	0	0	0	0	68
	31/12/2005	29	6	13	9	1	2	3	3	14	1	81
	% athraithis	107%	-76%	-28%	80%	-80%	100%	0%	0%	0%	0%	19%
Gíniceolaíocht	31/12/2004	19	14	3	5	0	0	0	0	0	0	41
	31/12/2005	18	15	10	9	10	6	4	2	2	0	76
	% athraithis	-5%	7%	233%	80%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	85%
Mascaill	31/12/2004	4	15	9	7	0	0	0	0	0	0	35
	31/12/2005	17	10	3	2	9	7	6	4	20	0	78
	% athraithis	0%	-33%	-67%	-71%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	123%
Ortaipéidic	31/12/2004	17	24	21	14	0	0	0	0	0	0	76
	31/12/2005	4	6	9	8	10	3	4	4	8	0	56
	% athraithis	-76%	-75%	-57%	-43%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	-26%
Máinliacht Phlaisteach	31/12/2004	37	44	17	8	2	3	0	0	0	0	111
	31/12/2005	21	35	23	25	14	15	10	15	21	0	179
	% athraithis	-43%	-20%	35%	213%	600%	400%	0%	0%	0%	0%	61%
Máinliach Ghinearálta	31/12/2004	44	23	24	31	9	8	0	0	0	0	139
	31/12/2005	32	21	27	29	27	17	21	17	26	0	217
	% athraithis	-27%	-9%	13%	-6%	200%	113%	0%	0%	0%	0%	56%
Máinliacht shoithíoch	31/12/2004	47	44	60	43	0	0	0	0	0	0	194
	31/12/2005	17	27	36	16	16	21	6	6	20	0	165
	% athraithis	-64%	-39%	-40%	-63%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	-15%
Máinliacht Chairdeatóracsach	31/12/2004	17	35	29	23	0	0	0	0	0	0	104
	31/12/2005	13	14	18	12	14	12	4	5	7	1	100
	% athraithis	-24%	-60%	-38%	-48%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	-4%
Gastreintreolaíocht	31/12/2004	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
	31/12/2005	1	1	0	0	0	0	0	0	1	0	3
	% athraithis	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%
Go Léir	31/12/2004	224	239	190	143	16	12	0	0	0	0	824
	31/12/2005	167	151	156	124	112	91	61	61	124	2	1049
	% athraithis	-25%	-37%	-18%	-13%	600%	658%	0%	0%	0%	0%	27%

Teilgin an Phlean Seirbhíse 2006/2005 Aschur

Gníomhaíocht	2005 Gníomhaíocht Teilgthe	2005 Iarbhír	Athrasas sa Luach	0%
Scaoileadh				
Amach lomlán	22,006	23,388	1,382	6%
Iomlán Freastail				
Chúram Lae	42,775	62,492	19,717	46%
Othar seachtrach				
Nua	51,542	51,189	-353	-1%
Iardain	114,765	116,264	1,499	1%
Iomlán na nOthar Seachtrach	166,307	167,453	1,146	1%

Iontrálacha ó thaobh Aoisghrúpa (2005)

Aois	% Iomlán Iontrálacha	Iomlán
< 16	< 1%	58
16-65	64%	15,318
66-75	16%	3,886
76+	19%	4,505
Iomlán ar Fad		23,767

*Gníomhaíocht NTPF san áireamh

Aois an Fhreastail ar an Roinn Éigeandála Nua (2005)

Aois	% Iomlán Iontrálacha	Iomlán
< 16	< 1%	182
16-65	79%	32,552
66-75	9%	3,630
> 76	12%	4,960
Iomlán ar Fad		41,324

*Gníomhaíocht NTPF san áireamh

Liosta Feithimh Mháinliacht Lae Ospidéal San Séamas amhail an 31ú Nollaig 2005

Achoimre	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	lomlán
Liosta Feithimh DSU ar an 31/12/2004	263	173	74	33	19	10	2	1	2	0	577
Liosta Feithimh DSU ar an 31/12/2005	181	215	154	104	96	69	76	85	218	17	1,215
Athraitheas	-31%	24%	108%	215%	405%	590%	3700%	8400%	10800%	0%	111%

Achoimre	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	lomlán
Ainéistéitic	18	28	16	8	12	4	0	2	2	0	90
Deirmeolaíocht	2	15	8	6	1	6	2	0	0	0	40
E.N.T.	6	9	13	3	2	0	2	2	4	0	41
Gíniceolaíocht	8	9	2	5	5	1	5	2	6	0	43
Mascaill	10	27	20	12	14	10	18	18	86	14	229
Ortaipéidic	11	6	10	4	4	3	1	3	0	0	42
Teiripe Péine	1	0	2	1	0	0	0	1	0	0	5
Máinliacht Phlaisteach	77	82	53	44	40	38	40	52	56	1	483
Máinliacht Ghinearálta	33	29	19	14	11	6	3	2	3	0	120
Úireolaíocht	15	10	11	7	7	1	5	3	61	2	122
lomlán	181	215	154	104	96	69	76	85	218	17	1,215

*Tabhair ar aird le do thoil gurb iad na hothair phoiblí a bhíonn ag feitheamh amháin atá léirithe sa liosta.

lomlán Freastail Chúram Lae 2005

Speisialtacht	lomlán
Cairdeolaíocht	3,192
Deirmeolaíocht	4,082
Ionad Lae Diabéitis	10,898
E.N.T.	192
Máinliacht Ghinearálta	3,868
GUIDe	3,111
Gíniceolaíocht	194
Haemaiteolaíocht	7,400
Imdhíoneolaíocht	267
Mascaill	42
Liacht	11,558
Néareolaíocht	916
Oinceolaíocht	9,892
Máinliacht Ortaipéidice	156
Faoiseamh Péine	222
Máinliacht Phlaisteach	2,839
Ionad Lae Réamaiteolaíochta	3,090
Úireolaíocht	900
Mór-lomlán	62,819

* Gníomhaíocht NTPF san áireamh

Freastal ar an Roinn Éigeandála (2005)

lomlán Freastail Nua	41,324
lomlán Freastail Iardain	2,395
lomlán	43,719

* Gníomhaíocht NTPF san áireamh

Gníomhaíocht Othar Cónaitheach - Scaoileadh amach de réir Speisialtachta 2005

Speisialtacht	lomlán
Cairdeolaíocht	2,713
Deirmeolaíocht	30
E.N.T.	591
An Roinn Éigeandála	1,162
GUIDe	381
Gíniceolaíocht	595
Haemaiteolaíocht	782
Imdhíoneolaíocht	5
Mascaill	1,119
Liacht	6,264
Liacht do Dhaoine Scothaosta	821
Neifreolaíocht	70
Néareolaíocht	104
Oinceolaíocht	1,180
Máinliacht Ortaipéadach	1,161
Máinliacht Phlaisteach	1,528
Síciatracht	602
Réamaiteolaíocht	570
Máinliacht Ghinearálta	2,023
Máinliacht Thórcsach	910
Úireolaíocht	485
Máinliacht Shoithíoch	628
Mór-lomlán	23,724

* Gníomhaíocht NTPF san áireamh

Liosta Feithimh Othar Seachtrach Ospidéal San Séamas amhail an 31ú Nollaig 2005

Achoimre	30	60	90	180	365	> 365	lomlán
Liosta Feithimh OPD amhail an 31/12/2004	2,053	1,585	673	1,273	623	3	6,210
Liosta Feithimh OPD amhail an 31/12/2005	1,870	1,773	846	1,234	728	12	6,463
Athraitheas	-9%	12%	26%	-3%	17%	300%	4%

Achoimre	30	60	90	180	365	> 365	lomlán
Ainéistéitic	42	34	13	16	0	0	105
Cairdeolaíocht	155	44	20	4	1	0	224
Deirmeolaíocht atology	178	273	49	43	14	0	557
Seirbhís Diaibéiteach	15	26	52	75	110	0	278
Diaibéiteas/Inchríneolaíocht	3	3	3	6	0	0	15
E.N.T.	188	109	27	63	69	0	456
Inchríneolaíocht	49	40	39	27	0	0	155
Gastreintreolaíocht	83	124	42	67	0	0	316
Liacht do Dhaoine Scothaosta	80	16	4	0	0	0	100
GUIDe	32	4	0	0	1	0	37
Gíniceolaíocht	67	27	3	14	1	0	112
Haemateolaíocht	27	30	2	0	0	0	59
Heipiteolaíocht	28	35	12	3	0	0	78
Imdhíoneolaíocht	39	17	4	39	0	0	99
Macsail	67	57	58	28	23	0	233
Liacht	43	6	0	0	0	0	49
Neifreolaíocht	6	11	10	2	0	0	29
Néareolaíocht	59	85	24	57	0	0	225
Oinceolaíocht	6	1	1	0	0	0	8
Oftailmeolaíocht	13	12	2	1	0	0	28
Ortaipéidic	58	74	52	225	139	0	548
Cúram Maolaitheach	11	0	0	0	0	0	11
Máinliacht Phlaisteach	133	194	128	218	324	0	997
Síciatracht	17	22	4	0	0	0	43
Liacht Siceolaíochta	6	3	0	0	0	0	9
Radaiteiripe	4	0	0	0	0	0	4
Liacht Riospráide	44	81	38	11	0	0	174
Réamaiteolaíocht	49	64	132	202	0	0	447
Máinliacht Ghinearalta	165	209	46	57	0	0	477
Máinliacht Thórcsach	31	5	0	1	0	0	37
Úireolaíocht	94	79	43	75	46	12	349
Máinliacht Shoithíoch	71	88	38	0	0	0	197
Warfarin Clinic	7	0	0	0	0	0	7
Mór-lomlán	1,870	1,773	846	1,234	728	12	6,463

Nóta: Léiríonn an tuarascáil seo an méid ama a bhí othar ag feitheamh ón dáta a rinneadh an áirithint go dtí dáta na tuarascála i.e. 31ú Nollaig 2005





RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITIS AIRGEADAIS

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse tuairiscithe 1ú Eanáir 2005 go dtí 31ú Nollaig 2005

	2005	2004
	Dréacht Neamhniúchta	Deiridh
	€'000	€'000
Easnamh/(Barrachas) Tosaigh	-1,299	-185
Caiteachas Pá	215,414	191,035
Caiteachas Neamh-Phá	143,964	135,848
Ollchaiteachas	358,079	326,698
Ioncam	-40,358	-36,467
Glan-Chaiteachas don bhliain	317,721	290,231
Cinneadh don bhliain	319,387	291,530
Easnamh/(Barrachas) Deiridh	-1,666	-1,299

Clár Comhardaithe amháil an 31ú Nollag 2005

	2005	2004
	Dréacht Neamhniúchta	Deiridh
	€'000	€'000
Sócmhainní Dochta		
Talamh agus Foirgnimh	177,496	176,699
Gléasra agus Feithicí	32,609	30,596
	210,105	207,295
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe	47,981	47,001
Stoic	8,519	7,814
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	222	207
	56,722	55,022
Creidiúnaithe - níos lú ná bliain amháin		
Creidiúnaithe	-47,600	-49,757
Rótharraingt Bhainc	-7,456	-3,967
	-55,056	-53,724
Glan-Sócmhainní Reatha		
	1,666	1,299
Iomlán na Sócmhainní	211,771	208,594
Creidiúnaithe - níos mó ná bliain amháin		
Iasachtaí Bainc	-4,875	-6,405
Iomlán na nGlan-Sócmhainní		
	206,896	202,189
Caipiteal agus Cúlchistí		
Barrachas/(Easnamh) an Chuntais Ioncaim & Caiteachais Neamh-Chaipitil	1,666	1,299
Easnamh an Chuntais Ioncaim & Caiteachais	-4,875	-6,405
Cuntas Caipitlithe	210,105	207,295
	206,896	202,189



An tUasal Brian Fitzgerald
RIALTÓIR AIRGEADAIS

Laura Richardson Uasal
LEAS-RIALTÓIR AIRGEADAIS /CUNTAÍOIR BAINISTÍOCHTA

Yvonne Mooney Uasal
CUNTAÍOIR AIRGEADAIS (GNIÓMACH)

Léiríonn na dréachtRáitis Airgeadais don tréimhse tuairiscithe 1ú Eanáir 2005 go dtí 31ú Nollaig 2005 barrachas €367,000. Bhí ollchaiteachas €358.079m ag an Ospidéal, agus bhí €359.745m ann idir ioncam agus maoiniú ón státchiste. Sa bhreis ar bharrachas 2005 bhí barrachas tosaigh de €1.299m ag an Ospidéal a tugadh ar aghaidh ó 2004. Ba é an glanbharrachas a tugadh ar aghaidh dá thoradh sin ar an 31ú Nollaig 2005 ná €1.666m.

FORLÉARGAS AR CHAITEACHAS AGUS IONCAIM

Tá ardú €27.490m (9.5%) tagtha ar an nglanchaiteachas le hais 2004. De sin d'ardaigh an caiteachas pá €24.379m (12.8%), d'ardaigh an caiteachas neamhphá €8.116m (6%) agus d'ardaigh loncam €3.891m (10.7%).

Bhain na príomhghnéithe arduithe/laghduithe sa chaiteachas agus san ioncam don bhliain leis na nithe seo a leanas:

TUAIRISC AR CHAITEACHAS

Baineann le Párolla	
Dámhachtainí Náisiúnta Pá (Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn & Binsemharcáil)	€10.402m
Incrimintí Pá	€1.875m
Tionchar párolla ag forbairtí seirbhíse agus ag leanúint d'fhorbairtí na bliana roimhe sin	€10.935m
Breisthe ragoibre/gníomhaireachta/agus párolla eile	€0.829m
Pinsin/aisc ardaithes agus cnapshuimeanna	€0.338m
Fo-iomlán Párolla	€24.379m
Nach mbaineann le pá ná le hioncam	
Drugáil agus cógais leighis	€3.118m
Fuil/táirgí fola	€3.573m
Earraí liachta agus máinliachta inchaite	€2.441m
Costais árachais (laghdú)	(€0.664m)
Foráil d'fhiacha amhrasacha	(€0.689m)
Arduithe i gcatagóirí éagsúla maidir le cóireáil othar agus boilsciú faoi anáil ghníomhaíochta, teicniúil agus ginearálta	€0.337m
Fo-iomlán nach mbaineann le pá	€8.116m

Baineann le hioncam

Ardaithes ar ioncam ó chóiríocht othar	€3.408m
Aoisliúntas – ranníocaíochtaí pinsin fostaithe ardaithes	€0.963m
Méadú ar ioncam seachtrach - paiteolaíocht/drugaí/cógais leighis/eile	(€0.480m)
Fo-iomlán a bhaineann le hioncam	(€3.891m)

TRÁCHTAIREACHT

Ba thoradh an mhaith go deo a bhí sa bharrachas €367,000 ag deireadh na bliana nuair a chuirtear brúnna boilscithe pá agus forchostas san áireamh chomh maith leis na dúshláin maidir le héileamh seirbhíse othair a d'éascair i 2005; e.g. an fás ar chostais a bhaineann le cóireáil drugaí don oinceolaíocht/haemaiteolaíocht, seirbhísí diagnóiseacha, raideolaíochta & cairdeolaíochta idirghabhálach, costais altranais agus freastalaithe ó ghníomhaireachtaí a bhaineann leis an moill ar scaoileadh amach othar toisc nach mbíonn leapacha ar fáil i dtithe altranais.

Tháinig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in áit struchtúir iarmharaigh an Bhoird Sláinte ar an 1ú Eanáir 2005, agus mar gheall air seo b'éigean do bhainistíocht an Ospidéal iad féin a chur in oiriúint do phróiseas maoinithe agus coimisiúnaithe seirbhíse a bhí athraithe. Bhí an idirbheartaíocht faoi mhaoiniú níos casta i mbliana ná mar a bhí blianta eile agus níor tugadh chun críche í go dtí deireadh mhí na Nollag.

Tá na Stiúrthóirí Cliniciúla, na Bainisteoirí Corparáide agus na foirne Bainistíochta éagsúla le moladh ar a bhfeidhmíocht bainistíochta airgeadais.

Níl an t-iniúchadh ar na cuntais tugtha chun críche go fóill agus ba chóir a thabhairt ar aird nach bhfuil iniúchadh déanta ar na torthaí seo atá tuairiscithe, cé nach bhfuiltear ag súil go dtarlóidh aon athrú ábhartha.

SAMHAIL MHAOINITHES AN MHEASCÁIN CÁSANNA

Bhí toradh diúltach ar shamhail mhaoinithe an mheascáin cásanna a léirigh gníomhaíocht agus costas don bhliain fhéilire 2005. Fágadh coigeartú maoinithe diúltach €829,000 i 2005 le hais €560,000 i 2004.




CAITEACHAS CAIPITIL/INFRASTRUCHTÚIR

Ba €10.770m a bhí sa chaiteachas ar mhórhionscadail agus ar mhionhionscadail chaipitil i 2005 le hais €15.440m i 2004. Chomh maith leis seo d'infheistigh an tOspidéal thart ar €5.968m ó fhoinsí maoinithe ioncaim ar fheabhsúcháin ar infrastruchtúr agus ar threalamh a athsholáthar. Ba iad na príomhthionscadail chaipitil i 2005 ná athfhorbairt agus leathnú na Roinne Éigeandála agus athchóiriú Ospidéal 5.

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL AIRGEADAIS

Cuireadh tús le hathbheithniú ar an struchtúr eagraíochtúil airgeadais i 2005. Bhain athbheithniú ar struchtúr eagraíochtúil na roinne airgeadais atá ann faoi láthair leis an bpróiseas seo mar aon le cleachtais oibre i gcomhthéacs samhalacha eagraíochtúla comhaimsearacha a bhinsemharcáil. Tar éis an phróisis athbheithnithe moladh roinnt athruithe eagraíochtúla agus cuireadh dhá cheann de na hathruithe i bhfeidhm, is iad sin bunú aonaid tiomanta do chomhlíonta cuntasóireachta airgeadais agus athchumraíocht an aonaid chuntasóireachta bainistíochta ina aonad tacaíochta eolais airgeadais ina stiúirthóireacht chliniciúil.

TUARASCÁLACHA AN RANNÁIN CHORPARÁIDE



ACMHAINNÍ DAONNA

An tUasal Michael O'Hagan

CEANN GNÍOMHACH ACMHAINNÍ DAONNA

An tUasal Gerry Heffernan

LEAS-STIURTHÓIR ACMHAINNÍ DAONNA

01/03

DÉANTAR CLÁR ÉAGSÚLACHTA CULTÚRTHA OSPIDÉIL SAN SÉAMAS A CHEILIÚRADH AG IMEACHT MALARTÚ IDIRCHULTÚRTHA A TIONÓLADH I MÍ NA NOLLAG 2005

02

CUIREANN DEASC FÁILTE ACMHAINNÍ DAONNA SEIRBHÍS DUINE LE DUINE AR FÁIL D'FHOIREANN AN OSPIDÉIL

ACMHAINNÍ DAONNA

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna seirbhís chuimsitheach ar fáil don fhoireann agus don bhainistíocht chun tacú le cuspóirí an Ospidéil agus lena chinntiú go ndéantar leasanna foirne a chomhlíonadh. Cothaítear caidrimh láidre le gníomhaireachtaí eile agus bíonn an Roinn Acmhainní Daonna páirteach i roinnt grúpaí oibre chun polasaí náisiúnta agus réigiúnacha na hearnála sláinte a fhorbairt.

FOGHLAIM & FORBAIRT

Tacaíodh le riachtanais foghlama agus forbartha na foirne trí chlár a bhí á n-eagrú agus á rith ag an Lárionad Foghlama agus Forbartha. Faoin bPlean Gníomhaíochta do Bhainistiú Daoine rinne an HSE -Réigiún an Oirthir urraíocht ar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Scileanna Cumarsáide
- Maoirseoireacht Chliniciúil
- Oiliúint
- Inniúlachtaí
- Tógáil Foirne
- Cúram Custaiméirí
- Téarmeolaíocht Liachta
- Pleanáil Forbartha Pearsanta
- Forbairt Bhainistíochta

I rith 2005, rith an tlonad cúrsaí oiliúna ar threorú agus insealbhú foirne, oiliúint ríomhaireachta, gluaiseachta agus láimhseáil, CPR, ACLS, Clárlann Ailse agus topaicí a bhaineann le haltranas. Fuarthas maoiniú le hoiliúint a chur ar 80 bainisteoir céadlíne agus ionadaí ceardchumann maidir le Caidreamh maith Bainistíochta agus Ceardchumann. D'fhreastail 25 den fhoireann tacaíochta ar Chlár Filleadh ar an bhFoghlaim, maoinithe ag Tionscadal S.K.I.L.L.

CAIDREAMH FOSTAITHE

Seoladh Polasaí Bainistíochta Neamhláithreachta i Meán Fómhair chun a chur ar chumas bainisteoirí líne na cúiseanna neamhláithreachta in a réimsí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Rinneadh é seo tar éis anailise a léirigh go raibh leibhéil an Ospidéil beagán níos airde ná an meán náisiúnta. Aontaíodh spriocanna neamhláithreachta míosúla i ngach roinn lena chinntiú go raibh gach réimse ag obair i dtreo sprioc foriomlán an Ospidéil de neamhláithreachta 3.5%.

Cuireadh dhá thuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta le linn 2005 ag cur síos ar gníomhaireachtaí a bhain le hathrú agus le nuachóiriú, mar a éilítear faoin gcomhaontú Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn. Mar thoradh air seo glacadh go hiomlán le gach ardú pá faoi Ag Coinneáil an dul Chun Cinn agus Binsemharcáil do gach catagóir foirne.



EARCAÍOCHT

I rith 2005, próiseáladh 460 comórtas earcaíochta ina iomlán, 28 díobh ag leibhéal sinsearach. Chomh maith leis seo athraíodh stádas sealadach 126 fostaí go stádas buan ag teacht le forálacha an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Chinnte) 2003. Rinneadh mórthionscadal freisin chun gach conradh sealadach a bhí ann a thabhairt cothrom le dáta agus béim ar mhonatóireacht mhíosúil leanúnach ar dhátaí deiridh conarthaí.

Tar éis meastóireacht ar an scéim phiolótach do na Foirmeacha Ceadú Folúntais (VAFanna) ar líne leathadh an próiseas tuilleadh go dtí na stiúrthóireachtaí i rith na bliana. Measadh gurb é an cumas VAF a rianú tríd an gcóras an buntáise is mó d'úsáideoirí.

Cuireadh tús le hiniúchadh seachtrach faoin tionscadal Equal at Work le comhlíonadh an Ospidéil ó thaobh deachleachtais i nósanna imeachta earcaíochta agus ardaithe céime a mheas. Rinne na hiniúcháirí anailís ar na cleachtais atá ann faoi láthair, thugadar grúpaí fócais le chéile díobh siúd a earcaíodh nó a fuair ardú céime le 12 mhí anuas agus rinne anailís ar thorthaí de bhreis agus 700 ceistneoir a cuireadh chucu siúd a bhí páirteach i gcomórtais roghnaithe. Tá an tuarascáil deiridh ceaptha a bheith ar fáil i 2006 agus forbrófar plean gnímh ina dhiaidh sin le aghaidh a thabhairt ar aon saincheist a aithnítear.

PEARSANRA LIACHTA

In Aibreán 2005, rinneadh staidéar Anailíse Gníomhaíochta Ospidéil coicís de ghníomhaíochta oibre NCHD thar thréimhsí leanúnacha 24 uair a chloig faoi choimirce Ghrúpa Feidhmithe Áitiúil Ospidéil San Séamas. Bhí an staidéar seo, arb é an chéad cheann dá leithéid a rinneadh i Seirbhís Sláinte na hÉireann, ar cheann de naoi staidéar a rinneadh ar bhonn náisiúnta le mioneolas ar ghníomhaíochtaí cliniciúla an NCHD a chur ar fáil. Coimisiúnaíodh tuarascáil neamhspleách agus foilsíodh ina dhiaidh sin í. Tá na cinntí a bhí sa tuarascáil tar éis bonn eolais a chruthú a chuideoidh le Grúpa Feidhmithe Áitiúil an Ospidéil aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha a d'eascair de bharr fhorálacha na Treorach um Am Oibre ón Eoraip d'fhoireann leighis an NCHD.

TUARASCÁLACHA AN RANNÁIN CHORPARÁIDE



01



02



03

SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE AGUS BAINISTÍOCHTA (IMS)



An tUasal Martin Buckley
BAINISTEOR IMS

Marie Sinnott Uasal
BAINISTEOR OIBRÍOCHTAÍ ICT

Annamarie Dooley Uasal
BAINISTEOR TIONSCADAL ICT

An tUasal Finian Lynam
EOLAS BAINISTÍOCHTA (MIS)

An tUasal Gerry Sullivan
BAINISTEOR SAOTHARLAINNE ICT

01/02

CÓRAS CAREVUE Á ÚSÁID SA BHARDA AGUS COIS NA LEAPA

03

CÓRAS IT NA HOBRÁDLAINNE IN ÚSÁID

RÉAMHRÁ

Cuireann an Roinn IMS creat Seirbhísí Eolais ar fáil chun tacú le gach gné de ghnó an Ospidéil.

I rith 2005, choinnigh an Roinn uirthi ag glacadh páirte sa Ghrúpa Chaighdeán Sonraí a bunaíodh ag an Ospidéal agus d'oibrigh chun ullmhú d'aighneacht fhoireann Bhainistíochta Eolais le creidiúnú a fháil. D'éagraigh an Roinn aighneacht liostaí feithimh an Ospidéil do sheoladh Clár Cóireála Othar an Chiste Ceannaigh Cóireála Náisiúnta (NTPF). Cuireadh seisiúin oiliúna PAS ar fáil in aghaidh na míosa d'Altraí.

TIONSCADAIL ICT

Tábla de na Tionscadail ICT a Rinneadh

Eanáir - Márta 2005

PaRIS/EPR	Ullmhú Foirne PaRIS/EPR agus trí sheachtain dianoiliúna don fheidhmiú.
Deachtú Digiteach	Leathadh amach go dtí an tIonad Náisiúnta um Neamhaird Téachtaithe Oidhreachtúil
OHYSS	Cur i bhFeidhm Chéim I den Chóras Sláinte Ceirde
ADOS	Bogearraí íomháu doiciméid á leathadh go Teiripe Uirlabhra agus Teanga

Aibreán - Meitheamh 2005

ADAM	Leathadh amach an Chórais Ionscópachta go dtí na Seomraí Ionscópachta nua i gCéim IH
Aistí Bia Speisialta	Uathoibriú ar ordú aistí bia speisialta in áit an phróisis láimhe
Safetrack	Uasghrádú an Chórais agus tionscadail gan sreang tugtha chun críche san Ionad Oinceolaíochta/Haemaiteolaíochta
OrderComms	Leathnaithe amach go dtí an tAonad Meastóireachta Riospráide
SCOPE	Giniúint staitisticí ó PAS ag teacht in áit staitisticí a cuireadh le chéile de lámh do Theiripe Ceirde agus Cothú Cliniciúil
Achoimre ar Scaoileadh Amach Leictreonach	Leathadh amach go dtí gach réimse den Ospidéal

Iúil - Meán Fómhair 2005

Rianú Iníúchta Cliniciúil	(PATS) leathnaithe amach go Úireolaíocht, curtha i bhfeidhm i heipiteolaíocht agus leathnaithe amach go dtí an tAonad Cairdeolaíochta
Diamaint	Céim II de Chóras Diaibéitis (Iníúchadh Cliniciúil/Tuairisciú)
Córas Haemophilia	Barrachód á dhéanamh ar thiúcháin fhachtóra téachtaithe
Córas Oibrádlainne	Leathnaíodh Saifir amach go dtí gach Oibrádlann agus an tAonad Máinliachta Lae
OrderComms	Leathnaithe amach go dtí Sláinte Ceirde
Scríneáil Reiteach	An córas beo anois san Ionad Lae Diaibéiteach
Carevue	Leathnaíodh monatóireacht cois leapa amach go dtí ICU Ginearálta

Clár Cóireála	Othar seolta ag an NTPF – bogearraí feabhsaithe le rannpháirtíocht Ospidéal San Séamas a éascú
Healthlink	Cur teachtaireachtaí GP Healthlink Céim I. Seachadadh leictreonach teachtaireachtaí torthaí Saotharlainne HL7 go dtí Dochtúir Teaghlaigh
Deireadh Fómhair - Nollaig 2005	
Deachtú Digiteach	Histeapaiteolaíochta Céim II
Rianadh Iniúchta Cliniciúil	(PATS) leathnaithe amach go dtí Clinic GUIDe
Quasar	Cuireadh uirlis iniúchta agus cúnamh Theicneolaíoch Quasar i bhfeidhm san Aonad Forbartha Cleachtais Altraí

INFRASTRUCHTÚR ICT

Rinneadh roinnt uasghrádaithe teicniúla sa Roinn IMS i rith 2005. Chinntigh na huasghráduithe seo gur baineadh an leas is mó as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus gur cloíodh leis na cleachtais ab fhearr i dTionscal an ICT.

Rinneadh suiteáil agus cumraíocht ar dhélonaid Sonraí don tionscadal PaRIS/EPR. Bhí 31 freastalaí san áireamh leathnaithe amach thar dhá shuíomh le hard-infhaighteacht a chinntiú. Rinneadh mór-uasghrádú cumhachta i mí Lúnasa chun freastal ar an méadú seo. Bhí acmhainneacht bhreisithe UPS san áireamh.

Cuireadh MS-Active Directory i bhfeidhm i mí Iúil rud a thug bainistiú lárnaithe ar chuntais úsáideoirí, boscaí ríomhphoist agus cruá-earraí. Rinneadh uasghrádú ar fhreastalaí ríomhphoist an Ospidéal go Exchange 2003 rud a chuir leis an tslándáil agus leis an bhfeidhmíocht agus a chuir feidhmiúlacht bhreise ar fáil. D'fhág sé seo go raibh feabhas suntasach ar chomhéadan le córais eile agus thug leagan nua de phostas gréasáin isteach.

Fuarthas thart ar 1.5 milliún teachtaireachtaí ríomhphoist i rith na bliana. Spam ab ea 52% díobh seo. Chomh maith leis seo blocádh 120,000 ionsaí víris. Tá sé ríthábhachtach go gcinnteofaí go bhfuil timpeallacht an Ospidéal saor ó spam agus ó víreas agus bíonn cúlchórais á bhforbairt go leanúnach ag IMS le go mbeadh feabhas ar bhrath.

Bhí baint ag an bhfoireann theicniúil le hoscailt an Aonaid Ionscópachta GEMS agus an Aonaid Máinliachta Lae chomh maith le leathnú amach ar Carevue Céim II go dtí ICU ginearálta.

Tábla d'Amanna Freagartha Deisce Cabhrach IMS

Bliain	Líon na nGlaonna				
	0-2 uair	2-4 uair	4-24 uair	3 lá	
2004	13,491	55%	7%	10%	27%
2005	14,255	50%	9%	14%	26%

Fáil ar an gCóras

2005	% d'fháil ar an gCóras
Ean - Nollaig	99.99%

SEIRBHÍSÍ GRÉASÁIN

Faigheann suíomh idirlín Ospidéal San Séamas 16,000 cuairt ar an meán in aghaidh na míosa. I rith 2005, cuireadh 417 doiciméad leis an suíomh Idirlín agus 1,625 doiciméad leis an líonra inmheánach. Glanadh an t-ábhar neamhghníomhach rud a d'fhág go raibh 5,530 leathanach ar an dá suíomh gréasáin.

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras Bainistithe Ábhar Gréasáin i Meán Fómhair. Cuireadh go mór leis an bhfeidhmíocht maidir le luas chun ábhar a chur leis nó mionathruithe a dhéanamh air agus feidhmiúlacht nua ionchorpraithe ann. Bhí 100 duine oilte ann a chuireann ábhar ar fáil a raibh freagracht orthu a réimse freagrachta féin a choinneáil.

Suiteáladh trí bhoth scáileáin tadhaill eile ag Ceaintín CPL, sa phasáiste ICU/CCU agus ag an Roinn Lónadóireachta. Ligeann na bothanna seo do bhaill foirne rochtain a bheith acu ar líonra inmheánach agus ar ríomhphost Ospidéal San Séamas. Is féidir le hothair agus le cuairteoirí teacht ar eolas cuí ar shuíomh idirlín an Ospidéal freisin.

Forbraíodh roinnt foirmeacha idirghníomhacha ar líne chun feabhas a chur ar phróisis eolais laistigh den Ospidéal. Orthu seo áirítear foirmeacha proforma don Fhoireann Ildisciplíneach Oinceolaíochta agus Foirm Imeachta Sábháilteachta Cógais ar líne.



CÓRAIS EOLAIS BHAINISTITHE (MIS) & STATISTICÍ

Lean an t-éileamh ar eolas bainistíochta de bheith ag méadú go háirithe ó thaobh tacú le pleanáil seirbhíse, bainistíú liostaí feithimh, Stiúirthóireachtaí Cliniciúla agus ceanglais an HSE agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Anuas ar thuairisciú corpráideach sceidealta staitisticí, thaifead an Deasc Cabhrach 25 iarratas ar thuarascálacha ad-hoc ar an meán in aghaidh na míosa agus socraíodh 99% díobh seo laistigh de thrí lá oibre.

Tá 80 úsáideoir cláraithe anois ar shaoráid Líonra inmheánach MIS. Baineann an tsaoráid seo úsáid as ailtireacht ollstóir sonraí chorpráideach agus tugann sé cumhacht d'úsáideoirí gnó teacht ar a gcuid eolais trí thimpeallacht dhinimiciúil ghréasánbhunaithe a cheadaíonn druilleáil agus sceannadh a dhéanamh ar shonraí. Leathnaíodh amach an ailtireacht chreata ollstóir sonraí agus rinneadh athshamhlú uirthi chun tacú leis na riachtanais eolais gnó ag eagais atá ag athrú; bhí méadarthachtaí nua agus tréithe gnó san áireamh anseo. Cuireadh roinnt foinsí sonraí nua san áireamh rud a leathnaigh amach acmhainneacht na gcreataí chun tacú le feidhmeanna breise.

D'fhan códail chliniciúil ghníomhaíochta an Ospidéal ag 100%. Glacadh le scéim chódála cliniciúla náisiúnta nua ICD10 agus cuireadh i bhfeidhm go sásúil í. Tugann an scéim chódála nua léiriú níos cruinne ar imeachtaí cliniciúla agus tá sé lárnach i samhail fheabhsaithe Casemix. Ba mhór an cúnamh don phróiseas códála iad na córais eolais othar leictreonacha, go háirithe an fhoirm achoimre leictreonach don scaoileadh amach. D'fhág an córas seo agus córais eile go bhféadfadh códail chliniciúil a bheith níos tráthúla agus níos cruinne. Tá clár leanúnach oideachais agus feasachta ann don fhoireann ghnó agus chliniciúil chun cruinneas agus caighdeán a chinntiú. Bhí réiteach leictreonach idir chórais san áireamh freisin sa chlár dearbhaithe caighdeáin.



AN ROINN UM BAINISTIÚ ÁBHAR

RÉAMHRÁ

Tá an Roinn um Bainistiú Ábhar freagrach as earraí agus seirbhísí a sholáthar don Ospidéal de réir treoracha soláthar Náisiúnta agus an AE, agus polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha. Is é ról na Roinne um Bainistiú Ábhar:

- Seirbhís soláthair agus ceannaigh dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil do gach úsáideoir
- Comhlíonadh rialacháin Náisiúnta agus AE a chinntiú trí pholasaithe/nósanna imeachta a bhaineann le dlí an tsoláthair a chruthú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cleachtas tráchtála is fearr sa soláthar a úsáid agus a chinntiú ar an mbealach seo go mbaintear luach ar airgead amach
- Cleachtais agus nósanna imeachta bainistithe fardail cuí a fhorbairt agus a choinneáil
- Monatóireacht feidhmíochta a dhéanamh ar gach gné lárnach de Bhainistiú Ábhar



Miriam Kenny Uasal
BAINISTEOR ÁBHAR


Donna McSorley Uasal
BAINISTEOR CONARTHAI

An tUasal Edward Grahame
BAINISTEOR DÁILTE AGUS SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ

FORLÉARGAS AR AN ROINN 2005

Caiteachas Bainistithe Neamhphá	€55,000,000
Earraí/Seirbhísí faoi Chonradh Foirmiúil	€30,541,198
Coigealtas a Baineadh Amach	€1,068,886

Gníomhaíocht Bhainistithe Ábhar



Bhí baint níos mó agus níos ag an Roinn um Bainistiú Ábhar leis an soláthar i bhformhór de réimsí an Ospidéal le blianta beaga anuas. Chuir sé seo le hardú suntasach ar an gcaiteachas neamhphá a bhí á bhainistiú ag an Roinn i 2005.

¹ Ná cuirtear na Ranna seo a leanas san áireamh: Pleanáil & Coimisiúnú, Cógaslann, Fuil agus Táirgí Fola agus Fisici Liachta & Bithinnealtóireacht

CONARTHAÍ

Bíonn feidhm chonarthaigh na Roinne i gceist ar bhealach trasfheidhme ar fud an Ospidéil agus lean sé seo ag leathnú. Chuathas i mbun roinnt conarthaí nua, lena n-áirítear teileafónaíocht IP, córas gan airgead, fótachóipeálaithe, fearais ionmheicniúla etc.. Thosaigh an fhoireann chonarthaigh ag obair freisin ar roinnt conarthaí leis an Stiúrtóireacht LabMed: e.g. anailíseoir bithcheimice, anailíseoirí téachta agus tá sí ag obair go dlúth leis na príomh-gheallsealbhóirí sa phróiseas seo.

Conarthaí	Líon	Luach
Conarthaí a Bronnadh deireadh 2005	69	€30,541,198 ²
Conarthaí idir Lámha deireadh 2005	16	thart ar €4,485,428
Conarthaí ar Feitheamh	6	thart ar €7,100,000
Luach Carnach Iomlán	91	thart ar €42,126,626

BAINISTIÚ OIBRÍOCHTAÍ

Díríonn feidhm Bhainistithe Oibríochtaí na Roinne ar dheardh agus ar chur i bhfeidhm gach próisis a bhaineann le sreabhadh earraí agus seirbhísí ó ghníomhaireachtaí seachtracha tríd an eagraíocht go dtí go mbíonn siad caite sa deireadh thiar. Is fócas lárnach i gcónaí don Roinn iad laghdú ar éagsúlacht agus caighdeánú táirge rud a chinntíonn go dtagann sonraíocht, cainníocht agus cáilíocht an táirge le héilimh úsáideoirí clinic. Cuireadh córas KanBan i bhfeidhm i gCardiac Angio agus i DID i 2005 rud a chuir go mór le feiceálacht fhardail sa dá réimse seo.

Freastlaíonn an Roinn um Bainistiú Ábhar ar 130 custaiméir inmheánach, lena n-áirítear an 48 limistéar cliniciúil a fhaigheann seirbhís athstocála ar earraí máinliachta/liachta agus earraí aon uaire. Leanann an Roinn uirthi ag cur seirbhís loighistice ar fáil do na Ranna Níocháin agus Cógaisíochta.

Déanann fardal Bhainistiú Ábhar a chuid stoic a bhainistiú ó cheithre láthair ar champus an Ospidéil

- An Príomhstóras
- An tIonad Stórais/Dáilte sa Phríomhospidéal
- Stóras na Seirbhísí Teicniúla
- Cardiac Angio

Ba é €1,110,104.28 luach an fhardail a bhí acu seo i gcomhar ag stocáireamh dheireadh na bliana 2005.

FORBAIRTÍ I 2005

Suiteáil KanBan

Thug an Roinn tionscadal suiteála Kan Ban ar cuireadh tús léi i Márta 2004 chun críche agus Córas Fardail Kan Ban suiteáilte i 40 limistéar.

Tionscadal Gan Sreang

Rinne an Roinn i gcomhar leis an bhfoireann SAP Genesis píolótú sásúil ar an gCóras Gan Sreang agus tá sé in úsáid anois sna limistéir go léir atá lonnaithe ar mheánurlár an Ospidéil Nua. Baineann an Roinn úsáid as modhanna caighdeánacha domhanda le fardal a athshlánú i ngach limistéar cliniciúil. Bíonn úsáid teicneolaíochta gan sreang i gcomhar le cineál áirithe infrastruchtúr stórála i gceist anseo. Tá na ríomhairí póca gan sreang beag, láidir agus éadtrom agus tá áis scanaidh barrachóid iontu.


Tá sé i gceist an córas seo a leathadh amach go dtí urláir uachtair agus íochtair an Ospidéil nua agus leathfar freisin go hollstóráil é.

TIONSCADAIL EILE

- Leathadh scóp Imdhíoneolaíochta
- Forbairt fhoirm iarratais NSV ar líne.
- Cruthú bonnachair d'earraí Bithcheimiceacha agus coinne le tuilleadh leathadh scóipe.

² Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil luach conarthaí a bronnadh agus conarthaí ar feitheamh etc. bunaithe ar fhigiúirí úsáide bunaidh

³ Is córas fardail Seapáineach é Kan Ban a "tharaingíonn" fardal atá bunaithe ar éileamh isteach i limistéar trí chomhartha a chur go dtí saoráid stórais. Tá leibhéil sábháilte stoic préamhaithe sa chóras.



SLÁINTE SHAOTHAIR

RÉAMHRÁ

Áirítear le foireann na Roinne Sláinte Ceirde Lia Sláinte Ceirde lánaimseartha, beirt Altraspeisialtóirí Cliniciúla, beirt rúnaithe/fháihteoirí agus bainisteoir sonraí. Tá siad go léir gníomhach i ngach gné den sláinte agus den sábháilteacht agus fócas ar rialú infhabhtaithe, gluaisceart agus láimhsiú, bainistiú riosca, cosaint radaíochta agus cur chun cinn sláinte.

SEIRBHÍSÍ A CUIREADH AR FÁIL

Chuir an Roinn seirbhís chuimsitheach ar fáil do 5,177 ball foirne a bhí i láthair i rith 2005, ardú 45% ar an mblain roimhe. Lean an mórathrú ar eitneachas fhoireann an Ospidéal agus chuir sé seo le héagsúlacht an chás-ualaigh.

Cuireadh seirbhísí comhairleoireachta nasctha leis an Roinn Oibre Sóisialta ar fáil go dtí Aibreán 2005, agus ina dhiaidh sin cuireadh EAP (Clár Cabhrach Fostaithe) ar bun, á sholáthar ag ABATE. Áiríodh gur éirigh go han-mhaith leis seo toisc go raibh sé dírithe go mór ar an gcliant ag tabhairt rogha idir freastal intí (80%) nó freastal seachtrach.

Lean an méadú ar an scagadh agus an vacsaíniú do Varicella, don Bhruitíneach, don Leicneach agus don Bhruitíneach Dhearg sa Roinn ag éirí as an ardú ar líon na n-oibrithe chúram sláinte a rugadh lasmuigh d'Éirinn nach bhfuil imdhíonach agus atá so-ghabhálach do na hinfhabhtuithe seo.

Lean an Clár Vacsaínithe i gcoinne an Fhlíú i 2005 agus vacsaíníodh breis agus 750 den fhoireann. I mbliana vacsaíníodh altraí ar an láthair chun caoithiúlachta na foirne.

Cuireadh an dara seomra clinic agus seomra cairte ar fáil laistigh den Roinn mar thoradh ar atheagrú spás oifige. Fuarthas maoiniú le hathchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh Sláinte Ceirde. Cuidíonn sé seo go léir le seirbhísí don fhoireann a fheabhsú. Táthar le tús a chur leis an obair in earrach 2006.

SEIRBHÍSÍ SLÁINTE CEIRDE EILE

- Measúnú a dhéanamh ar ghuaiseanna ceirde - a d'fhéadfadh a bheith fisiciúil, bitheolaíoch (paitiginí a iompraítear san fhuil), ceimiceach nó síceashóisialta
- Clár vacsaínithe i gcomhair Heipitíteas B.
- Scagadh Eitinne agus rianú teagmhála tar éis nochtadh (go háirithe Éitinn)
- Cúram do dhíobhálacha foirne tar éis nochtadh tréchraicneach
- Oideachas agus oiliúint foirne d'Altraí, Dochtúirí, Freastalaithe Cúraim, miocléinn Liachta agus Déidliachta
- Scagadh amhairc ag baint le VDU
- Vacsaínithe Taistil a bhaineann leis an obair
- Clár scagadh ceirbheacsai
- Scrúdaithe liachta Inphoist

An Dr. Noirín Noonan
CEANN ROINNE

TUARASCÁLACHA AN RANNÁIN CHORPARÁIDE



ROINNE INIÚCHTA INMHEÁNAIGH



An tUasal Cathal Blake
CEANN ROINNE

Bhí éagsúlú ar spriocról airgeadais traidisiúnta na Roinne Iniúchta Inmheánaigh i 2005, laistigh agus lasmuigh den Ospidéal, chun tosaíocht a thabhairt do bhainistiú saoire tinnis agus béim níos mó a leagan ar athbhreithnithe ar Luach ar Airgead.

Ba chuid de shainchúram an Iniúchta Inmheánaigh i gcónaí iad na réimsí seo agus beidh siad mar chuid de chláir iniúchta inmheánaigh amach anseo nuair is féidir, ag brath ar thosaíochtaí, ar éilimh agus ar na hacmhainní atá ar fáil.

D'fhág obair ar bhainistiú saoire tinnis i gcomhar leis an Roinn Acmhainní Daonna (HR) gur baineadh úsáid níos mó as córas SAP/PPARS agus go raibh meas níos mó air agus ar a thábhacht i dtuairisciú, monatóireacht agus bainistiú saoire tinnis laistigh den Ospidéal.

Rinneadh dul chun cinn sásúil ar thionchar airgeadais agus oibríochtúla saoire tinnis a laghdú agus tá gá lena thuilleadh oibre air seo. Is iarracht leanúnach ón mbainistiócht áitiúil, speisialtóirí HR ag tacú leo, a bheidh anseo le toradh na bpróiseas bainistióchta a uasmhéadú agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfaigheann an fhoireann na sochair agus an tacaíocht a bhfuil gá acu leo agus atá ag dul dóibh.

I 2005 freisin de thoradh comhoibriú níos mó idir Iniúcháirí Inmheánacha chúig ospidéal an DATH cuireadh tuarascáil ar fáil a d'aithin na réimsí ina bhféadfaí éifeachtachtaí Luach ar Airgead a bhaint amach. Beidh an tuarascáil seo mar bhonn leis an obair ar réimsí Luach ar Airgead Ospidéal San Séamas i 2006 agus ina dhiaidh sin.

Tugadh faoi obair a chinnteodh go mba ghné chaighdeánach den Chláir Iniúchta bliantúil iad athbhreithnithe agus tuarascálacha iardain. Tabharfaidh sé seo deis do bhainistiócht an Ospidéil agus don Roinn Iniúchta Inmheánaigh breithniú a dhéanamh ar chúrsaí tar éis an iniúchta agus coinneoidh sé an bhainistiócht shinsearach agus Bord an Ospidéil ar an eolas faoi dhul chun cinn, forbairtí agus srianta.

Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh 2005

- Stocáireamh TSD
- Tuarascáil VFM - Grúpa Iniúchta Inmheánaigh DATH
- Tuairisc a leanann Tuarascáil Iniúchta na Seirbhíse Tacsaí
- A1 Éilimh agus Aisíocaíochtaí Sochar Tinnis Oifigeach



Stiúrthóireacht CResT

RÉAMHRÁ

Tá Stiúrthóireacht CResT comhdhéanta de na speisialtachtaí seo a leanas: Cairdeolaíocht, Liacht Riospráide, Máinliacht Chairdeatóracsach agus Cúram Maolaitheach.

CAIRDEOLAÍOCHT

Reáchtáladh an dara Cúrsa Beo in Ospidéal San Séamas i 2005. Craoladh pictiúirí beo ón Saotharlann um Chataitéarú Cairdiach go dtí lucht féachana i bhFoirgneamh Scoil Liachta na Tríonóide. Bunaíodh nasc foirmeálta leis an bpríomheagraíocht teagaisc EURO PCR. Ghlac Stiúrthóirí an Chúrsa páirt ann agus is imeacht seanbhunaithe é seo anois san Ospidéal.

An tSeirbhís Chairdeolaíochta

Lean an tSeirbhís Chairdeolaíochta ag freastal ar othair áitiúla agus ar othair a cuireadh ar aghaidh ó Ospidéal ar fud na hÉireann agus lean an líon othar a bhíonn ag dul faoi angagrafaíocht agus angaplaiste corónach ag ardú agus tá torthaí den scoth á mbaint amach.

Rinneadh angaplaistí ar ghalair ilshoithíocha níos casta nó i gcásanna siondróm chorónaigh ghéarmhíochaine. Rinneadh 4,700 cás sa Saotharlann Chaitidéarachta Chairdiach i mbliana agus ba angaplaistí 1,104 díobh seo. D'ardaigh líon na n-othar a fuair steinteanna ionlaithe drugaí go dtí os cionn 90% faoi Nollaig 2005. Fuair 59 othar in iomlán Dífhibrileoirí Cairdithiontaire Ionchlannaithe (ICD) i mbliana. Reáchtáladh an chéad Lá Tacaíochta ICD in Ospidéal San Séamas i nDeireadh Fómhair agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó na hothair.

Seirbhís chun Éirí as an Tobac

Tairgtear seirbhís chun éirí as an tobac d'othair, d'fhoireann an Ospidéal agus don phobal. Cuireann an tseirbhís comhairliúchán othar seachtrach agus othar aonair ar fáil agus dianchúrsaí sé seachtaine chun éirí as an tobac. Le linn 2005, chuir an tAltraspeisialtóir chun éirí as an tobac idirghabháil ghairid agus litríocht ar fáil do 595 de lucht caite tobac le linn dóibh a bheith san ospidéal. D'éascaigh an tAltra chun éirí as an tobac cúrsa oiliúna aon lae maidir le hidirghabháil ghairid i mí na Samhna. Ba é aidhm an chúrsa sin na scileanna bunúsacha a thabhairt do ghairmigh sláinte chun tionchar chaitheamh tobac agus éirí as an tobac a chur chun cinn i measc lucht caite tobac.



An tOllamh Michael Walsh
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

An tUasal Mary Foley
BAINISTEOR ALTRA

An tUasal Jo-Ann Campbell
BAINISTEOR GNÓ

An tUasal Mary Murphy
LEASBHAINISTEOR GNÓ

An tSeirbhís Chliseadh Croí

Lean an tSeirbhís Chliseadh Croí ag fás i 2005, le cabhair ó mhaoiniú ó Merck Pharmaceuticals. Seo clár faoi cheannas altraí, agus a bhíonn stiúrtha ag Lianna ina gcláraítear othair le cliseadh croí i gclár trí mhí in oideachas féinchúraim. Tá tuilleadh forbartha le déanamh ar an gClár Chliseadh Croí i 2006 nuair a rachaidh Comhairleoir Cairdeolaíochta a bhfuil spéis ar leith aige i gCliseadh Croí agus in ECHO i mbun oibre.

PATS (Anailís Othar agus Córas Rianaithe) i gCairdeolaíocht Fuarthas maoiniú ó AstraZeneca Pharmaceuticals in Eanáir 2005 chun cuidiú le ceapadh Cléireach Iontrála Sonraí, a ceapadh i mí Iúil, chun sonraí cliniciúla a ghabháil sa tSaotharlann Chaitidéarachta Chairdiach. Agus an Córas Eolais Cardashoithíoch Náisiúnta á thabhairt isteach go luath tá Tacar Sonraí Caighdeánach Sonraí Clárúcháin agus Iniúchta Cairdeolaíochta (CARDS) tugtha isteach chun sonraí cliniciúla a ghabháil ó PCI, ICD, Séadairí, Eisídiú agus Siondram Corónach Géarmhíochaine/Aonad Cúraim Chorónaigh. Athraíodh bunachar sonraí PATS le sonraí cliniciúla a ghabháil ó CARDS. Mar thoradh air seo leathnaíodh bunachar sonraí PATS go dtí an tSaotharlann Chaitidéarachta Chairdiach i Meán Fómhair 2005 chun sonraí cliniciúla ar PCI, ICD, gnáthaimh Séadairí agus Eisídithe agus chun cuidiú leis an gcéad chéim de thionscadal NCIS a chomhlíonadh.

An Roinn Chairdiach

Bronnadh an chéad chéim PhD in Éirinn san Eolaíocht Chliniciúil i Macalla-Cardagrafaíochta ar an bPríomh-Theicneoir Chairdiach, Gerard King, don fhiosrú a rinne sé faoi na bealaí a d'fhéadfaí lúthchleasaithe a aithint a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó Shiondróm Bhás Tobann Aosaigh.

Bronnadh a chéim ar an Dr. King in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) as an obair a rinne sé dar teideal 'Cardiac relaxation dynamics investigated by Doppler tissue imaging' a scrúdaíonn módúlachtaí ultrafhuaime éagsúla a d'fhéadfadh riosca méadaithe i leith an riochta a aithint, riocht a meastar ba chúis le bás daoine a bhí sláintiúil ar gach bealach eile.

Is onóir í an PhD seo do Chumann Teicneoirí Chairdiach na hÉireann mar gurb í seo an chéad Dochtúireacht a bhaineann leis an gCumann. Ba é an tOllamh Michael Walsh a bhí ina mhaoirseoir inmheánach agus ba é an Dr. Matt Hussey, Stiúthóir Dámh na hEolaíochta, DID an príomh-mhaoirseoir.

Thug an Dr. Brendan Foley cúnamh ag cur comhairle agus critice ar fáil faoi chardaimiapaite hipeartrófach agus croí an lúthchleasaí. Chuir na Dochtúirí Neil O'Hare and Gerard Boyle ón Roinn Fisice Liachta cúnamh ar fáil freisin faoi dhearadh agus forbairt bhosca calabraithe a úsáideadh sna trialacha.

Athshlánú Cairdiach

Lean an tAthslánú Cairdiach air ag fás i 2005 nuair a earcaíodh 282 duine do chlár chéim 3, sé nó ocht seachtain, 247 ag freastal air. Chríochnaigh 182 díobh seo an clár agus 65% ar a laghad den chúrsa comhlíonta acu.

Bhronn an HSE sparántacht ar an mBainisteoir Athslánaithe Cairdiach, Mary Kerins, chun tús a chur le staidéar ar na fáthanna nár fhreastail othair ar an gclár tar éis iad a earcú agus cén fáth gur éirigh siad as agus é ar siúl.

Reáchtáladh cruinniú de Chumann na hÉireann um Athshlánú Cairdiach i mí na Samhna. Bhí Foireann Athshlánaithe Cairdiach an Ospidéal páirteach sa chomórtas póstaer agus dhá phóstaer acu, ceann ag tabhairt aghaidh ar an tréimhse feithimh ón scaoileadh amach go dtí tús a chur le clár céim III in Ospidéal San Séamas. Thosaigh 77% d'othair ar chlár laistigh den fhráma ama a bhí molta ó sé go 12 seachtain. Sé go naoi seachtain ar an meán a bhí sa tréimhse feithimh ón scaoileadh amach (55% d'othair). Rinne an póstaer eile iniúchadh ar thorthaí ag éirí as clár oiliúnta frithsheasmhachta i ngrúpa athshlánaithe gairdiach. Mhéadaigh tomhais láidreachta 21% agus laghdaigh tomhais fola 6% tar éis oiliúint frithsheasmhachta trí seachtaine.

Tairiscítear oiliúint CPR do chliant agus dá dteaghlach ach bhí titim 55% ar an éileamh i 2005 nuair nár bhain ach 44 duine leas aisti.

Altraspeisialtóirí Cliniciúla

D'éirigh le Marie Ryan, CNS i gCliseadh Croí agus le Mary Kerins, CNS in Athshlánú Cairdiach i Sparántachtaí Taighde Sláinte Croí de chuid Réigiún an Oirthir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Taighde agus Oideachas Cairdeolaíochta

Is féidir leis an gclár taighde CReST a ghrúpáil faoi na ceannteidil seo a leanas: athlasadh agus meitibileach, cairdeolaíocht ionsaitheach agus leictrifiseolaíocht, íomháú agus tomhas fiseolaíochta agus trialacha Cliniciúla.

Leanadh leis an obair sna réimsí seo i gcomhar le Ranna eile san Ollscoil agus laistigh den Ospidéal. Bhain seachtar macléinn céim MSc sa Chairdeolaíocht amach i Scoil Liachta na Tríonóide.

LIACHT RIOSPRÁIDE

Go luath i 2005 roghnaíodh Ospidéal San Séamas mar lárionad Bhaile Átha Cliath do sheirbhís eitinne (TB) os-réigiúnach. Lean an tseirbhís ailse scamhóige uirthi ag fás, ag obair go dlúth le Stiúrthóireacht HOPE, breis agus 20% d'othair le hailse scamhóige in Éirinn ag freastal ar Ospidéal San Séamas.

Chomhlánaigh an dá leas fo-speisialtachta riospráide seo iad siúd a bhain le hospidéal eile an DATH agus tá sé cinnte anois gurb é an tOspidéal a bheidh chun tosaigh sna réimsí seo amach anseo. Choinnigh dhá mhóil na seirbhíse COPD orthu, an tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU) agus Barda John Houston, ag leathnú méid agus castacht na seirbhísí d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha a raibh COPD agus breoiteachtaí riospráide ainsealacha eile orthu.

An tAonad Os-Réigiúnach Eitinne (TB)

Cuireadh deireadh leis na seirbhísí eitinne in Ospidéal Beaumont i 2004. Go luath i 2005 roghnaigh an HSE Ospidéal San Séamas mar ionad d'fhorbairt aonaid eitinne os-réigiúnaigh. Beidh 16 seomra brú díúltaigh ann d'othair chónaitheacha le heitinn atá deacair a bhainistiú, Eitinn atá frithsheasmhach d'iliomad drugaí (MDR) san áireamh. Beidh saoráid d'othair sheachtracha dá chuid féin ag an aonad seo freisin ina mbeidh foireann tiomanta liachta, altranais, agus tacaíochta leithne chun bainistiú éifeachtach Eitinne sa phobal a chinntiú ag obair go dlúth leis na seirbhísí sláinte poiblí. Feidhmeoidh an t-aonad seo mar mhol i seirbhís chuimsitheach a théann go domhain i measc an phobail chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán deacair na hEitinne in Éirinn san 21ú haois.

Seirbhís Ailse Scamhóige

D'fhreastail Ospidéal San Séamas ar bhreis agus 300 othar a raibh ailse scamhóige orthu i 2005, sin 20% den chás-ualach náisiúnta. Tá cur chuige foirne ildisciplínigh cheart (MDT) i leith ailse scamhóige forbartha ag an Ospidéal agus ionchur tiomanta ó chuid mhór speisialtachtaí ar fud Stiúrthóireachtaí CResT agus HOPE, á chomhordú ag altraspeisialtóirí sinsearacha. Ceapadh comhordaitheoir nua MDT i 2005, rud a chuir feabhas suntasach ar chruinnithe MDT agus teile-nascanna á ndéanamh le hionaid Lártíre. Reáchtáil Grúpa Altraí Ailse Scamhóige na hÉireann a chéad chruinniú bliantúil i mí na Bealtaine, Rita Luddy, Comhordaitheoir Oinceolaíochta Riospráide in Ospidéal San Séamas, sa chathaoir.

Seirbhísí COPD

Is é an Galar Scamhógach Bacainneach Ainsealach (COPD) is mó atá i gceist i measc na ngalar riospráideach in Éirinn. Is ionann é agus 25% de na hiontrálacha riospráide agus 5% de gach iontráil liachta san Ospidéal. Chomhdhlúthaigh Barda

John Houston a ról mar mhol do sheirbhísí riospráide othair chónaithe agus aerú neamh-ionsaitheach (NIV) á fháil ag breis agus 150 othar ar an mbarda i 2005. Cuireann an tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU) seirbhísí othar chónaitheach fairsinge ar fáil do COPD agus cuireadh mionmholtaí ar fáil faoi fhorbairt aonad NIV foirmeálta ar Barda John Houston chun cinn.

An tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU)

Ghlac foireann an RAU, lena n-áirítear beirt altraspeisialtóirí cliniciúla riospráide agus fisiteiripeoir riospráide speisialtachta, páirt in oideachas foirne, forbairt pholasaí, iniúchadh agus taighde, trialacha cliniciúla, cur i láthair comhdhála agus lean an fhoireann uirthi ag forbairt agus ag éabhlú cláir chun galair riospráideacha a bhainistiú.

Le linn 2005, scaoileadh 85 othar amach luath ar an gclár Scaoileadh Amach Luath COPD, a laghdaigh meánfhanacht othar in ospidéal ó 10.5 lá go dtí 1.5 lá trí sholáthar "cúram ospidéal sa bhaile". Bhí 40% d'othair oiriúnach le haghaidh pleananna féinbhainistithe, rud a laghdaigh a rátaí athiontrála 77% tar éis sé mhí.

Reáchtáladh ceithre Chlár Athshlánaithe Scamhógaigh ocht seachtaine le 80 duine rannpháirteach iontu. Ó thaobh na staitistice chonacthas feabhas suntasach sa tástáil siúil sé nóiméad, sa tástáil chéime trí nóiméad, i scóranna giorra anála, i leibhéal ghníomhaíochta agus i sástacht othar tar éis dóibh bheith rannpháirteach sa chlár.

Rinneadh athbhreithniú ar 2,717 othar in iomlán le linn 2005 ag clinici faoi cheannas Altra/Fisiteiripeora agus clár soláthair oideachais d'othair chónaitheacha a bhfuil riochtaí riospráide ag gabháil dóibh.

Ar na forbairtí nua ar cuireadh tús leo i 2005 bhí glacadh le tarchuir dhíreacha ó Dhochtúir Teaghligh d'fhor-rochtain COPD agus athshlánú scamhógach agus soláthar seirbhísí for-rochtana COPD agus oideachas foirne d'Ospidéal Pobail na Mí.

Léiríodh fiseán aclaíochta & eolais d'othair athshlánaithe scamhógacha freisin agus rinneadh suirbhéithe ar fheasacht foirne agus ar shástacht othar. Reáchtáladh léachtanna poiblí ar an oistéapóirís i gcomhar leis an Roinn Fisiteiripe agus cuireadh seisiúin oideachais ar asma ar bun i scoileanna áitiúla.

Cuireadh clár féinchógais ar bun d'othair chónaitheacha agus rinneadh iniúchadh ar shláinte cnámh othair a bhfuil asma orthu agus bailíodh sonraí ar bhreoteacht riospráide i measc daoine gan dídean.

AN TSAOTHARLANN RIOSPRÁIDE AGUS SEIRBHÍS CHODLATA

Thug thart ar 5,000 othar cuairt ar an tSaotharlann Riospráide i 2005, a cuireadh raon cuimsitheach seirbhísí ar fáil ag leibhéal os-réigiúnach. Tá clár taighde gníomhach ag an tSaotharlann lena n-áirítear staidéar tábhachtach, a tugadh chun críche le deireanaí, ar shláinte riospráide oibrithe beár sular ar tugadh an bac ar chaitheamh tobac isteach in Éirinn agus i ndiaidh dó teacht i bhfeidhm. Bhain Michelle Agnew, Príomhtheicneoir Riospráide, duais don Phóstaer is Fearr ag cruinniú de Chumann Tórcasach na hÉireann (ITS) i nGaillimh i mí na Samhna 2005 le torthaí an staidéir seo.

Lean an tseirbhís chodlata d'othair le Apnoea Codlata Bacaineach (OSA) agus neamhoird chodlata riospráide eile ag fás. Sa bhreis ar staidéir chodlata iomlána a rinneadh sa tSaotharlann Chodlata, rinne an tSaotharlann staidéir teoranta sa bhaile ar othair incríneolaíochta a raibh an Siondróm Meitibileach orthu agus a bhfuil amhras fúthu go bhfuil OSA acu.

Taighde agus Oideachas Riospráideach

Lean an taighde 'binse go leaba' i roinnt réimsí sa liacht riospráide faoi stiúir na foirne comhchomhairlí agus maoinithe ag an mBord Taighde Slainte, Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann, an tÚdarás um Ardoideachais (HEA) agus maoiniú ó chomhlachtaí cógaisíochta.

Lean triúr eolaí sainoilte ag obair san Institiúid um Liacht Móilíneach, staidéar á dhéanamh acu ar fhreagairt imdhíonach óstach ar Eitinn.

Tá próifíl á dhéanamh ag an Roinn Riospráide, i gcomhar le Boston University, ar thrascripteam géiniteach othar a bhfuil ailse scamhóige orthu agus tá sé ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe síciatracha atá ag iarraidh minicíocht agus sásraí dúlagair i COPD a dheimhniú.

Leanann an roinn riospráide lena ról ceannasach san oideachas trí chruinniú babhtá móra riospráide seachtainiúla a réachtáil.

MÁINLIACHT CHAIRDEATÓRACSACH

Rinneadh obráidí máinliachta cairdiacha ar 451 othar i rith 2005. Tagann sé seo le spriocleibhéal thosaigh 450 cás in aghaidh na bliana. Rinneadh gnáthaimh ar 71 othar eile ón liosta feithimh roghnach in ospidéal phríobháideacha faoi chomhaontaithe an Chiste Náisiúnta Ceannaigh Cóireála (NTPF).

Is comhartha an t-ardú beag ar líon iomlán na leibhéal gníomhaíochta i gcomparáid le 2003 ar fhad fanachta níos faide, go háirithe in ICU. Léirigh sé sin go raibh othair a ndearnadh máinliacht chairdiach orthu i mbliana níos sine agus go raibh comhghalracht níos mó acu.

Ba mhí, nó beagán sa bhreis ar mhí (35.9 lá), a bhí mar mheán-am feithimh ag gach othar a fuair máinliacht chairdiach i 2005.

Beidh anailís dhomhain agus iniúchadh ar fáil i dTuarascáil Máinliachta Cairdeatórcasáí 2005 atá le foilsiú i Samhradh 2006.

Tugadh creidiúnú mar Ardchleachtóirí Altranais do thriúr chleachtóirí altranais sa Roinn.

Telechairdeolaíocht

Bhí an nasc tosaigh idir Ospidéal Ginearálta Shligigh agus Ospidéal San Séamas. Leathnaíodh an tseirbhís amach tuilleadh go dtí an ceantar lártíre i mí na Nollag 2005, ag soláthar nasc fíorluachmhar d'Ospidéal Thulach Mhór agus Phort Laoise. Is é an phríomhthairbhe don othar atá sa chóras seo go gceadaíonn sé rochtain thapa ar Chairdeolaí Idirghabhálach agus ar Mháinlia Cairdiach. Bhí idirbheartaíocht ar siúl le hOspidéal tharchuir eile leis an gcóras seo a leathadh amach tuilleadh.

Máinliacht Thórcasach

Tá an tAonad Tórcasach is mó i bPoblacht na hÉireann in Ospidéal San Séamas le daoine á gcur ar aghaidh ó áiteanna ar fud na tíre. Téann os cionn aon cúigiú cuid de chásanna ailse scamhóige na hÉireann trí Ospidéal San Séamas gach bliain. Mar aon le hailse scamhóige, déileálann an tAonad le raon leathan galair neamhurchóideacha pleoracha agus tórcasacha urchóideacha nach mbíonn chomh forleathan sin. I 2005 bhí 31% d'athghearthaí réitigh ann i gcomparáid le 23% i 2004, ardú 8%.



Bíonn comhdháil ildisciplíneach ar siúl gach seachtain a nascann leis na hospidéal sa Mhuileann gCearr agus ar Thulach Mhór. Tugann an chomhdháil sin deis do dhaoine féachaint ag an am céanna ar staidéir paiteolaíochta agus íomhánna raideolaíochta (scantaí PET, scantaí CT, CXR) ag na trí shuíomh.

Pleanálann agus sruthlóníonn sin rochtain othar ar chur ar aghaidh chuig imscrúduithe breise agus/nó cóiréail.

AN TSEIRBHÍS CHÚRAIM MHAOLAITHIGH

Soláthraíonn an fhoireann Chúraim Mhaolaitheigh seirbhís chomhchomhairliúcháin d'othair chónaitheacha agus bhí diagnóis ailse ag 90% de na daoine a cuireadh ar aghaidh. Is é 19.3% an meán ardú bliantúil maidir leis an líon iomlán othar a cuireadh ar aghaidh idir 1997 agus 2003. Is é rialú comarthaí sóirt an chúis is mó a bhí le daoine a chur ar aghaidh. Bhí an chuma ar an scéal go raibh méadú seasta ar an gcur ar aghaidh, le súil go bhféadfaí nasc a bhunú le cúram baile maolaitheach.

Tar éis iniúchadh ar ghníomhaíocht na Seirbhíse Cúraim Mhaolaitheigh, déimeagrafaic réamh-mheasta, forbairt Ospidéal amach anseo agus suirbhé ar mheasúnú riachtanas, cuireadh tús le dhá chlinic d'othair sheachtracha in aghaidh na seachtaine i lár 2005. Meastar go mbeidh éileamh cuimsitheach amach anseo ar chlinic d'othair chónaitheacha, go háirithe le soláthar cúraim mhaolaitheigh d'othair a bhfuil riachtanais chúraim neamhurchóidigh acu ag deireadh a saol.



STIÚRTHÓIREACHT HOPE

RÉAMHRÁ

Tá Stiúirthóireacht HOPE comhdhéanta de na speisialtachtaí seo a leanas: Haemateolaíocht, Liacht agus Rada-Oinceolaíocht agus Cúram Maolaitheach. Ionchorpraíonn na speisialtachtaí sin an tIonad Náisiúnta Thrasphlandaithe Smior Dhaoine Fásta agus Ionad Náisiúnta do Nearnhoird Téachtaithe Oidhreachtuil lena n-áirítear Clinic Warfarin. Tá naisc láidre ag Stiúirthóireacht HOPE leis an gClár Cuibhreannais Trialacha Cliniciúla Ailse agus leis an Bone Marrow for Leukaemia Trust.

Ar an ngíomhaíocht a bhí ar siúl i 2005 bhí forbairt agus leathadh amach foirne ildisicplíne ailse, baint na Stiúirthóireachta leis an tairiscint shásúil chun Seirbhísí Rada-Oinceolaíochta a sholáthar ar shuíomh Ospidéal San Séamas.



An Dr. Kenneth O'Byrne
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

Mary Day Uasal
BAINISTEOR ALTRAÍ

Suzanne Roy Uasal
BAINISTEOR GNÓ


01

SAOTHARLANN II STIURTHOIREACHT HOPE


CÚRAM LAE OINCEOLAÍOCHTA HAEMAITEOLAÍOCHTA

Chuir an tIonad Cúraim Lae Oinceolaíochta Haemateolaíochta nua tús leis an gcéad bhliain iomlán oibre i 2005. Bhí an méadú ar líon na n-othar a raibh cóireáil á cur orthu i speisialtachtaí na Stiúirthóireachta le tabhairt faoi deara go háirithe sa timpeallacht chúraim lae mar a léirítear sa ghráf a léiríonn an líon a d'fhreastail ar an gcúram lae sin.

An Líon a d'Fhreastail ar Chúram Lae 2000-2005



Scaoilte amach de réir Speisialtachta




GNÍOMHAÍOCHT OTHAR CÓNATHEACH

Ó thaobh gníomhaíochta othar cónaitheach d'fhan an líon a scaoileadh amach as Haemaiteolaíocht agus Oinceolaíocht seasta i 2005.


HAEMAITEOLAÍOCHT: AN CLÁR TRASPHLANDAITHE SMEARA

Tá achoimre ar an ngníomhaíocht do 2005 sna graif 1-4.


Fíor 1 Clár Thrasphlandú Gaschealla Haematóipiétic Ospidéal San Séamas 1984-2005




Fíor 2 Trasphlanduithe Smeara Allogeineach Caighdeánach i 2005 léirithe de réir Táscairí Galair



Fíor 3 Trasphlanduithe Déine Laghdaithe i 2005 de réir Táscairí Galair



Fíor 4 Trasphlanduithe Smeara Autologous i 2005 de réir Táscairí Galair



OINCEOLAÍOCHT LIACHTA

Ceapadh an Dr. Dearbhaile O'Donnell mar an ceathrú Oinceolaí Liachta Stiúrthóireachta. Tháinig an Dr. O'Donnell go hOspidéal San Séamas ó The Leeds Teaching Hospitals NHS Trust agus is iad an Ghinéiceolaíocht agus an Úireolaíocht a fo-speisialtachtai laistigh den Oinceolaíocht Liachta. Lean an tOllamh Peter Daly lena chuid gníomhaíochta mar Stiúthóir Náisiúnta Ard-Oiliúna don Oinceolaíocht Liachta.

OIFIG CHUIBHREANNAIS NA DTRIALACHA CLINICIÚLA AILSE IN OSPIDÉAL SAN SÉAMAS

Stiúrthóir Cláir an Dr. John Kennedy
Stiúthóir Eolaíochta an tOllamh John Reynolds
Bainisteoir Cláir Jennifer Feighan Uasal

Is é Oifig na dTrialachacha Cliniúla Ailse (CCTO) a bhíonn i mbun riaracháin na dtrialacha cliniúla in Ospidéal San Séamas. Déanann sí idirchaidreamh le Grúpa Taighde Oinceolaíochta Cliniúla na hÉireann (ICORG), an Bord Taighde Sláinte (HRB) agus Bord Leigheasra na hÉireann. Cuireann sí iniúchta, oiliúint, taighde agus scaipeadh an eolais a bhíonn ann dá mbarr, agus d'éirigh léi maoiniú trí bliana eile a fháil ón HRB.

Tháinig méadú ar an oifig i 2005 nuair a ceapadh an tríú Bainisteoir Sonraí agus Altra Taighde, rud a thug an t-iomlán go sé phost lánaimseartha, nó a gcóimhéid.

Thug reachtaíocht nua Eorpach ag rialú trialacha cliniúla dúshlán nua don Chlár Trialacha Cliniúla Ailse, ach earcaíodh 155 othar le dul ar na trialacha cliniúla i gcomparáid le 77 othar i 2004. Ghlac 139 othar in iomlán páirt i 18 triail chliniciúil siadaí soladacha, iad rannpháirteach i dtrialacha céim II agus III d'aíslí scamhóige, brollaigh, drólainne, éasafagais agus paincréasaigh, chomh maith leis na cláir rochtana méadaithe. Ghlac 16 othar páirt i dtrialacha haemaiteolaíochta, lena n-áirítear trialacha le haghaidh Leiocéime Myeloid Géarmhíochaine, Leiocéime Myeloid Ainsealach, agus an galar annamh, Haemaglóibinúire Míthiomach Oíche.

Othair a Earcaíodh i 2005 – Siadaí Soladacha

Suíomh an Ghalair	Líon na nOthar a Earcaíodh
Drólann	32
Scamhóg	58
Ubhagánach	4
Paincréasach	1
Éasafagach	13
Brollach	30

Othair a Earcaíodh i 2005 – Haemaiteolaíocht

Galar	Líon na nOthar a Earcaíodh
Leiocéime Myeloid Géarmhíochaine	1
Leiocéime Myeloid Ainsealach	10
Haemaglóibínúire Míthaomach Óíche	5

IONAD NÁISIÚNTA DO NEAMHOIRD TÉACHTAITHE
OIDHREACTÚIL (NCHCD)

An Dr. Barry White | Jude Smith Uasal | Carol Finn Uasal
STIÚRTHÓIR LIACHTA | BAINISTEOR ALTRA | BAINISTEOR IONAID

Lean an NCHCD air ag cur córas nua Theicneolaíocht an Eolais (IT) i bhfeidhm chun tacú le bainistiú agus le cóireáil othar a bhfuil Neamhoird Téachtaithe Oidhreactúil acu, ar bhonn náisiúnta, Tuairisc Othar Leictreonach (EPR) iomlán san áireamh. Cuireadh an chéad chéim den fheidhmiú i gcrích i mí Iúil. Baintear úsáid as an gcóras le gach coinne d’othair sheachtracha a sceidealú agus eolas cliniúil a bhaineann le haemaifilia go háirithe a ghabháil agus beidh de thoradh air seo faoi dheireadh go gcuirfear deireadh diaidh ar ndiaidh le taifid leighis ar pháipéar.

Leanadh leis an bhforbairt ar Chlár Dearbhaithe Cáilíochta an Ionaid, a chinntíonn go leanfar le comhlíonadh agus le feidhmiú treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht in iniúchtaí athbhreithniú piara i.e. treoirlínte an NDSC ar tharchur TSEanna a íoslaghdú. Rinneadh monatóireacht freisin ar mheasúnú díreach ar riachtanais othar agus ar shástacht leis an tseirbhís.

Tugadh seirbhís bhithmheicnic agus ortatach nua isteach d’othair faoi sheirbhís fhisiteiripe an NCHCD.

Clinic Warfarin

Chuir Clinic Warfarin an Ionaid cóir ar 398 othar nua agus bhí athfhreastal 21,569 othar in iomlán ann go deireadh 2005. Cuireadh oiliúint ar a thuilleadh othar faoin scéim phíolótach Neasthástáil Othar (Coaguheck) agus táthar ag fanacht ar na torthaí. Rinneadh Suirbhé Sástachta Othar leis na hathruithe a rinneadh ar sheirbhís an Chlinic a mheas agus léirigh na torthaí go raibh a bhformhór mór sásta.

Seirbhís Síceolaíochta Cliniciúla Tiomanta

I rith 2005, b’fhéidir freagairt thráthúil a dhéanamh ar dheacrachtaí síceolaíochta a bhí ag othair NCHCD trí sheirbhís síceolaíochta cliniúla tiomanta an Ionaid. D’fhág córas tosaíochta go bhféadfaí measúnú tapa a dhéanamh agus teiripe síceolaíochta a chur ar fáil d’othair a raibh drochfhadhbanna agus géarfhadhbanna meabhairshláinte acu. Chomh maith leis seo choinnigh an tseirbhís síceolaíochta cliniúla uirthi ag cur teiripe síceolaíochta ar fáil d’othair NCHCD a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte níos buaine acu.

Diagnóis Mhóilíneach i Haemaifilia

Thosaigh an tsaotharlann ghinéideach mhóilíneach san NCHCD ar chlaochluithe is bun le haemaifilia a bhrath i 2005 agus ba í an t-aon seirbhís mhóilíneach í le hanailís a dhéanamh ar haemaifilia i bPoblacht na hÉireann. Cuireadh an tseirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach ar bun de réir treoirlínte an UK Haemophilia Directors Organisation, agus an Clinical Molecular Genetics Society (UK).

Athbhreithniú Víreolaíochta Náisiúnta

Mhol Binse Fiosraithe Lindsay “go gcoinneadh an tIonad Náisiúnta (NCHCD) taifid staitisticíúla ar ionfhabhtuithe víreasacha a bhaineann leis an haemafailia atá iomlán agus cruinn”. Leis an moladh seo a chur i bhfeidhm rinneadh athbhreithniú víreolaíochta cuimsitheach náisiúnta agus cuireadh feachtas ar bun ar na meáin ina dhiaidh sin i Meitheamh na bliana seo le cúnadh ó líne cabhrach an NCHCD.

Othair a fuair comhdhlúthúcháin fhachtóirí ó fhoinsé sa Ríocht Aontaithe (UK) agus athbhreithniú vCJD

Tar éis foilsiú treoirlínte an NDSC ag deireadh 2004 rinne an NCHCD athbhreithniú cuimsitheach chun othair le neamhoird fhuilithe oidhreactúla a fuair comhdhlúthúcháin fhachtóirí ó fhoinsí sa UK idir 1980-2001 a aithint. Cuireadh feachtas ar bun sna meáin le tacaíocht ó líne cabhrach sa NCHCD. Cuireadh bearta sláinte poiblí i bhfeidhm in Ospidéal San Séamas le freagairt do na treoirlínte seo.



Seirbhís Altranais sa NCHCD

I 2005 rinneadh forbairt ar an tseirbhís altranais sa NCHCD agus cuireadh dhá chlinic uathrialacha ar bun faoi cheannas altraí, an Clinic Tástála Iompróirí agus an Clinic Athchuir Nua.

Reáchtáladh an Cúrsa Téachtaithe bliantúil dhá lá in Aibreán i mBlia na hOileánaí Sláinte na Tríonóide. D'fhreastail 78 gairmí cúraim sláinte ó raon disciplíní ar an gcúrsa ó áiteanna ar fud na hÉireann.

Reáchtáladh an Siompóisiam Altraí Haemaifilia Domhanda i mBaile Átha Cliath i mBlia na hOileánaí Sláinte na Tríonóide. Bhí 250 toscaire i láthair ó gach cearn den domhan. Glacadh le hachomaireachtaí agus thug na haltraspeisialtóirí clínicíúla seo a leanas cur i láthair ó bhéal:

- Gillian Farrell, *'Hepatitis C and HIV infection in patients with haemophilia'*.
- Victoria Graham, *'The development of nurse led clinics in haemophilia'*.
- Eadaoin O'Shea, *'The use of AV fistula's in patients with haemophilia'*.
- Dr. James O'Donnell, *Haemaiteolaí Comhairleach a chur tús lena phost i Meitheamh 2005.*

TUARASCÁIL ALTRANAIS

Ceapadh triúr banaltra nua sa Stiúrtóireacht, Anne Campbell Uasal, Altra Idirchaidrimh Oinceolaíochta, Loraine Brennan Uasal, Altraspeisialtóir Clínicíúil sa Haemaiteolaíocht agus Majella Moran Uasal, Altra Tacaíochta Clínicíúil. D'éirigh Sheila Clarke Uasal, CNMS 3 san Ionad Cúraim Lae as tar éis 34 bliain de scoth na seirbhíse do chúram othar.

Oideachas

Tugadh Cúrsa Oinceolaíochta cúig lá isteach go náisiúnta, faomhaithe ag an mBord Altranais, do na haltraí go léir a bhíonn ag obair leis an Oinceolaíocht.

Rinneadh forbairt ar mhodúl ceimiteiripe a thabharfadh deis d'altraí nach bhfuil in ann cúrsa iarchéime a dhéanamh lena scileanna agus a n-eolas sa disciplín seo a fhorbairt tuilleadh agus cuireadh Clár Bonnchúsa ar bun d'Altraí Haemaiteolaíochta, é d'aidhm aige an t-eolas agus na scileanna riachtanacha chun feidhmiú go sábháilte i réimse na hoinceolaíochta a chur ar fáil d'altraí ginearálta cláraithe nach raibh aon taithí acu go dtí seo san oinceolaíocht.



STIÚRTHÓIREACHT MedEI

Tá bardaí iontrála, athshlánaithe agus cúraim leanúnaigh ag an Stiúirthóireacht um Liacht do Dhaoine Scothaosta (MedEI) agus ospidéal lae a chuireann seirbhísí athshlánaithe agus liachta ar fáil d'othair. Tá Roinn Othar Seachtrach gnóthach agus cuimsitheach inti agus cuireann sí raon clinicí chúram siúlach speisialaithe ar fáil. Lean taighde a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leis ar aghaidh i mbliana i gcomhar le hInstitiúid Mercers ar Thaighde i nDáil le hAosú.

Tá forbairt Scoth-Aonad um Aosú Rathúil á phleanail faoi láthair ag Ospidéal San Séamas mar shaoráid ina mbeidh na hacmhainní cuí ar fáil, é dírithe ar ildhisciplíní, ag tabhairt ceannasaíochta trí dhea-shampla chomh maith le teagasc foirmiúil agus oiliúint phraiticiúil agus taighde i ndáil le gach gné a bhaineann le cúram sláinte do dhaoine scothaosta.



An tOllamh Davis Coakley
STIÚTHÓIR CLINICIÚIL

Nuala Kennedy Uasal
BAINSITEOR ALTRAÍ

Carol Murphy Uasal
BAINSITEOR GNÓ

01

AN BEALACH ISTEACH CHUIG OSPIDÉAL 4 MEDEI INA BHFUIL BARDÁI AGUS INSTITIÚID MERCER AR THAIGHDE I NDÁIL LE HAOSÚ.

02

DÉANANN BARDÁI IN OSPIDÉAL 4 IARRACHT ATMAISFÉAR BAILE A CHRUTHÚ D'OTHAIR

03

SOLÁTHRAÍONN OSPIDÉAL LAE ROBERT MAINE RAON TEIRIPÍ AGUS CÓIREÁLACHA AR BHONN CÚRAIM LAE D'OTHAIR SCOTHAOSTA

AONAD TITIME AGUS SIONCÓIPISE

Chuaigh Aonad Titime agus Sioncóipise (titim i laige), a d'oscail an Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí i mí na Nollag, i mbun oibre i mbliana. Cuireann sé measúnú agus cóireáil thapa, shaineolach agus thiomanta ar fáil don titim agus don titim i laige maraon le measúnú ar threise cnámh agus seachadann sé seirbhís rochtana thapa 'Suíomh Amháin - Stop Amháin. Déantar freastal ar othair go pras nuair a théann siad go dtí an Roinn Éigeandála nó má dhéanann Dochtúirí Teaghlaigh nó comhairligh iad a tharchur. Déantar na himscrúduithe go léir agus leagtar síos cóireálacha le linn na chéad chuairte. Tá sé d'aidhm aige seo feabhas suntasach a chur ar fhreastal éigeandála agus ar iontrálacha in ospidéal ghéarmhíochaine.

Bhí ceapachán an Ollaimh Rose Anne Kenny mar Ollamh i Seanliacht lánaimseartha i gColáiste na Tríonóide i rith Mheán Fómhair 2005 lánach i mbunú an aonaid seo. Is saineolaí domhanda í an tOllamh Kenny i réimse na titime agus titim i laige agus tá sí le bheith ina Stiúthóir ar an Scoth-Aonad um Aosú Rathúil.

SEIRBHÍS CHOSAINN CNÁMH AGUS CHÓIREÁIL OISTÉAPÓRÓISE

Cuireadh tuilleadh leis an gClinic Chosaint Cnámh tiomanta do bhainistíú othar le galar cnámh i 2005. Rinneadh an Clinic réamh-mheasúnaithe Oistéapóróise agus Chosaint Cnámh Speisialaithe faoi cheannas Altra a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh i 2005. Tá an clinic seo faoi cheannas an Ollaimh J. Bernard Walsh agus an Dr. Miriam Casey, maraon le hánraí taighde cnámh agus cláraitheoirí speisialaithe cliniciúla.

TIONSCNAIMH SCAOILEADH AMACH MOILLITHE

Bhí ról lárnach arís ag comhthionscnaimh bainistithe i mBru MedEl agus in aonad Aspen i nGort na Síliní i gcur chun cinn an phróisis chun othair a scaoileadh amach as leapacha in ospidéal ghéarmhíochaine.

Lean an t-aonad Athchumasú Pobail in Oispís na Maighdine air ag cur seirbhíse réamh-mheasúnaithe ar fáil áit a ndéantar athbhreithniú ar othair scothaosta laga a bhfuil fadhbanna soghluaiseachta acu i Roinn na nOthar Seachtrach MedEL agus scaoiltear isteach san Oispís iad mar is cuí.

Acmhainneachta Leapa Méadaithe Céim 1

Cuireadh leapacha i dtithe altranais phríobháideacha, a raibh maoiniú poiblí acu, ar fáil d'Ospidéal San Séamas mar chuid de Chlár Tionscnaimh Scaoileadh Amach Moillithe an HSE d'Ospidéal Teagaisc Acadúla Bhaile Átha Cliath (DATHanna), chun scaoileadh amach ó leapacha in ospidéal ghéarmhíochaine a éascú. Ba thionscnamh é seo ar cuireadh fáilte mhór roimhe ó thaobh na n-othar agus an ospidéal de, a chinntigh nach raibh leapacha ospidéal ghéarmhíochaine in úsáid go mícuí. D'fhéadfaí olthair scothaosta a raibh céim ghéarmhíochaine cóireála críochnaithe acu a scaoileadh amach go dtí timpeallacht níos oiriúnaí a d'fhreastail ar a riachtanais leanúnacha liachta agus altranais.


INSTITIÚID MERCER AR THAIGHDE I NDÁIL LE HAOSÚ (MIRA)

Ba bhliain rathúil eile í 2005 d'Institiúid Mercer i nDáil le hAosú, an buaic phointe i gColáiste na Tríonóide i mí na Nollag 2005 nuair a thángthas le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh faoin bhfógra faoi Chomhaltacht Taighde Cliniciúil Watts a bheidh bunaithe i MIRA.

Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Ollúntacht i Roinn na hAoiseolaíochta Liachta ar an Dr. J. Bernard Walsh.

CLINIC CUIMHNE

Faoi dheireadh 2005, rinneadh breis agus 3,000 measúnú ar othair sa Chlinic Cuimhne ó osclaíodh é. Tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag an tseirbhís seo dá cuid oibre i réimse cognaíochta agus bainistiú iompair othar a bhfuil cuimhne lagaithe acu de thoradh riochtaí lena n-áirítear mion-strócanna, galair Alzheimer agus Parkinsons agus néaltrú coirp Lewy.



STIÚRTHÓIREACHT SaMS

Clúdaíonn Stiúirthóireacht SaMS naoi speisialtachtaí lena n-áirítear Inchríneolaíocht, Gíneolaíocht, ENT, Oftailmeolaíocht, Deirmeolaíocht, Réamaiteolaíocht, Néareolaíocht, Néarfhiseolaíocht Chliniciúil agus an Roinn Míochaine Úraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDe). Tá an Seomra Scaoilte agus trí bharda d'othair chónaitheacha, Naomh Eoin, Víctor Synge agus Ospidéal 5 Aonad 3, agus ionaid lae siúlacha ag an gClinic GUIDe, an tIonad Cúraim Sláinte, an tIonad Lae Diaibéiteach agus an tIonad Lae Réamaiteolaíochta san áireamh freisin.

Cuireann an Stiúirthóireacht roimhe a chinntiú go mbunaítear cinntí cliniciúla, bainistíochta agus polasaí ar an gcleachtas is fearr agus go bhfaigheann an fhoireann forbairt phroifisiúnta leanúnach rud a fhágfaidh go mbeidh cúram othar éifeachtach, éifeachtúil agus cuí ar fáil.

Ceapadh an Dr. Colm Bergin mar Stiúthóir Cliniciúil i mí na Samhna ag teacht i gcomharbacht ar an Dr. Louise Barnes a bhí ina Stiúthóir Cliniciúil ó cuireadh an Stiúirthóireacht ar bun beagnach sé bliana ó shin. Ceapadh an Dr. Barnes ar Bhord an Ospidéil ó shin. Le linn 2005 bhí an Stiúirthóireacht rannpháirteach i roinnt tionscnamh ar fud an Ospidéil lena n-áirítear:

- Dul chun cinn pleananna le cuid mhór de sheirbhísí na Stiúirthóireachta a chomhdhlúthú in Ospidéal 5,
- Píolótú cárta coinne nua don Ospidéal,
- Réamhobair le córas téacsála SMS ar mheabhrúcháin coinní a thástáil.

Dhírigh seirbhísí altranais laistigh den Stiúirthóireacht ar fhorbairt foirne leanúnach agus ar fheabhsú seirbhísí altranais speisialaithe tuilleadh. Ar phríomhthionscnaimh 2005 áirítear clár tacaíochta cliniciúil ar Bharda Naomh Eoin a chuireann cúram ar fáil d'othair ranna E.N.T. agus Gíneiceolaíoch na Stiúirthóireachta, é dírithe ar na scileanna altranais máinliacha speisialaithe atá riachtanach a fhorbairt agus ar chreat struchtúrtha d'fhorbairt leanúnach foirne a chur ar fáil. Ceapadh Claire Noonan Uasal mar Altra Tacaíochta Cliniciúil ar an mbarda ar feadh cúig mhí.

SEIRBHÍSÍ OTHAR SEACHTRACH

Chuir Stiúirthóireacht SaMS 47 clinic d'othair sheachtracha faoi cheannas lia comhairligh in aghaidh na seachtaine. Bhí an freastal in aghaidh na roinne mar seo a leanas:

Othair Sheachtracha SaMS	Iomlán 2004	Iomlán 2005
Deirmeolaíocht	4,782	5,271
Inchríneolaíocht	6,919	6,643
E.N.T.	4,148	3,960
GUIDe	17,313	16,724
Gíneiceolaíocht	3,777	3,465



An Dr. Louise Barnes
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL (GO DTÍ LÚNASÁ 2005)

An Dr. Colm Bergin
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL (Ó SHAMHAIN 2005)

An tUasal Ray Bonar
BAINSITEOIR GNÓ

Margaret Codd Uasal
BAINSITEOIR ALTRAÍ

Othair Sheachtracha SaMS	Iomlán 2004	Iomlán 2005
Néareolaíocht	1,415	1,505
Oftailmeolaíocht	2,198	2,267
Réameolaíocht	3,623	4,070
Iomlán	40,468	43,905

SEIRBHÍSÍ BARDA LAE

Chuir Stiúrthóireacht SaMS seirbhísí barda lae (liachta agus máinliachta) ar fáil thar ocht speisialtacht.

Is iad seo a leanas an freastal in aghaidh na roinne:

Cásanna Lae SaMS	Iomlán 2004	Iomlán 2005
Deirmeolaíocht	2,895	4,082
Diaibéitic/Inchríneolaíocht	10,378	10,898
E.N.T.	189	192
GUIDe	3,013	3,111
Gíniceolaíocht	160	194
Néareolaíocht	108	106
Néarfhiseolaíocht	877	916
Réameolaíocht	2,829	3,090
Iomlán	20,449	22,589

AN SEOMRA SCAOILTE

I 2005, bhain 4,527 othar úsáid as an Seomra Scaoilte ar an lá a scaoileadh amach as an Ospidéal iad. Tá sé mar aidhm ag an Seomra Scaoilte amanna feithimh a laghdú agus ligean isteach othar sa Roinn Éigeandála a éascú agus a shruthlíniú.

DEIRMEOLAÍOCHT

Rinneadh freastal ar 2,531 othar nua agus ar 2,750 othar in athuair sa roinn othar seachtrach. Bhí os cionn 3,000 cuairt othar san Ionad Cúraim Lae Fótaiteiripe agus anuas air sin cuireadh cóir ar 1,000 othar sa chlinic cóireála faoi cheannas altra.

Chuir an Dr. Louise Barnes tús le clinic a bhí á sheachadadh ag lia comhairleach áit a ndéanfaí athbhreithniú ar othair le soiríais agus míocóis fhungáideach ar theiripe sistéamach casta. Ceadáíonn struchtúr an chlinic athbhreithniú cuimsitheach ar othar a bhfuil galar forleathan orthu.

Tá an t-aon fhoireann ildisciplíne (MDT) seanbhunaithe d'aile craicinn in Ospidéal San Séamas. Rinneadh athbhreithniú agus uasghrádú ar na bunachair sonraí do NMSC agus do mheileanóma i 2005. Is easnamh mór don tseirbhís aile craicinn i gcónaí é bainisteoir sonraí aile craicinn. Ceapadh Olyvia Harney Usal mar CNS lán-aimseartha sa Deirmeolaíocht.

I Meán Fómhair, ceapadh an Dr. Patrick Ormond mar Dheirmeolaí Comhairleach agus máinlia Deirmeolaíoch agus fuarthas maoiniú chun an chéad Roinn Máinliachta Miocagrafaic Mohs a bhunú i bPoblacht na hÉireann. Cuirfidh sé seo ar chumas othair a bhfuil ailís craicinn casta acu a thagann arís agus arís cóireáil máinliachta a fháil in Ospidéal San Séamas in áit taistil go dtí an Ríocht Aontaithe. Bhí deis ann úsáid a bhaint as na saoráidí cuimsitheacha san obrádlann beag ag an Ionad Máinliachta lae agus rinneadh formhór na máinliachta deirmeolaíochta ansin.

INCHRÍNEOLAÍOCHT

Cuireann an tseirbhís Inchríneolaíochta seirbhís chliniciúil ar fáil d'othair le diaibéitis agus neamhoird mheitibileacha agus inchríneacha agus tá an tseirbhís ag fás go tapa i gcónaí.

Rinneadh freastal ar 13,529 othar in iomlán ag an Ionad Lae Diaibéiteach.

Anuas air sin thug 3,497 othar seachtrach cuairt ar na clinicí diaibéitis désheachtainiúla d'othair sheachtracha. Tugadh córas ord tosaíochta faoi cheannas altra isteach ag an Ionad chomh maith le clár oideachais grúpa d'othair le diabéiteas a diagnósíodh le deireanaí.

D'fhreastail 2,607 othar in iomlán ar chlinicí inchríneolaíochta ginearálta d'othair sheachtracha, cuid mhór níos mó ná mar a d'fhreastail i 2004. Tháinig fás tapa ar an tseirbhís aile tíoróideach agus d'fhreastail 34 othar a diagnósíodh le deireanaí uirthi le go gcuirfí cóireáil orthu, b'shin thart ar leath de na cásanna nua sa tír. Bronnadh ceadúnas i mbliana chun freastal ar líon méadaithe na n-othar a raibh gá acu le teiripí spriocdhírthe radaighníomhacha sa Seomra laidín Radaighníomhach i mBarda Víctor Synge. Bunaíodh Clinic Ailse Tíoróidigh ildisciplíne tiomanta freisin. Is é an tInchríneolaí, an tOllamh Michael Cullen a bhí i gceannas ar fhorbairt agus ar bhainistiú an tionscadail seo.

I nDeireadh Fómhair, bhunaigh na Ranna Inchríneolaíochta agus Oftaimeolaíochta Clinic Scagthástála Reitinneach Diaibéiteach chun cuidiú le comharthaí luatha den ghalair súl diaibéiteach a aimsiú. Is iad an tOllamh John Nolan, Inchríneolaí, agus an tOftailmeolaí, an Dr. Susan Mullaney a bhí i gceannas ar bhainistiú agus ar fhorbairt an tionscadail seo. Fágann an clinic nua gur féidir líon na n-othar a dhéantar scagthástáil bhiantúil orthu a ardú ó 690 go 1,380.

Is ionad lánach do theiripe caidéil insline é Ospidéal San Séamas. Cuireadh 17 othar nua in iomlán ar an teiripe caidéil i 2005. Rinne an tseirbhís seo cúram de 62 othar in iomlán le linn 2005.

CLUAS, SRÓN AGUS SCORNACH (E.N.T.)

Cuireann Máinliacht Chinn agus Mhuiníl E.N.T. cúram ar fáil d'othair a bhfuil riochtaí neamhurchóideacha agus urchóideacha orthu a bhaineann leis na cluasa, an tsrón agus an scornach.

Rinneadh freastal ar 1,939 othar nua agus ar 2,021 othar in athuair ag na ceithre chlinic d'othair sheachtracha a reáchtáil in aghaidh na seachtaine i 2005.

Tá méadú 66% tagtha ar ualach oibre na Roinne seo le 10 mbliana anuas. Diagnóistear thart ar thrí othar le hailse cinn agus muiníl in aghaidh na seachtaine san Ospidéal. I 2005, b'ionann é sin agus breis agus 7% d'ualach oibre ailse an Ospidéil agus aon trian de na cásanna ar cuireadh cóireáil orthu go náisiúnta. Ceapadh Sinead Connors Uasal mar Chomhordaitheoir Ailse Chinn agus Mhuiníl.

Ba thionscnamh ardchaighdeán ar fud an Ospidéil é an Tionscadal Sábháilteachta Traicéatóime i 2005. Chuir an tionscadal seo go mór le caighdeán an chúraim d'othair agus laghdaigh na rioscaí a bhaineann le bainistiú Traicéatóime. Bhí baint lárnach ag ceapadh Joanne Johnson mar Éascaitheoir Sabháilteachta Traicéatóime leis an gcaoi ar éirigh leis an tionscadal.

Chuir an Roinn plean ar fáil freisin i 2005 le forbairt a dhéanamh ar thástáil chuasanach ina seomraí éisteolaíochta an bhliain seo chugainn. Is é an tUasal Brendan Conlon, Otalaraingeolaí, a bhí i gceannas ar fhorbairt agus ar bhainistiú an tionscadail.

GUIDE

Bíonn seirbhísí ag an Roinn Mhíochaine Uraiginitíúil agus Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDe) a chlúdaíonn galair ghnéas-tarchurtha, ionfhabhtú HIV, cúram ginearálta galair ionfhabhtaigh agus seirbhís chomhairleach d'othair chónaitheacha ar fud an Ospidéil. I 2005 tháinig ardú ar fhreastal othar seachtrach go dtí 24,158.

Cursíos	Nua	In Athuair	Iomlán
freastal ar sheirbhís HIV	193	4,135	4,328
freastal ar sheirbhís STI	6,548	4,182	10,730
Galair Ionfhabhtaíochta freastal othar seachtrach	51	291	342
freastal ar sheirbhís do Dhaoine Óga	297	267	564
freastal othar seachtrach HIV-Hep C		691	691
freastal NEWFILL	15	24	39
freastail ar Bharda Lae	328	1,105	1,433
freastal ar Thorthaí / Chlinicí Altraí		4,335	4,335
freastal ar Vaicsíniú	443	1,196	1,639
freastal ar sheirbhís Fleibeatóime*	49		49
freastal ar Mheasúnú IAR-Ospidéalú*	8	8	
Iomlán Gníomhaíochtaí Othar Seachtrach	7,936	16,222	24,158

* Arna gcruithiú ag deireadh 2005.

Ceapadh an Dr. Susan Clarke mar Shainchomhairleoir i nGalair Ionfhabhtaíochta. D'fhan an Dr. Concepta Merry ar shaoire shabóideach agus obair thaighde agus cliniciúil ar siúl aice i Míochaine HIV i Uganda.

Ceapadh an Dr. Colm Bergin mar Stiúrthóir Cliniciúil ar Stiúrthóireacht SaMS agus atoghadh é mar Stiúrthóir Speisialtachta Náisiúnta (NSD) do Ghalair Ionfhabhtaíochta, Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn (RCPI).


Is í an tOllamh Fiona Mulcahy a bhí ina Cathaoirleach ar Choiste Eagrúcháin Chruinniú an European AIDS Clinical Society a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna. D'fhan an tOllamh Mulcahy mar NSD do Mhíochaine GU, RCPI.

Ceapadh Deborah Ward Uasal mar Altra Idirchaidrimh HIV agus cuireadh Sandra Delamere Uasal, Ardchleachtóir Altranais i sláinte gnéis, san áireamh i dtionscadal náisiúnta altraí ag tabhairt oidis atá á reáchtáil ag an gComhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Altranais agus Cnáimhseachais.

ROINN DE THIONSCNAIMH AGUS DE THOGRÁI NA BLIANA 2005:

- Seoladh láithreán gréasáin faoi leith www.guide2guide.ie i mí na Nollag i gcomhar leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha. Is é cuspóir atá leis an láithreán gréasáin comhairle agus eolas a chur ar fáil do dhaoine maidir le sláinte gnéis.
- Cuireadh seirbhís siúl isteach ar bun maidir le clinicí sláinte gnéis.
- Rinneadh athbhreithniú ar phróisis OPD d'fhonn freastal don ardú ar líon na n-othar atá ag freastal ar an roinn.
- Cuireadh clinic ar bun maidir le riar NEWFILL ar othair le lipeachnaí éadain.
- Cuireadh plean faoi bhráid maidir le seirbhís antaibheathaigh baile a thabhairt chun cinn.
- Ciste a aimsiú do ranganna i bhFraincís na míochaine d'fhonn an chumarsáid idir baill foirne agus othair a fhreastalaíonn ar an gclinic nach é an Béarla an chéad teanga acu a fheabhsú. Thug an clinic gur aistríodh roinnt leabhráin eolais d'othair go dtí sé cinn de theangacha d'fhonn freastal ar an líon níos mó i gcónaí othar thar tír isteach atá ag freastal ar na seirbhísí.
- Cuireadh iarratas faoi bhráid maidir le Lia Comhairleach sa Mhíochaine Uraiginitíúil a cheapadh.

Líon na nOthar nua Ailse Gíneolaíochta



GÍNEOLAÍOCHT

Cuireann an tSeirbhís Gíneolaíochta in Ospidéal San Séamas aire agus cóireáil ar fáil d'othair ó cheantar áitiúil an ospidéal agus ó réigiún níos forleithne leis an gcósta thoir. Cuireadh cóireáil ar fáil maidir le riocht ghinearálta gíneolaíochta, oinceolaíocht, neamhchoinneálacht lamhnáin agus inchríneolaíocht ghíneolaíochta (éadoircheasacht agus sos míostraithe).

Cuireann an tSeirbhís Oinceolaíochta Gíneolaíochta seirbhís áitiúil, réigiúnach agus for-réigiúnach ar fáil d'othair a bhfuil ailse ghíneolaíochta orthu. Tá ardú 35% tagtha ar líon na gcásanna atreorúcháin le trí bliana anuas is ionann anois agus 8% den ualach oibre náisiúnta san oinceolaíocht ghíneolaíochta. Sa bhliain 2005, bhí an tríú cuid de na cásanna atreorúcháin a raibh an tríú céim i gceist leo, agus 12% acu ag teacht ó limistéar lár tíre FSS. Is léiriú an iliomad cineál éagsúil cóireála a raibh gá leo ar a chasta agus a bhí cásanna áirithe.

Tharla ocht gcinn de sheisiúin obrádlainne gíneolaíochta in aghaidh na seachtaine. Rinneadh 504 gnáthamh ar fad i rith na bliana 2005. Bhí ceithre chlinic gíneolaíochta othar seachtrach in aghaidh na seachtaine ann chomh maith ar cuireadh cóir ar 1,197 othar nua agus 2,268 othar athchuirte acu.

Bhain Roinn na Gíneolaíochta aitheantas amach mar Ionad Oilíúna Fhospeisialtóra Cláraithigh san Oinceolaíocht Ghíneolaíochta i rith na bliana 2005.

NÉARFHISEOLAÍOCHT CHLINICIÚIL

Is cuid de Sheirbhís Néarfhiseolaíochta Cliniciúla Bhaile Átha Cliath Theas Roinn na Néarfhiseolaíochta Cliniciúla ina gcuirtear réimse seirbhísí imscrúdaithe/diagnóiseacha ar fáil, ina measc Staidéir ar Sheoladh Néaróg (NCS), Leictremíografaíocht (EMG), Tástáil Chainníoch Chéadfach (QST), Leictreinceifileagrafaíocht (EEG) agus Ionchas ó Spreagadh Sómatachéadfach (SSEPs), Freagraí i Stoc na hInchinne ó Spreagadh Éisteachta (BAERS) agus Freagraí ó Spreagadh Radharcach (VERs). Déantar roinnt den obair in Ospidéal San Séamas.

Eagraíonn an Dr Connolly, atá i gceannas ar chúrsaí oideachais agus taighde, seisiúin meithle do Theicneoirí Tomhais Néarfhiseolaíochta a bhfuil d'aidhm leo dul i bhfeabhas a dhéanamh maidir le modhanna agus caighdeáin i gcás na scrúduithe néarfhiseolaíochta a dhéantar.

NÉAREOLAÍOCHT

Cuirtear seirbhís chomhairleach othar cónaithe ar fáil i Roinn na Néareolaíochta do Ranna uile an Ospidéal. Bhí 676 othar nua agus 829 othar athchuirte a d'fhreastail ar na ceithre chlinic othar seachtrach in aghaidh na seachtaine i rith na bliana 2005. Rinneadh bainistíocht sna clinicí sin ar réimse tinneas néareolaíochta, ag cur seirbhíse ar fáil do limistéar an Ospidéal féin chomh maith le cásanna a cuireadh faoi bhráid as limistéir nach bhfuil an tseirbhís sin ar fáil iontu. Rinneadh athbhreithniú sa Roinn ar timpeall is 430 beart comhairle ar othair lae.

Cuireadh le Roinn na Néareolaíochta le linn na bliana 2005 nuair a ceapadh an dara dochtúir comhairleach, an Dr Colin Doherty sa Roinn agus an chéad Bhainisteoir Altraí Clinice, Margaret Fitzgerald Uasal. Tá de rún ag an Dr Doherty, a d'oibrigh in Ollscoil Harvard agus in Ospidéal Beaumont roimhe seo, seirbhís maidir le titimeas a chur ar fáil san Ospidéal.

OFTAILMEOLAÍOCHT

Cuirtear seirbhís dhiagnóiseach d'othair chónaitheacha agus d'othair lae as limistéar an Ospidéal féin ar fáil i Roinn na hOftailmeolaíochta. Tugadh aire do 735 othar nua agus 1,532 othar athchuirte i gclínice othar seachtrach agus i gclínice lae i rith na bliana 2005. Cuirtear cóireáil ar na hothair a bhfuil gá acu le hiomháu diagnóiseach ardoftailmeolaíochta, máinliacht nó cóireáil léasair in Ospidéal Súille agus Cluaise an Royal Victoria faoi chúram an dochtúra atreorúcháin, nós lena gcuirtear leanúnachas ar fáil sa chúram chomh maith le teacht ar an réimse iomlán áiseanna diagnóiseacha agus cóireála san oftailmeolaíocht.

Chuaigh an tUasal Hugh Cassidy ar pinsean i rith na bliana 2005 tar éis blianta fada ag cur seirbhíse saineolais, lán taithí ar fáil. Ceapadh Aoife Doyle Uasal, arb é glácóma is sainspéis léi, ina áit.

I mí Deireadh Fómhair, bhunaigh Roinn na hInchríneolaíochta agus Roinn na hOftailmeolaíochta Clinic Scagadh Reitine do Dhiabéitigh d'fhonn comharthaí go bhfuil galar súl diabéiteach i ndán a thabhairt faoi deara go luath. Is í an Dr Susan Mullaney an príomhoftailmeolaí maidir leis an togra seo a stiúradh agus a thabhairt chun cinn. Fágann an clinic nua gur féidir scagadh a dhéanamh ar 1,380 othar in aghaidh na bliana i gcomórtas le 690 othar roimhe seo.

RÉAMAITEOLAÍOCHT

Tagann faoi scáth na Seirbhíse Réamaiteolaíochta trí cinn de chlinicí d'othair sheachtracha in aghaidh na seachtaine, clinic gnáthaimh amháin in aghaidh na seachtaine, saothrú mar chuid den ghnáthróta míochaine ar glao-dhualgas ar bhonn

duine in aghaidh an naonúir, seirbhís comhairle gach lá san Ospidéal arna tabhairt ag Dochtúir Comhairleach, an tIonad Lae Réamaiteolaíochta, atá á úsáid faoi láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar theiripe ghalarrathraitheach agus teiripe mheatraitreicséad inmhatánach a chur ar fáil, chomh maith le beartaíocht i gcúrsaí oideachais. Tá clár teagaisc ildisciplíneach sa réamaiteolaíocht faoi stiúir dhochtúra comhairligh agus comhdháil seachtainiúil faoin raideolaíocht mar chuid de sin. Tháinig ardú go dtí níos mó ná 4,000 ar líon na n-othar seachtrach i mbliana de bharr othair nua a cuireadh faoi bhráid.

Ceapadh Christine Doyle i mí Eanáir ar an gcéad Speisialtóir Altrachta Clinice sa Réamaiteolaíochta san Ospidéal. Tá athrú suntasach curtha aici ar an tseirbhís, ag fónamh d'oideachas na n-othar, caidreamh le hothair agus leis an bhfoireann, do phrótacáil mar gheall ar ghalair agus ar dhruaí a thabhairt chun cinn, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí monatóireachta agus sábháilteachta maidir le hoibreáin ghalarrathraitheacha d'othair a bhfuil airtríteas athlastach / soithíteas orthu.

D'éagraigh an Dr M. Doran agus an Dr G. Cunnane Cruinniú Cinn Bhliana Chumann Réamaiteolaíochta na hÉirean in Ospidéal San Séamas i mí Deireadh Fómhair. An Tánaiste, Mary Harney, a thug an príomhthéasc inar leagadh béim ar a thábhachtaí agus atá maoiniú do chlinicí luathchóireála i gcás an airtritis. D'fhreastail níos mó ná 200 ar an ócáid gur chuala na haoichainteoirí an tOll. Sherine Gabriel ón Mayo Clinic agus an tOll. David Wofsy ón University of California, San Francisco.

Bhí ionadaíocht ag an Ospidéal ar Thoscaireacht Réamaiteolaíochta a d'fhreastail ar chruinniú do Choiste Sláinte agus Leanaí an Oireachtais chun aird a dhíriú ar an ngá le hardú san airgead a chuirtear ar fáil do na seirbhísí bunúsacha réamaiteolaíochta in Éirinn. Measadh go raibh príomhthábhacht le cur leis na seirbhísí in Ospidéal San Séamas.

Chomh maith leis an tsuim sa teagasc i Roinn na Réamaiteolaíochta, toghadh an Dr Cunnane ina Stiúrthóir Speisialtachta Náisiúnta maidir le Réamaiteolaíochta. Cuireadh tús ar bhonn píolótach, i gcomhar le Roinn na Teiripe Saothair agus Roinn na Fisiteiripe agus le ciste ó Airtríteas Éireann, le tionscnamh nua (RAISE – Rheumatoid Arthritis Informed Support and Education) d'othair a bhfuil airtríteas athlastach orthu.

Rinneadh páirt-athchóiriú ar an Ionad Lae Réamaiteolaíochta ionas gur féidir úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an spás atá ar fáil, oifigí a chur ar fáil do CNS agus SpR san áireamh, le hairgead ón taobh amuigh.

Bhí buntáiste mhór maidir le teagasc agus oiliúint fhoireann na Réamaiteolaíochta agus le GIM agus seirbhísí speisialtóra a chur ar fáil as an maoiniú leanúnach ar an bpost breise cláraitheora mar a mhol an ICHMT.

Leanadh leis an tionscnamh lena mbíonn fáil díreach ar Réamaiteolaíocht – Fisiteiripe. Déantar soláthar leis sin do dhochtúir teaghlaigh i limistéar áitiúil an ospidéil a chuireann othair ar aghaidh go díreach le haghaidh fisiteiripe in áit fuireach fada gan údar ar liosta Roinn na nOthar Seachtrach maidir le Réamaiteolaíocht.



STIÚRTHÓIREACHT GEMS



An Dr. P. W. N. Keeling
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

Catherine Carey Uasal
BAINISTEOR ALTRAÍ

Patricia Malone Uasal
BAINISTEOR GNÓ

01
AN BEALACH ISTEACH CHUIG AN IONAD MÁINLIACHTA LAE

02
AN TIONAD NUA MÁINLIACHTA LAE

RÉAMHRÁ

Is iad na réimsí seo a leanas a thagann faoin Stiúirthóireacht GEMS, liacht agus máinliacht Ghastraistéigeach, Liacht Ghinearálta lena n-áirítear Heipiteolaíocht, liacht Duánach, Úireolaíocht agus Máinliacht Ghinearálta.

Rinneadh na háiseanna GEMS d'Othair Sheachtracha a oscailt i gCéim 1H i mí Eanáir 2005. Tá dhá svuít d'othair sheachtracha ina bhfuil ceithre sheomra scrúdaithe an ceann san áis seo. Tá an tseirbhís altrachta Chúram Stóma, Clinic Chóirithe agus Saotharlann Fheidhm GI san áis chomh maith. Nascadh Oifigí Stiúirthóireacht GEMS agus oifigí na Lianna Comhairleacha freisin, chomh maith le rúnaithe na Lianna Comhairleacha. Cuireadh próisis nua ar bun chun caomhchóiriú a chur ar na seirbhísí lae d'othair a fhreastalaíonn ar na clinicí d'othair sheachtracha ionas gur fearr an áisiúlacht agus an caighdeán do lucht úsáide na seirbhíse sin againn.

AN TSEIRBHÍS DHUÁNACH

Ghlac Aonad Scagdhealaithe Ospidéal San Séamas páirt sa Ghrúpa Oibre de chuid FSS maidir le Straitéis Dhuánach i rith na bliana 2005. Bhí an Bainisteoir Altraí Cliniciúla Gníomhach, Anna Marie Murray, ina hionadaí thar ceann an aonaid ar an bhFo-Ghrúpa Réamhscagdhealaithe. Bhí an Fo-ghrúpa sin ag obair ar mholtaí maidir le Seirbhísí Ghlanta Créitíníne Ísle in Éirinn, agus go háirithe ar an ngá atá le páirt CNS i gclinicí foirne Ildisciplíne.

Seirbhís Réamhscagdhealaithe

Féachann an tAonad Scagdhealaithe le seibhís réamhscagdhealaithe den scoth a chur ar fáil d'Othair Duán leis na hacmhainní atá ann cheana go dtí go gceaptar CNS faoi leith a d'oibreodh mar chuid d'fhoireann ildisciplíne

Cuirtear oideachas Réamhscagdhealaithe ar fáil do na hothair ar fad a fhreastalaíonn ar an tseirbhís seo, d'fhonn cuidiú leo rogha lán eolais a dhéanamh maidir leis an modh cóireála; chomh maith le, vaicsíniú heip-B agus comhairleachán iar-vaicsínithe mar atá sna treoirlínte náisiúnta; rochtain an tseicín nó soithíoch i bhfoirm fhíostúil artairfhéithigh agus réamhobair do thrasphlandú scagdhealaithe.

Chuidigh an tAonad Scagdhealaithe le baill den fhoireann freastail ar chomhdhálacha d'fhonn coinneáil ar an eolas faoi chleachtais na linne ar fud an domhain. D'fhreastail an tAltra Foirne, Marie Owens, ar Chomhdháil an ANNA – American Nephrology Nurses Association Conference – i Las Vegas Mheiriceá i mí Márta 2005.

Reáchtáladh tráthnóna Oideachais Ildisciplíne Réamhscagdhealaithe sa bhliain 2005 ar an fhreastail 12 othar agus a gcuid neasghaolta. Cuireadh na roghanna maidir le modhanna scagdhealaithe i láthair dóibh. Chuir sin ar chumas na n-othar rogha lán eolais a dhéanamh maidir leis an gcóireáil a chuirfí orthu d'fhonn teacht chomh maith agus ab fhéidir lena stíl maireachtála. Bhí moladh sna freagraí a tugadh ar cheistiúcháin mheasúnachta a scaipeadh ag an gcrúinniú.

AN TIONAD HEIPITEOLAÍOCHTA

Tá an tIonad Heipiteolaíochta dírithe ar na hothair agus an tseirbhís á cur ar fáil ag lianna comhairleacha. Lean an fhoireann altrachta ag tabhairt chlinicí Chóireáil faoi Stiúir Altraí chun cinn agus bhí borradh faoin obair sna clinicí sin i rith na bliana 2005.

Bunaíodh clinic cóireála taobh amuigh de láthair an ospidéal i rith na bliana 2005 atá ina thionscnamh i gcomhar idir an tIonad Heipiteolaíochta agus Seirbhísí Andúile Shráid an Chaisleáin. Déantar othair a mheas ar láthair an phobail agus ar láthair an Ospidéal araon agus déantar monatóireacht mar gheall ar an gcóireáil tríd an dá aonad. Ba cor nua chun feabhais a bhí anseo trína nasctar an cúram príomhúil a chuirtear ar fáil sa phobal féin, faoi stiúir Mharie McGrath, a rinne cur i láthair éagsúla le daoine den fhoireann altrachta sna Seirbhísí Andúile agus sna príosúin i mBaile Átha Cliath.

Cuireadh post comhordaitheora Altra Trasphlandaithe Caidrimh ar bun i rith na bliana 2005 maidir leis an Ionad Heipiteolaíochta in Ospidéal San Séamas agus an tAonad Trasphlandaithe in Ospidéal San Uinseann.

D'eagraigh foireann altrachta an ionaid cur i láthair agus tionscnaimh chothú sláinte don phobal áitiúil a chuirfeadh lena gcuid tuisceana. Bhí sin ar siúl anuas ar a ndúthracht maidir leis an bhforbairt ghairmiúil agus bearta mhúscailt tuisceana maidir le galar ae, an toradh a bhíonn air agus na modhanna cóireála atá ar fáil.

Thosaigh roinnt daoine ar fhoireann an Ionaid ar chúrsaí léinn i rith na bliana – Sharon Keating (Teastas sa Chomhairleoireacht, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad), Anne Grogan (Céim Mháistreacht san Eolaíocht Altrachta, Coláiste na Tríonóide) agus Jenifer Smith (Dioplóma i léann an Óil agus na hAndúile, A.T.I. Sráid Chill Dara). Chríochnaigh Nicola Foley cúrsa VEID/SEIF an Ospidéal agus chríochnaigh Helena Irish, Jenifer Smith agus Marie McGrath an Cúrsa maidir le Tuisceant ar Alcól.

Tá na haltraí Foirne ar fad a oibríonn san Ionad Heipiteolaíochta ina mbaill de Chumann Altraí Heipiteolaíochta na hÉireann agus déanann siad freastal ar chruinnithe rialta. Choinnigh an eagraíocht sin ag cur feabhais ar an gcumarsáid agus ar an gcaidreamh idir na hIonaid Heipiteolaíochta ar fud na hÉireann.

Bhí na lianna comhairleacha agus ionadaithe de chuid altráí an Ionaid Heipiteolaíochta in Ospidéal San Séamas ag obair i gcomhar le FSS ar pholasaí réigiúnach HCV atá le foilsiú. Treisíodh arís i rith na bliana leis an gcumarsáid le grúpaí ionadaíochta de chuid na n-othar. Tá ionadaíocht ag an aonad ar Fhóram Réigiúnach Heipitíteas C FSS.

AN CLINIC CÍCHE

Cuid de na seirbhísí ailse in Ospidéal San Séamas an Clinic Cíche lena gcuirtear áis luathfheiceála, trí-mheasúnachta ar fáil ina ndéantar scrúdú cliniúil, imscrúdú diagnóiseach, diagnóis agus comhairle don othar in aon chuairt amháin. Tá ardú 500% tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí an Chlinic ó osclaíodh é sa bhliain 1997 agus lean an borradh i rith na bliana 2005 nuair a rinneadh diagnóis an lá céanna ar 87% de na hothair agus diagnóis á dhéanamh ar 81% de na cásanna ailse cíche ar lá na cuairte.

Bhí an Fhoireann Ildisciplíne Cúraim Cíche i mbun chúram an chomhair agus cruinnithe foirne gach seachtain ann d'fhonn cinntiú gur de réir na dtreoirilínte sárchleachtas bunaithe ar phrótacál na cinní faoi chóireáil. Lean foireann an aonaid i rith na bliana 2005 den obair chun cur le caighdeán na seirbhíse agus baineadh amach na spriocanna maidir le struchtúr agus foireann is gá chun an tseirbhís a chur ar fáil in aonad sainiúil ar a fheabhas. Tá súil go n-osclófar sin go luath sa bhliain 2006 agus beidh ionad fáilte agus láthair feithimh ann, seomraí comhairle clinice, seomra asaithe, seomra maidir le comhairle ar othair agus seomra d'othair maidir le próistéis a fheistiú tar éis mháinliacht chíche. Beidh feabhas suntasach ar chaighdeán an chúraim don ghrúpa othar seo dá bharr sin uilig.

Bliain	Líon na nOthar a Chonacthas a nDearnadh	Diagnóis nó Cóireáil orthu maidir le hAilse Cíche
1997	304	67
2005	1,677	139

AN TSEIRBHÍS IONSCÓPACHTA

Rinneadh an tSeirbhís Ionscópachta, a bhíodh roimhe sin mar chuid den Ionad Cúram Sláinte, a nascadh i mí Aibreáin le hIonscópacht Máinliachta agus Úireolaíochta mar Aonad Ionscópachta nua ag Céim 1H. Tá an áis naoi seomra seo d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha ina mbíonn an teicneolaíocht is fearr amuigh ar fáil ar an áis is fairsinge dá leithéid in Éirinn agus é ina ionad atreorúcháin tríú céim maidir le gnáthaimh teiripeacha go leor san Ionscópacht.

Tugadh isteach le bliain anuas gnéithe tionscantacha nua maidir le teicneolaíocht na hionscópachta, Eintreascópacht Bhalúin Dhúbailte agus bithóipse TRUS ina measc, agus cuireadh tús le feachtas mór earcaíochta chun altráí a earcú agus a oiliúint san Ionscópacht. Leanadh den fhorbairt ghairmiúil i gcás na foirne altrachta agus leathnaíodh an ról atá acu go dtagann canúlú IV agus fleibeatóime faoina scáth.

Tugadh isteach ról nua do Chúntóirí Cúraim Sláinte sa seomra athphróiseála agus díshalaithe Ionscóipe. Rinneadh leathnú ar an gcóras Aimsithe agus Taifeadta (ar ríomhaire) ADAM go



dtagann íomháu ionscópachta san áireamh leis anois. Tá seomra seimineáir ildisciplíne ann le trealamh ilmheáin ardchaighdeáin a dhéanann fónamh i gcás seisiúin oideachais don fhoireann ar fad agus comhdhálacha ildisciplíne faoi chásanna ar leith.

Earcaíodh an chéad Ardchleachtóir Altrachta (Iarrthóir) san Altracht Gaistrentreolaíochta agus tá an próiseas creidiúnaithe maidir leis an suíomh agus an post ar siúl go fóill. Is é an aidhm atá le seirbhís an Ardchleachtóra Altrachta sa Ghaistrentreolaíocht clár cúraim iomlánach uilechuimsitheach ardchaighdeáin a chur ar fáil do na hothair. Tá béim ar leith maidir leis an tseirbhís sin ar chothú na sláinte agus ar bhainistiú agus leathnú na gclár faire maidir le hailse.


Rinne an tAonad Ionscópachta i gcomhar leis an Ionad Oideachais Altrachta freastal don Chúrsa san Ionscópacht d'Altraí i mí Deireadh Fómhair 2005. D'fhreastail ochtar altraí as ospidéal ar fud na tíre an cúrsa ó thús deireadh.

AN TAONAD IONTRÁLA GÉARMHÍOCHANE (AMAU)

Tá d'aidhm leis an Aonad Iontrála Géarmhíochane (AMAU) freastal do phróiseas iontrála éifeachtach ardchaighdeáin trí bhaill foirne agus acmhainní teicneolaíochta a lonnú go tréan ag an bpointe ina dtagtar isteach le haghaidh cúram clinice. Soirbhíonn an fáthmheas luath maille le himscrúdú agus cóireáil tráthúil le scaoileadh othar amach go luath, rud a fhreastalaíonn chomh maith agus is féidir do leapacha géarchúraim a bheith ar fáil san Ospidéal.

59 leaba atá san AMAU atá suite i ngar don Roinn Éigeandála agus do Roinn an Íomháithe Diagnóise. Lean an tAonad ag glacadh isteach othair leighis éigeandála 24 uair a chloig an lae, seacht lá na seachtaine agus ag oibriú an chórais 'dochtúir comhairleach an lae' trína nglacann an dochtúir comhairleach ginearálta atá ar glao-dhualgas freagracht maidir leis na hothair san aonad ar feadh tréimhse 24 uair a chloig agus an bainisteoir altrachta sinsearach freagrach as gnáthobair an Aonaid. Tá uainchlár duine in aghaidh an naonúir do dhochtúirí comhairleacha i bhfeidhm ag an Aonad agus foirne á roinnt i measc na ndochtúirí comhairleacha. Tá Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta a dhéanann maoirseacht maidir leis an Aonad, gach aon duine acu ina dhochtúir ginearálta comhairleach.

I rith na bliana 2005, tháinig timpeall is 400 othar in aghaidh na míosa isteach san Aonad agus bhí feabhas uileghabhálach ar an bpróiseas iontrála maidir le héifeachtacht agus giorrú arís ar fhad na gcuairteanna san Ospidéal.



01



02



03

ÉIGEANDÁIL

RÉAMHRÁ

Bhí Roinn Míochaine Éigeandála Ospidéal San Séamas leath bealaigh trí thogra mór tógála agus athchóirithe ar an tseanchóiríocht ag tús na bliana 2005. Bhí páirt ghníomhach ag Altra Togra Roinn na Míochaine Éigeandála, a ceapadh i ndáil leis an togra ag tús na tógála, sna cruinnithe seachtainiúla ar an láthair thógála idir na hailtirí, tógálaithe agus Roinn Pleanála an Ospidéil.

Eagraíodh seisiúin rialta chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas maidir le sceideal agus cora eile an togra tógála agus thug baill na foirne a dtuairim acu. Sular osclaíodh an foirgneamh nua, cuireadh foireann sainiúil ildisciplíne i mbun choimisiúnú na láithreacha nua.

Tugadh an obair ar Chéimeanna 3A, 3B, 4 agus 5 chun críche le linn ráithe tosaigh na bliana agus osclaíodh na láithreacha sin i mí Aibreáin. Ar an gcóiríocht a bhí ar fáil leis sin, bhí láthair géarchúraim cúig bhá, láthair mórghortaithe seacht mbá, dhá sheomra leithlise agus clós nua otharcharr. D'éirigh go breá leis an aistriú ón seanláthair a bhuíochas do chur chuige an mheithil ildisciplíne ag foireann Roinn na Míochaine Éigeandála agus baill foirne cúltaca san Ospidéal. Tréaslaíonn an Stiúrthóireacht an toradh le gach a raibh baint acu leis an obair.

Chuaigh an Stiúrthóir Clinice, Patrick Plunkett, i mbun feidhme mar phríomheagarthóir ar an European Journal of Emergency Medicine ag tús na bliana 2005.

Fuarthas deimhniú ón Roinn Airgeadais agus ó FSS go luath sa bhliain 2005 go raibh an ciste á chur ar fáil d'ardú ar líon na foirne. Cuireadh céimeanna nua foirne ar bun agus tharla ardaíthe céime go dtí céimeanna láithreacha freisin.

OIDEACHAS SAN ALTRACHT FAOI SCÁTH STIÚRTHÓIREACHT NA MÍOCHAINÉ ÉIGEANDÁLA

Cuireadh leis an oideachas agus an oiliúint ar altraí éigeandála sa bhliain 2005 nuair a tugadh isteach Altra Taca Cliniciúil (CSN).

Cuidíonn an CSN le hidraistriú altraí agus bhaill foirne nua eile go dtí an obair clinice agus leis an bhfoghlaim cliniciúil ar bhealach praiticiúil, feidhmiúil. Tagann san áireamh leis sin, gnáis nuálacha a thabhairt chun cinn le feabhas a chur ar a fheabhas a chuirtear seirbhís sláinte ar fáil, cuidiú le comhghleacaithe sa phleanáil, sa chur i bhfeidhm agus sa mheasúnú ar an gcúram agus ar na gnásanna is gá trí:

De bharr an ról seo a thabhairt isteach, tugadh isteach seisiúin oideachais ar leith maidir le haeráil neamhionrach, measúnú tráma, ról an altra sa tabhairt isteach mearshraithe agus monatóireacht ar chéatón fola.

Thosaigh 16 altra nua sa roinn i rith na bliana 2005. Bhí triúr altraí chomh maith a thosaigh ar Chéimeanna Máistreacht a gColáiste na Tríonóide agus i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



An tUasal P. K. Plunkett
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

Noelle Wallace Uasal
BAINISTEOR GNÓ

Joan Fitzgerald Uasal
BAINISTEOR ALTRAÍ

01

LEAPACHA CÓIRÉALA I ROINN NA MÍOCHAINÉ ÉIGEANDÁLA

02

BÁ CÓIRÉALA NUA-FHEISTITHE

03

STÁISIÚN ALTRAÍ I ROINN NA MÍOCHAINÉ ÉIGEANDÁLA

ÉIGEANDÁIL

ALTRA MEASÚNAITHE

Tugadh ról an Altra Measúnaithe chun cinn d’fhonn feabhas a chur ar chaighdeán agus ar thráthúlacht an chéad mheasúnú ar othair ar a bhfuil tinneas nó gortú trom gan iad i mbaol a mbáis láithreach

Soláthraítear leis an ról seo d’othair a chur in ord trátha de réir a riocht, do bhainistiú péine, d’imscrúdú clínicíúil tús áite agus d’aithint na n-othar a bhfuil gá acu le teiripe atá criticiúil ó thaobh ama.

Meitheal Bainisteoirí Altraí Clínicíúla ar leibhéal-1 a bhfuil clár oiliúna foirmeálta, cleachtadh faoi mhaoirseacht agus measúnú inniúlachta seasta acu a dhéanann an ról measúnaithe. Tá measúnacht ar éifeachtacht an ról ar bun faoi láthair.


FORBAIRTÍ ALTRANAIS MAIDIR LE MEASÚNÚ PIAN CLIABHRAIGH

I measc an dul chun cinn a rinneadh sa réimse measúnú pian cliabhraigh sa roinn éigeandála bhí forbairt phost an dara speisialtóir Altra Clínicíúil (CNS) agus forbairt an chéad Ardchleachtóir Altranais (ANP) sa chairdeolaíocht éigeandála, arna chreidiúnú ag an gComhairle Náisiúnta d’Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnámhseachais agus arb é an chéad ANP sa chairdeolaíocht éigeandála in Éirinn é.

Baineann na rólanna nuálacha sin le géarbhainistíocht agus cothú sláinte i ndáil le hothair a thagann chuig an roinn éigeandála, chuig an aonad measúnaithe pian Cliabhraigh nó chuig an gclínic athbhreithnithe pian cliabhraigh.

Is éard atá sa chlínic athbhreithnithe Pian Cliabhraigh clínic faoi threoir altraí i gcomhair othar tar éis dóibh a bheith scaoilte ón Aonad Measúnaithe Pian Cliabhraigh. Ar na seirbhísí a sholáthraíonn an clínic tá athbhreithniú ar airí, measúnú agus modhnú gné riosca, atreorú chuig seirbhísí speisialtóirí agus teagmháil le dochtúirí teaghlaigh. Bhí ardleibhéal freastail ar an gclínic (94%) le linn 2005 i gcomparáid le seirbhísí eile d’othair seachtracha, rud a léiríonn ardéileamh ar an tseirbhís agus sásamh léi.

Iontráil sa CPAU 2005



Iontráil sa CPAU 2005 ar lean

	Fir	Bain	Iomlán
Eanáir	31	38	69
Feabh	30	23	53
Már	38	30	68
Aib	43	27	70
Beal	34	27	61
Meith	36	32	68
Iúil	37	20	57
Lún	40	31	71
Meán Fómh	44	35	79
Deir Fómh	42	33	75
Samh	42	36	78
Noll	43	22	65
Iomlán	460	354	814

CLINIC ATHBHREITHNITHE PIAN CLIABHRAIGH FAOI THREOIR ALTRAÍ

Líon na nOthar i rith na bliana 2005

	Iomlán
Eanáir	54
Feabh	60
Már	56
Aib	59
Bealt	58
Meith	57
Iúil	37
Lún	54
Meán Fómh	67
Deir Fómh	68
Samh	61
Noll	58
Iomlán	689

SEIRBHÍS ÉIGEANDÁLA ARDCHLEACHTÓIRÍ ALTRANAIS (ANP-(E))

Soláthraíonn foireann ildisciplíneach an tseirbhís ANP (E) sa ‘Limistéar Cúraim Shiúlach’ ainmnithe laistigh den roinn. Soláthraítear seirbhís tiomnaithe d’othair le gortuithe nó riochtaí sonraithe a thagann isteach agus sruthlínítear othair a thagann isteach nach bhfuil i mbaol báis agus sa tslí sin baintear úsáid níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí as scileanna lia agus altranais, chomh maith le cur le sásamh na n-othar.

Toisc an clínic a bheith suite laistigh den Roinn cinntítear rochtain ar sheirbhísí diagnóiseacha agus cóireála mar speisialtachtaí raideolaíochta, saotharlainne agus clínicíúla. Bíonn rochtain níos fearr ag othair ar shainseirbhísí mar chásálacha, fisiteiripe, teiripe shaothair agus oibrí sóisialta liachta mar thoradh ar chomhoibriú níos fearr.

Thacaigh an sásamh a léirigh úsáideoirí na seirbhíse le linn 2005, torthaí taighde agus táscairí feidhmíochta cáilíochta eile, mar shampla líon na n-othar ar fhreastail an tseirbhís ANP orthu, leis an mbunús atá le leanúint le leathnú amach na seirbhíse.



VASCULAR SURGERY

RÉAMHRÁ

Tá trí ról lárnacha ag an Roinn Máinliachta Soithíche in Ospidéal San Séamas. Soláthraíonn sí measúnú agus bainistiú d'othair a bhfuil galar artaireach ag gabháil dóibh; ceirbreashoithíoch agus forimeallach araon. Soláthraíonn sí seirbhís chuimsitheach fhéitheach freisin agus mar an tríú rud soláthraíonn sí measúnú soithíoch neamhionsaitheach do na Ranna go léir san Ospidéal seo agus do go leor ospidéal eile.

MÁINLIACHT IONSOITHÍOCH

Lean réimse na máinliachta Ionsoithíche ag leathnú le torthaí den scoth. Tháinig méadú le linn na bliana ar úsáid beanguithe steinte chun ainéarais aortacha agus galar aorto-iliach a bhainistiú i gcás othar ar ardriosca chomh maith le hangaplaiste charatach le cosaint cheirbreach. Cuireadh cóireáil beanguithe steinte ar roinnt othar a raibh ainéaras tórcasach ag gabháil dóibh mar chuid de chomhchlár leis an Roinn Chardatórcasach.

AN TAONAD FÉITHEACHA

Lean an líon othras coise a ndearnadh freastal orthu san Aonad Féitheacha ag ardú agus bhí rátaí cneasaithe den scoth ann. Ghlac an t-aonad páirt i gcuinnithe oideachais chun cabhrú le húsáid cheart chóiriú comhbhrú a chur chun cinn. Cuireadh obair a bhí maoinithe trí dheontas CRAFT AE chun críche go rathúil. Maidir le féitheacha borrrha a bhainistiú, d'éirigh go maith le tabhairt isteach ainéistéise logánta agus cúraim lae d'eisídiú féitheach, ag úsáid léasair agus scléiriteiripe chúir. Thart ar cheithre mhí atá an liosta feithimh do chóireáil féitheacha borrrha.

SAOTHARLANN SOITHÍOCH

Bíonn an tsaotharlann soithíoch thar a bheith gnóthach i gcónaí agus cuireadh leis an ról atá ag íomháu déphléacsach forimeallach chun othair a roghnú do bhainistiú ionsoithíoch. Bronnadh M.Sc. ar Therese Fitzpatrick as a cuid oibre i réimse na staire nádúrtha a bhaineann le steanóis charatach nach mbíonn airíonna le sonrú uirthi. Chuir Colette Choiseul a tráchtas M.Sc. isteach ina ndéantar comparáid idir angagrafaíocht MR agus íomháu déphléacsach maidir le measúnú a dhéanamh ar na hartairí íochtair. Sa bhreis ar sin bronnadh duais an British Vascular Foundation don pháipéar is fearr ar Maria Grouden ag cruinniú bliantúil de chuid an Society of Vascular Technology of Great Britain and Ireland.

An tUas. P. Madhavan
MÁINLIA SOITHÍOCH

An tOll. G. Shanik
MÁINLIA SOITHÍOCH

An tUas. D. Moore
MÁINLIA SOITHÍOCH



TRÁMA

Dympna St. John Coss, Uasal
BAINISTEOR ALTRAÍ

RÉAMHRÁ

Tá réimse seirbhísí speisialtóirí i gceist le Tráma nach bhfuil socraithe go hiomlán taobh istigh de struchtúr Stiúrtóireachta go fóill. Tá na seirbhísí seo a leanas i measc na seirbhísí a áirítear le chéile ann, Máinliacht Phlaisteach agus Athchruthaitheach, an tAonad Dó, Máinliacht Mhascaille, An tAonad Ortadóntaice & Scoilte agus Máinliacht Ortaipéideach.

MÁINLIACHT PHLAISTEACH AGUS ATHCHRUTHAITHEACH

Chuir an tAonad Máinliachta Plaistí in Ospidéal San Séamas réimse leathan seirbhíse ar fáil arís d'othair chónaitheacha, don phobal áitiúil agus d'othair atreorúcháin réigiúnacha. B'obair a raibh tráma ag baint léi timpeall is 60% de na cásanna i rith na bliana 2005 arís agus ba gortú don lámh a bhí i gceist leis an gcuid is mó díobh sin

AN TAONAD DÓ

Tá an tAonad Náisiúnta Dó d'othair a bhfuil 14 bliana slán acu lonnaithe in Ospidéal San Séamas, é neamhspleách agus 14 leaba ann. Tá Máinlianna Plaisteacha, Altraí Dó, Fisiteiripithe, Teiripithe Saothair, Saineolaí Cothúcháin Cliniciúil, Síceolaí agus Micribhitheolaithe ar an bhfoireann lárnach rud a fhágann éiteas fíor-ildisciplíneach i réim agus gach duine den phríomhfhoireann ag déanamh cion sáraithe, gairmiúil. Leagtar amach clár seachtaine agus plean cóireála do gach othar faoi leith ag cruinniú foirne ildisciplíne uair sa tseachtain.

Déanann othair sheachtracha freastal ar Chlinic Dó faoi dhó sa tseachtain maidir le cúram iarscaoilte tar éis dóibh an t-ospidéal a fhágáil

ROINN NA MÁINLIACHTA ORTAIPÉIDÍ

Bhí ualach suntasach cásanna tráma i gceist do Roinn na Máinliachta Ortaipéidí arís, chomh maith le cásanna fo-speisialtacha maidir le hobair leasaithe casta ar chromáin faoi chúram Gary Fenelon Uasal, obair chasta ar chosa agus rúitíní faoi chúram David Borton Uasal agus obair chasta ar an ngéag uachtarach agus seirbhís orthaipéideach haemaifiliach faoi chúram Hugh Smyth Uasal.

I rith na bliana 2005, bhí an Roinn ag fanacht go mbeadh dhá phost Comhairleoireachta eile sa Mháinliacht Ortaipéideach ann agus i gceist go mbeadh ceangal maidir le míochaine roghnach le hOspidéal Naomh Muire i gCeapach ag baint leo. Ba cheart go gcuirfeadh socruithe comhalartacha le hOspidéal Cheapaigh dlús suntasach le sruth na gcásanna máinliachta orthaipéidí agus gur fearr an tseirbhís a bheidh ar fáil i gceantar an ospidéal dá bharr.

Tugadh isteach seirbhís nua x-ghathanna a mbaineann ríomhaireacht leis agus tá buntáiste shuntasach as maidir leis an gcúram don othar.

Tráma a dtarlaíonn gortú chomh trom dóibh agus nach mbeadh fiacloir ginearálta in ann a chur ar ais ina cheart.

AN TAONAD ORTADÓNTAICE SCOILTE

Feidhmíonn an tAonad Ortadóntaice Scoilte mar sheirbhís atreorúchán den tríú céim maidir le bainistiú ortadóntaice i gcás othar a bheirtear agus bearna mhíl, carball scoilte agus iomrall cráinia-éadanacha iontu

Lia Comhairleach agus Speisialtóir Ortadóntaice atá ar fhoireann an aonaid a oibríonn de réir mhúnla cúraim 'móil agus spóca' i gcomhar le haonaid ortadóntaice go réigiúnach.

Eagraíodh clinicí ildisciplíne scoilte go rialta i rith na bliana 2005, arna gcomhordú ag Laura Duggan, an comhordaitheoir Carbaill Scoilte. Déantar iniúchadh de réir na bprótacál sárchleachtais reatha ar thorthaí cóireála.

Tionóladh Comhclinicí Ortadóntaice i gcomhar le comhghleacaithe Comhairleacha sa Mháinliacht Fiacla, Béil agus Mascaill d'othair a bhfuil gá acu le máinliacht choigeartaithe maidir le cnámha an éadain. Chomh maith leis sin, eagraíodh clinicí ildisciplíneacha le hOspidéal Leanaí Chromghlinne agus le hOspidéal Leanaí na hOllscoile, Sráid an Teampaill i gcomhthéacs Láirionad Scoilte aontaithe Bhaile Átha Cliath.

Bíonn taca teicniúil ar fáil don aonad ón Saotharlann Fiacla, Béil agus Mascaill atá le taobh an aonaid agus a chuireann réimse iomlán seirbhísí agus fearas saotharlainne san Ortadóntaic ar fáil.

Tar éis athshocrú maidir le Roinn na nOthar Seachtrach le gairid, ba cheart gcuirfeadh an leathnú atá á thuar ar na háiseanna clinice don Ortadóntaic Scoilte agus don Mháinliacht Fiacla, Béil agus Mascaill go mór leis an gcúram slánchóirithe feabhsaithe don othar.

AN TSEIRBHÍS FIACLÓIREACHTA TREAS-ATHCHRUTHAITHEACH SCOILTE (PRÓISTEADÓNTACH)

Is féidir le gach othar bearna mhíl agus carball scoilte leas a bhaint as an tseirbhís fiacloireachta próisteadóntach tríú leibhéal seo a mbaineann próistéis shocraithe, próistéis inaistrithe nó próistéis le taca ionchlannaithe agus na struchtúir a théann leo a chur san áit a bhfuil mant. Déantar othair a atreorú ón Aonad Náisiúnta Fiacla, Béil agus Mascaill, ó Aonad na Máinliachta Plaistí, ó Ospidéal Leanaí Chromghlinne, ó Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill agus ó Scoil (agus Ospidéal) Déadliachta Bhaile Átha Cliath. Tionóltar Comhclinicí i gcomhar leis na hAonaid Mháinliachta Plaistí, Fiacla, Béil agus Mascaill agus Ortadóntaice. Cuirtear seirbhís taca ar fáil san obrádlann d'othair a bhfuil ailse sa cheann nó sa mhúineál orthu agus d'othair



SÍCIATRACHT

An Dr Paul Scully
STIÚRTHÓIR CLINICE GNÍOMHACH

Oliver Claffey
BAINISTEOR ALTRANAIS

Efion Williams
BAINISTEOR RÉIMSE GNÍOMHACH

RÉAMHRÁ

Tá trí phríomhréimse speisialtóireachta ag baint leis an tSeirbhís Siciatrach in Ospidéal San Séamas:

- Siciatracht Phobail Ghinearálta don Duine Fásta – ag baint le limistéir Chamóige (lár na cathrach), Dhroimeanaigh, agus Abhainn Dothair (bruachbhailte) agus ag freastal ar dhaonra ginearálta 133,000 duine
- Siciatracht na Seanaoise – ag freastal ar dhaonra timpeall is 20,000 duine a bhfuil 65 bliana slán acu
- Siciatracht Chomhairleacháin-Chaidrimh (Seirbhís Mhíochaine Siceolaíochta)

Is ionann an chéad dá réimse thuas agus Seirbhís Meabhairshláinte Dheisceart Chathair Bhaile Átha Cliath (DSCMHS) atá ar cheann de 32 seirbhís dá shórt ar fud na tíre.

CLINIC JONATHAN SWIFT

Aonad géarchúraim é Clinic Jonathan Swift ina gcuirtear 51 leaba ar fáil d’othair atá go dona tinn, d’othair scothaosta ó cheantar an ospidéil a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus d’othair a bhfuil gá le hathshlánú acu. Treisíonn an Clinic freisin le seirbhísí eile an Ospidéil agus cuirtear seirbhísí ar fáil, as acmhainní na Clinice féin, d’othair nach as an gceantar iad nó nach bhfuil aon seoldadh seasta acu a thagann isteach san Ospidéal mar gheall ar fhadhbanna meabhairshláinte. B’arna gcoinneáil faoin Acht Cóireála Meabhairghalair 1945 a bhí 35 as an iomlán 491 othar a tógadh isteach i rith na bliana 2005.

SICIATRACHT PHOBAIL

Féachann an tseirbhís seo, chomh mór agus is féidir agus ag teacht leis an bhfianaise is fearr ar fud an domhain, le daoine a bhfuil meabhairghalar orthu a choinneáil i measc an phobail. Is dúshlán le sárú i gcónaí ag an tseirbhís an fhoireann theoranta agus na hacmhainní teoranta i measc an phobail agus a thromchúise a bhíonn riocht sláinte na n-othar ag an tseirbhís. Díol suntais dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana 2005 ag dul i ngleic leis na deacrachtaí sin agus tá breis dul chun cinn beartaithe don bhliain 2006. Tá baint mhór ag an tseirbhís le hoideachas agus le teagasc sa tSiciatracht taobh istigh den Ospidéal agus i gColáiste na Tríonóide agus leanadh de na cláir thaighde reatha i Roinn na Siciatrachta in Ollscoil Bhaile Átha Cliath i rith na bliana.

Rinne meithle ildisciplíne freastal ar earnála áirithe i gceantar na Roinne. Cuireadh seirbhísí lae ar fáil i gClinic Jonathon Swift agus in St Martha’s i gCill Mhaighneáin. Leanadh de cheardlann in Ospidéal Naomh Pádraig a dtugtar cúnamh maidir leis agus reáchtáladh Clinic Clósaipíne in aghaidh na seachtaine i gClinic Jonathon Swift.

Cuireadh cóiríocht agus cúram ar leibhéal áirithe i measc an phobail ar fáil do 53 duine a bhfuil meabhairghalar géar agus/nó fadfhulangach ag gabháil dóibh.

Chuaigh an Dr David Shanley, a rinne fónamh fada mar dhochtúir comhairleach, ar pinsean i mí Meitheamh 2005 agus táthar ag tnúth go dtiocfaidh duine i gcomharbacht air i rith na bliana 2006.

SÍCIATRACHT NA SEANAIOISE

Lean an tseirbhís seo ag cur clár cúraim cuimsitheach bunaithe i measc an phobail ar fáil i gceantar a meastar gur ann atá an dlús is airde seandaoine i ngátar i réigiún an oirthir ar fad.

Cuireadh seirbhís comhairliúcháin-caidrimh ar fáil chomh maith d'othair a raibh 65 bliana d'aois slán acu i mbardaí uile an Ospidéal – tá 203 leaba in Ospidéal San Séamas ceaptha i leith na seanliachta, líon is airde ná in aon Ospidéal Teagaisc Acadúil eile i mBaile Átha Cliath.

Lean an tseirbhís den obair i gcomhar in éineacht le hInstitiúid Mercer maidir le Taighde ar an Dul in Aois ar chlár taighde reatha agus rinneadh cion suntasach maidir le beartaíocht an Ospidéal agus le hobair san Ollscoil agus le teagasc.

AN TSEIRBHÍS MÍOCHAINÉ SICEOLAÍOCHTA

Tháinig leathnú breise ar úsáid na Síciatrachta comhairliúcháin-caidrimh ar fud an Ospidéal i rith na bliana 2005. Rinne an Dr Ann-Marie O'Dwyer ceannródaíocht maidir le Seirbhís Sícoinceolaíochta gníomhach a thabhairt chun cinn. Ceapadh an dara dochtúir comhairleach caidrimh, an Dr John Cooney, agus Altraspeisialtóir Clinice sa bhreis.





Stiúrthóireacht LabMed



An Dr Barry White
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

An tUasal Noel White
BAINISTEOR SAOTHARLAINNE

An tUasal Philip Creevy
BAINISTEOR GNÓ

01/02/03

FOIREANN LABMED AG DÉANAMH RÉIMSE MEISIÚNACHTA
AGUS GNÁTHAIMH TÁSTÁLA SAN PAITEOLAÍOCHTA

RÉAMHRÁ

Tagann faoin Stiúrthóireacht LabMed na Ranna Saotharlainne seo a leanas: Bithcheimic Chlinice, Imdhíoneolaíocht, Haemateolaíocht, Liacht Aistriú Fola, Micribhitheolaíocht, Saotharlann Tagartha Miceabhaictéir na hÉireann (IMRL), an Saotharlann Tagartha MRSA Náisiúnta (NMRSARL), Diagnóistic Móilíneach Ailse (CMD), Crióbhitheolaíocht, an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) agus Fleibeatóime.

Tá Stiúrthóireacht LabMed freagrach as an mbainistíocht agus as an bhforbairt ghinearálta ar na Seirbhísí Saotharlainne maidir le Paiteolaíocht Chlinice d'Ospidéal San Séamas, do dhochtúirí teaghlaigh, d'ospidéal eile agus d'áisinteachtaí seachtracha agus feidhmíonn sé mar shaotharlann tagartha don iliomad réimse míochaine speisialtóra ar fud na tíre.

CORA NUA/TOGRAÍ

Rinne gach Roinn Saotharlainne ullmhúchán maidir le creidiúnú do shaotharlanna míochaine de réir chaighdeán ISO 15189 (Saotharlanna Míochaine: Riachtanais maidir le hardchaighdeán agus inniúlacht) nó CPA (Clinical Pathology Accreditation, An Ríocht Aontaithe). Tá creidiúnú CPA ón mbliain 2003 i leith ag na saotharlanna Haemateolaíochta, CMD agus Téachtadh san áireamh. D'fhéach Crióbhitheolaíocht le creidiúnú idirnáisiúnta de chineál áirithe a bhaineann leis an réimse speisialtóireachta sin a bhaint amach.

Díríodh aird ar cheisteanna sábháilteachta agus slándála taobh istigh den Stiúrthóireacht agus cuireadh cistí ar fáil chun soláthar do fheabhsúchán maidir leis na cúrsaí sin. Bhí fuinneoga nua i geist chomh maith le doirse nua chun tosaigh, córais svaidhphcharta ag na príomhdoirse agus córas aláirim pearsanta don fhoireann.

Bhí méadú arís ar an ualach oibre ó dhochtúirí teaghlaigh go mbaineann suas le 30% den ualach oibre ó roinnt Ranna lena leithéid anois. Leagtar amach na figiúirí maidir le hualach oibre na bliana 2005, arna mbunú ar iarratais saotharlainne, in Tábla 1 thíos.

Tábla 1 Anailís ar na hlarratais a tháinig go dtí an Stiúrthóireacht LabMed an Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

Roinn	SJH	AMiNCH	ERHA	Dochtúirí Teaghlaigh	Eile	Iomlán de réir Disciplíne 2005	Iomlán de réir Disciplíne 2005	% +/- le hais 2004
Haemateolaíocht	256,076	1,209	15,594	109,189	20,337	402,405	396,657	1%
Téachtadh	131,638	1,020	5,997	4,945	7,666	151,266	145,819	4%
Aistriú Fola	28,613	0	2	655	825	30,095	28,414	6%
Bithcheimic	368,308	2,187	15,855	186,412	45,780	618,542	532,001	16%
Micribhitheolaíocht	186,882	1,904	23,013	60,204	20,292	292,295	279,838	4%
Histeabhlócaíthe	50,180	36	746	812	1,126	52,900	49,966	6%
Cíteolaíocht	5,108	1,786	0	7,411	398	14,703	14,584	1%
Imdhíoneolaíocht	36,026	8,453	8,877	12,231	14,343	79,930	73,474	9%
Iomlán in aghaidh an Ospidéal	806,755	15,386	54,490	272,670	90,430	1,642,136	1,520,753	8%

AN TSAOTHARLANN HAEMAITEOLAÍOCHTA

Cuireann Roinn na Haemaiteolaíochta seirbhís chuimsitheach saotharlainne diagnóise ar fáil d'Ospidéal San Séamas, d'ospidéal cheantar Bhaile Átha Cliath agus do dhochtúirí teaghlaigh. Tagann cásanna atreorúcháin faoi bhráid chomh maith d'fhonn imscrúdú speisialta. Tá obair taca saotharlainne chun treisiú leis an Stiúrthóireacht HOPE, an Lárionad Náisiúnta Trasphlandaithe Fola agus Smeara do Dhaoine Fásta agus an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) san áireamh, ina chuid lárnach d'obair na Roinne. Tá an Roinn suite i dtrí áit ar fud an Ospidéal, an tArdsaotharlann Paiteolaíochta (CPL), an saotharlann Stat (OPD) agus an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD). Tá an príomhsaotharlann Diagnóise, an Saotharlann Speisialta Diagnóistice, an Saotharlann Anaemachta Cothaithe agus an Saotharlann Crióbhitheolaíochta, ina ndéantar próiseáil ar na gaschealla fola agus smeara a úsáidtear i gcás trasphlandaithe, san Ardsaotharlann Paiteolaíochta.

Tá Creidiúnú CPA aige ón mbliain 2003 i leith agus táthar ag obair d'fhonn sásamh na hathchigireachta faoi chaighdeán leasaithe níos déine atá le tarlú sa bhliain 2007.

Tháinig leathnú ar réimse na scrúduithe a dhéantar sa Roinn agus lean an borradh faoin éileamh ar na seirbhísí, go háirithe maidir le Diagnóistic Speisialtóireachta, ina ndéantar scrúduithe imdhíonaifeinitópála, haemaglóibínapataíochta agus einsíme chealla dearga, d'Ospidéal San Séamas agus maidir le cásanna atreorúcháin ó gach cuid den tír. Leathnaíodh an tseirbhís scrúdaithe imdhíonaifeinitópála go dtí ospidéal sa Tulach Mhór, an Muileann Cearn, Luimneach, Port Láirge, Leitir Ceanainn, Sligeach, Port Laoise, Gaillimh, Corcaigh agus Baile Átha Cliath.

BEARTAÍOCHT SAN OIDEACHAS & SA TAIGHDE

Cuireadh oiliúint inseirbhíse ar fáil sa Roinn do mhic léinn chúrsa na céime san Eolaíocht Bhithmhíochaine in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus cuirtear taithí oibre ar fáil do lucht fágála scoile chomh maith. Bronnadh Bonn Óir Derek Cullen ar an Uasal Stuart Lippot as an gcéad áit a bhaint amach ar an gcúrsa MSc sa Phaiteolaíocht Mhóilíneach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus thug sé togra taighde dar teideal "Detection of Minimal Residual Disease in B Cell Chronic Lymphocytic Leukaemia by Flow Cytometry" chun críche. Thosaigh Ciara McLoughlin Uasal ar an gcúrsa MSc agus bainfidh sí an chéim amach an bhliain seo chugainn.

TÉACHTADH AGUS AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA MAIDIR LE GALAIR THÉACHTA DHÚCHACHASACHA (NCHCD)

Déantar scrúdú sa tsaotharlann san NCHCD ar shamplaí ó othair an Ospidéal agus othair ón taobh amuigh a mbítear in amhras go mbeadh neamhord fola agus trombóiseach ag dul dóibh. Tá diagnóis ar neamhord dúchais nó fáltais, monatóireacht ar an teiripe agus scagadh maidir le neamhord géinitíuil i measc an réimse scrúdaithe a dhéantar sa Lárionad. Cuidíonn an Saotharlann Stát leis an gClinic Warfarin mar a gcuirtear scrúdú INR ar othair a bhfuil cóir Warfarin á chur orthu. Feidhmíonn an NCHCD freisin mar lárionad atreorúcháin maidir le tástáil speisialta. B'ó áisínteachtaí seachtracha 50% den obair ar fad a rinneadh sa tsaotharlann diagnóise i rith na bliana 2005. Cuirtear scrúdú ar an gcuid is mó de na samplaí maidir le mácháil feidhme nó móilíne a bhfuil ceangal acu le riocht protrombóise.

Rinneadh leathnú leanúnach ar réimse na scrúdúcháin maidir le diagnóis saotharlainne ar neamhord fola nó trombóise nuair a tugadh isteach tástálacha nua diagnóise; i.e. meisiúnacht ar Thoisc Von Willebrand maidir le Nascadh Collaigin agus meisiúnacht ar fheidhm Phróitéin S. Tugadh isteach modheolaíocht nua taobh istigh den tseirbhís scrúdaithe móilíne maidir le dhá chineál sócháin géinitigh a bhaineann le neamhord protrombóise. Cinntíodh seasmhacht na seirbhíse diagnóise leis an bhfeabhas ar réimse na dtástálacha. Thug an tsaotharlann faoi thogra mór d'fhonn na réimsí tagartha do na scrúduithe téachta ar fad a athbhunú. Bhí anailís maidir leis na tástálacha ar fad a dhéantar sa tsaotharlann ar shamplaí a tógadh ó líon mór gnáthdheontóirí ag baint leis sin. Thug eolaithe fochéime agus iarchéime i réimsí den haemaistaideas faoi roinnt tograí taighde.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE CRIÓIBITHEOLAÍOCHTA

Cuidíonn an tSaotharlann Crióbhitheolaíochta leis an gClár Náisiúnta Trasphlandú Gaschealla ó Dhaoine Fásta in Ospidéal San Séamas agus le Clár Deontóirí Neamhghaolta Smeara na hÉireann. Is é scóp atá le hobair na saotharlainne, ullmhúcháin, anailís, ionramháil agus críochoomhnú a dhéanamh ar tháirgí gaschille sábháilte agus éifeachtacha teiripe cille chun críche trasphlandaithe agus ar limfictí dheontóirí chun críche imdhíonteiripe.

D'oibrigh an tSaotharlann Crióbhitheolaíochta i rith na bliana 2005 leis na riachtanais rialaithe nua (an Dea-Chleachtas Déantúsaíochta reatha) a shásamh a leagtar amach i dTreoir an AE 2004/23/CE. Ba chuid lárnach de sin córas bainistithe feabhais (QMS) a chur i bhfeidhm. Tá an QMS bunaithe ar chaighdeán ISO 9001: 2000. Is iad na treoirlínte teicniúla a leanadh maidir leis an QMS a chur i bhfeidhm na Caihdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bailiú, Próiseáil agus Riar Tháirge Teiripe Cille, arna gcur in eagar ag an gComhchoiste Creidiúnaithe ISCT-EBMT (JACIE).

Sonraíodh an tOll. S. McCann, Haemaiteolaí Comhairleach agus Ollamh na Haemaiteolaíochta i gColáiste na Tríonóide mar Stiúrthóir Míochaine na Saotharlainne mar a éilítear faoi Threoir an AE. Cuireadh dhá phost nua ar bun – ceapadh an Dr Nicola Gardiner PhD ina Príomheolaí Míochaine agus an Dr Laura Forte MD, PhD ina Bainisteoir Feabhais. Thosaigh an tSaotharlann ar aistriú na hoibre próiseála go dtí áis seomra glan, feistithe le haghaidh seirbhísí teagmhasacha, in Ionad Náisiúnta Fola Sheirbhís Aistriú Fola na hÉireann, a chur i bhfeidhm.

ROINN NA BITHCHEIMICE

Tháinig ardú suntasach ar líon na n-iarratas chuig Roinn na Bithcheimice ó chodanna éagsúla den Ospidéal agus ó earnáil an chúraim phríomhúil i rith na bliana 2005. Chuir an tSaotharlann tús le próiseas, i gcomhar leis an Roinnt Bainistithe Ábhair, chun ardáin nua uathoibreacha réamhanailíse agus anailíse a sholáthar d'fhonn cinntiú go gcoinnítear an tseirbhís ar ardchaighdeán san am atá ag teacht. Tugadh isteach an Córas DataCare chun monatóireacht a dhéanamh ar ghlúcóiméadair POCT chun freastal do bhainistiú sonraí níos fearr, do rialú caighdeán, inniúchadh agus bainistiú baoil sa chlinic don tseirbhís seo. Rinne an Brainse Porfairine taobh istigh de Roinn na Bithcheimice, a fheidhmíonn mar a bheadh Saotharlann Tagartha Náisiúnta maidir le Diagnóis Porfaire, roinnt meisiúnachtaí scagtha le haghaidh sóchán a thabhairt chun cinn i rith na bliana 2005 agus a tosaíodh ar thástáil phiólótach orthu.

Bearta Clinice

Lean na cláraitheoirí taobh istigh de Roinn na Bithcheimice ag cuidiú le bearta clinice áirithe taobh istigh den Ospidéal, seirbhísí d'othair sheachtracha maidir le Baol Diaibéitis, Inchríneolaíochta agus Cardashoithíoch san áireamh. Tugadh isteach Clinic Fospesialtóireachta Porfaire i rith na bliana 2005 faoi scáth na seirbhíse Inchríneolaíochta d'othair sheachtracha d'fhonn déileáil le ceisteanna maidir le diagnóis leordóthanach, bainistíocht agus staidéar ina dhiaidh sin ar ghaolta i gcás porfaire.

Thug an Cláraitheoirí i Roinn na Bithcheimice iniúchadh chun críche go sásúil ar an tseirbhís tástála diagnóise maidir le Tropóinín T. Rinneadh cur i láthair faoi sin ag na Mórchuariteanna d'fhonn cur leis an tuiscint ar ghá a bheith le húsáid sainnaisithe oiriúnach as an gcineál sin tástála.

Oideachas & Oiliúint

Ar leibhéal na fochéime, lean Roinn na Bithcheimice leis an gcomhbair seanbhunaithe le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maidir le hoiliúint ar mhic léinn atá ag tabhairt faoin gcéim BSc in Eolaíocht Saotharlainne sa Leigheas. Tá an Paiteolaí

Ceimice Comhairleach ina Léachtóir Onórach maidir le Galair Meitibileachta i gColáiste na Tríonóide (TCD) agus tugann sé cúrsaí léachtaí sa Bhithcheimic Clinice ansin do mhic léinn na ceathrú bliana, na cúigiú bliana agus na bliana deireanaí.

Ar leibhéal na hiarchéime, tá an Paiteolaí Ceimice Comhairleach ar dhuine de na comhordaitheoirí maidir le céim MSc nua sa Cheimic Clinice atá á tairiscint ag TCD ó Dheireadh Fómhair 2005 i leith.

D'éirigh leis an Roinn aitheantas a bhaint amach arís ó Dhámh na Paiteolaíochta Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann maidir le hoiliúint. D'éirigh le roinnt ball foirne MSc a bhaint amach, ina measc Martina Doheny Uasal agus Felicity Dempsey Uasal. Thug Karen Denning Uasal an tionscadal a raibh sí ag dul dó maidir le céim MSc sa Mhíochaine Móilíní i Roinn na Bithcheimice chun críche.

Taighde

Tá Roinn na Bithcheimice ina comhchuid de Rannóg na Míochaine Saotharlainne i Scoil an Leighis i gColáiste na Tríonóide. Tá an Paiteolaí Ceimice Comhairleach ina chomhalta den Ghrúpa Taighde sa Diaibéiteas, Inchríneolaíocht agus Meitibileacht san IMM, Ionad Eolaíochtaí Sláinte Choláiste na Tríonóide ar champas an Ospidéal. Tugadh roinnt tograí faoi stiúir an Dr Vivion Crowley chun críche i rith na bliana 2005, rud a chuir le clú na taighde ar an Roinn. Leanadh chomh maith den obair thaighde leis an tSeirbhís Diaibéitis agus Inchríneolaíochta agus leis an gClinic Cosanta Cnámh san Ospidéal. Chuir an Roinn chomh maith le comhdhálacha éagsúla, ina measc ACBI, Focus'05, Cumann Inchríneolaíochta na hÉireann, agus an Porphyrins & Porphyrin Conference i Cape Town ag déanamh cur i láthair ar réimse ábhar taighde.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE IMDHÍONEOLAÍOCHTA

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa tSaotharlann Imdhíoneolaíochta maidir le roinnt meisiúnachtaí nua a thabhairt chun cinn i mbliana agus táthar ag tnúth lena dtabhairt i bhfeidhm go luath.

Seirbhís Clinice

Ó ghalair athlastach, ailléirge agus easpa imdhíonachta den chuid is mó a bhíonn othair a fheictear ag clinici d'othair sheachtracha agus trí chomhairle othar cónaitheach ag fulaingt. Cuireadh clinic bhreise maidir le hailléirge in aghaidh na seachtaine ar bun i mbliana d'othair sheachtracha d'fhonn liostaí feithimh a ghiorú. Cuireadh tús leis an bpleanáil chun barda lae nua a fhorbairt a lonnófaí in Ospidéal 5 agus a bheadh i bpáirt idir na Seirbhísí Néareolaíochta agus Deirmeolaíochta. Beidh feabhas mór i gceist leis sin seachas an seanbharda lae Imdhíoneolaíochta. Lean an Roinn den pháirt atá aici i mbeartaíocht staidéir idirnáisiúnta ilionaid ar othair a bhfuil neamhord ar an gcóras imdhíonachta orthu.

Oideachas/Forbairt Ghairmiúil

Déanann Roinn na hImdhíoneolaíochta cion suntasach maidir le teagasc fhochéimithe sa Leigheas, san Eolaíocht Bhithmhíochaine, sa Radagrafaíocht Teiripe, sa Mhicribhitheolaíocht Chlinice, i Míochaine an Spóirt, agus san Imdhíoneolaíocht/Bithcheimic. Bhí, mar a bhí ag gach Roinn eile, roinnt mac léinn ann ag críochnú a gcuid oiliúna inseirbhíse san eolaíocht bhithmhíochaine. Cuireadh chomh maith le roinnt comhdhálacha sa phaiteolaíocht chlinice agus leis na Mórchuariteanna.

Bhí cúigear mac léinn i mbliana ag tabhairt faoi chéimeanna iarchéime trí obair thaighde. Bronnadh PhD ar Suzanne Bracken mar gheall ar a tráchtas ar an ngalar céiliach agus bíonn baint ag an Roinn le roinnt clár iarchéime MSC trí theagasc agus le clár iarchéime eile sa leigheas. Cuireadh clár san Imdhíoneolaíocht do Chláraitheoirí speisialtóireachta míochaine ar bun chomh maith.

Tograí

Chuir Roinn na hImdhíoneolaíochta tograí móra maidir le hanailís ar ghalar céiliach agus rialú na mbealaí athlasta chun cinn. Tá na clár taighde cóirithe go maith leis na seirbhísí clinice agus teagaisc. Bhí an Roinn páirteach i gcruinnithe idirnáisiúnta i rith na bliana 2005 chomh maith le foilseacháin léinn idirnáisiúnta faoi athbhreithniú lucht comhchéime.

AN TSEIRBHÍS MÍOCHAINNE AISTRIÚ FOLA

Cuireann Roinn Mhíochainne an Aistriú Fola seirbhís chuimsitheach aistriú fola ar fáil d'Ospidéal San Séamas ina mbíonn éileamh ard agus 8% de na cealla dearga agus 22% de na pláitíní a eisíodh ar fud na tíre i rith na bliana 2005 á n-úsáid san Ospidéal.

Soláthraítear fuil, ábhar fola agus díorthaigh fola d'fhonn úsáid chlinice roghnach agus éigeandála agus seirbhís taca don Lárionad Náisiúnta maidir le Trasphlandú Smeara san áireamh chomh maith le Seirbhís Diagnóise Séireolaíochta. Cuirtear táirgí téachta maidir le cóireáil haemaifile ar fáil d'othair cónaitheacha agus do roinn othar a ndéantar cóireáil ortha sa bhaile. Déantar babhtáil ar stór na dtáirgí téachta le hospidéal eile ar fud na tíre chomh maith ionas nach dtéann siad ó rath le himeacht aimsire.

Rinneadh dul chun cinn sásúil leis an tionscnamh chun aimsiú leictreonach a thabhairt isteach maidir le táirgí haemaifile a leanacht ó thagann siad isteach go ndéantar iad a aistriú maidir le hothair chónaitheacha nó cóireáil ag baile.

ROINN AN HAEMAFHAIREACHAIS

Bhí páirt ag Roinn an Haemafhaireachais, i gcomhar le foireann agus lucht úsáide na fola ón tSaotharlann Aistriú Fola tríd an gCoiste Fola agus Úsáid Tháirgí Fola, sa tseirbhís sáracleachtais aistriú fola, lena n-áirítear monatóireacht ar úsáid ábhar fola, a chur ar fáil.

Tograí

Díríonn an Roinn ar oideachas a chur ar úsáideoirí clinice trí chláir oideachais maidir le haistriú fola ar fud an Ospidéal ar fad agus, i rith na bliana 2005, tugadh Haemafhaireachas isteach mar chuid de na seisiúin tionscnaimh do Chláraitheoirí agus SHO. Ghlac an Roinn páirt chomh maith i dtogra taighde dhá bhliain de chuid Sheirbhís Aistriú Fola na hÉireann maidir le Neastimpistí Aistriú Fola. Bhain an togra seo le measúnú ar fheabhas na gcóras atá i réim agus díriodh aird ar an athrú a chuirfeadh feabhas ar na próisis sábháilteachta maidir le haistriú fola. Bhíothas ag staideanna éagsúla maidir lena gcur i bhfeidhm i rith na bliana 2005 maidir le réiteach leictreonach d'fhonn earráidí aistriú fola a chur ina gceart, ordú ábhar fola go leictreonach, córas riaracháin leictreonach maidir le haistriú fola agus córas ríomhaireachta maidir le stóráil fola san áireamh. Rinneadh athnuachan ar an gcóras leictreonach maidir le haistriú fola san Aonad Lae Haemaiteolaíochta / Oinceolaíochta go bhfuil córas gan sreang anois ann. Cuidíonn na córais seo ar fad le teacht le Treoir Fola 2005 an AE trína n-éilítear córas feabhais a chur i bhfeidhm i ngach saotharlann aistriú fola in ospidéal agus creidiúnú a bhaint amach maidir le Caighdeán ISO 15189. Éilítear chomh maith go mbeifí in ann gach ábhar fola a leanacht i gcónaí. Cuireadh iarratas isteach ar na hacmhainní foirne agus ríomhaireachta is gá chun na riachtanais ar fad a shásamh.

SEIRBHÍSÍ HISTEAPAITEOLAÍOCHTA

Tháinig an Dr Colette Adida mar lia comhairleach i gcomhar idir Roinn na Histeapaiteolaíochta agus Ospidéal an Choim. Chuaigh Mary Stagg ar pinsean tar éis tríocha bliain ag fónamh sa Saotharlann agus d'ímigh Alison Malkin go dtí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Ghnóthaigh an Dr Esther O'Regan céim PhD degree chomh maith le dhá ghradam taighde, an Stowell Orbison Award ag cruinniú bliantúil an United States and Canadian Academy of Pathology i Texas, agus Bonn Greene Dhámh na Paiteolaíochta i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann.

Chomh maith leis sin, ghnóthaigh Paul Glacken céim MSc sa phaiteolaíocht mhóilíne agus ghnóthaigh Jan Walker Teastas larchéime in Oideachas an Leighis.

Tuairiscíocht Fospeisialtóireachta

D'fhonn ligean do bhreis saineolais maidir le fospeisialtóireacht chomh maith le leanúnachas níos fearr agus le freastal do rannpháirtíocht i gcomhdhálacha clinice, d'athraigh an Roinn go dtí gnás tuairisceoireachta fospeisialtóireachta i rith na bliana 2005. Díríonn lianna comhairleacha Histeapaiteolaíochta faoi leith ar líon íseal réimsí fospeisialtóireachta. Bhí atheagar maidir le hualaigh oibre agus athruithe maidir le hobair saotharlainne agus NCHD i gceist leis seo.

Comhdhálacha Mheithil Ildisciplíne (MDT)

Tháinig tábhacht bhreise leis na comhdhálacha seachtainiúla seo sa mbainistíocht ar othair, go háirithe othair a bhfuil ailse orthu. Bhí 10 gcinn de chomhdhálacha MDT foirmeálta ann chomh maith le líon is lú ná sin de chomhdhálacha rialta cliniceapaiteolaíochta. Bhí páirt mhór ag an tseirbhís histeapaiteolaíochta sna comhdhálacha seo. Ba léir sin ón méadú ar an ábhar diagnóise atreorúcháin ó ranna paiteolaíochta seachtracha a ndearnadh athbhreithniú air le haghaidh na gcomhdhálacha, agus ón ngá breise a bhí le hathbhreithniú ar ábhar intí le cur i láthair ag na cruinnithe.

Forbairt na Seirbhíse: FISH/ISH

Tosaíodh sa roinn ar thástálacha hibridiúchán fluaraiseachta in situ (FISH) agus hibridiúcháin in situ (ISH) a chur ar fáil. Bhain siad sin den chuid is mó le víoras Epstein Barr a shonrú, ach rinneadh obair phíolótachta maidir le tástálacha breise agus tá súil gur féidir iad sin a chur ar fáil go luath.

AN TSAOTHARLANN TAGARtha STAPHYLOCOCCUS AUREUS METICILLINFHRIOTAÍOCH (NMRSARL)

Soláthraítear leis an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Staphylococcus aureus Meticillinfhriotaíocht (NMRSARL) do sheirbhís náisiúnta maidir le:

- Tíopáil eipidéimeolaíochtúil ar aonraigh MRSA (d'fhonn cuidiú le himscrúdú i gcás briseadh amach)
- Friotaíocht antaibheathach a bhrath [go háirithe deimhniú ar mheticillinfhriotaíocht/ocsaicilinfhriotaíocht agus imscrúdú faoi fhriotaíocht ionchais ghlicipeiptide (vancomycin)]
- Gnáthmhonatóireacht ar shaothrán fola aonraíoch MRSA ó ospidéal de chuid na hÉireann atá páirteach i gCóras Faireachais Friotaíochta Frithmhiocróbaigh na hEorpa (EARSS)
- Comhairle maidir le cóireáil ar othair a bhfuil MRSA ag baint leo tríd an Stiúrthóir Míochaine
- Comhairle maidir le rialú ionfhabhtúcháin trí Mheitheal Rialú Ionfhabhtúcháin Ospidéal San Séamas
- Comhairle mar gheall ar cheisteanna MRSA i saotharlanna trí fhoireann eolaíochta agus clinice an NMRSARL

Tograí

I rith na bliana 2005, bhí ar chuid d'obair na saotharlainne forbairt ar mheisiúnachtaí d'fhonn staidéar a dhéanamh ar mhaolú éifeacht ghlicipeiptídí ar MRSA. Rinne an Coiste Náisiúnta Straitéise maidir le Rialú Fhriotaíochta Fhrithmhiocróbach in Éirinn (SARI) maoiniú ar an obair.

Rinne an NMSARL imscrúdú chomh maith mar gheall ar MRSA arna aisghabháil as ainmhithe in Éirinn i gcomhar le Dámh na Míochaine Tréidliachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Rinneadh measúnú chomh maith ar leitheadúlacht na tocsaíne Panton-Valentine Leucocidin (PVL) in MRSA in Éirinn.

Thug an tsaotharlann staidéar cúig bhliana chun críche lena ndearnadh monatóireacht ar na claochluithe a rinne tréithchineálacha MRSA a haisghabháil as samplaí saothráin fola in Éirinn.

Ghlac an NMRSARL páirt i suirbhé ar bhaictéiréime péidiatraiceach arna eagrú ag an British Paediatric Society agus in iarratas i gcomhar ar dheontas ón mBord Taighde Sláinte le comhghleacaithe tréidliachta; agus fuarthas cuireadh páirt a ghlacadh in iarratas i gcomhar ar chiste Eorpach faoin Séú Creatchlár de chuid an AE.

Thug baill d'fhoireann na saotharlainne cainteanna do Chlubanna Dialainne Roinn na Micribhitheolaíochta in dhá ospidéal; ag Lá Staidéir do Dhochtúirí Teaghlaigh agus do Chláraitheoirí Speisialtóireachta i nGrúpaí Teagaisc Micribhitheolaíochta; ghlac ball amháin den fhoireann páirt i measúnacht chomhair ar chóras tráchtála nua d'fhonn hGISA a aimsiú.



AN TSEIRBHÍS SAOTHARLAINNE IMRL

Rinne Saotharlann Tagartha Miceabhaictéir na hÉireann (IMRL) imscrúdú ar 4,283 sampla maidir le Miceabhaictéir sp. a bheith iontu i rith na bliana 2005 agus fuarthas go raibh i gcás 197 sampla (3.7%) trí mhíocrascópacht, saothrán nó an dá mhodh oibre. Bhí 157 sampla uilig, ó 67 othar, a bhfuarthas iontu é le saothrán agus b'ionfhabhtúchán le *M. tuberculosis* a bhí i gceist le 53 cás acu sin.

Rinne an tSaotharlann obair shonraithe agus so-ghabhálachta maidir le 62 sampla arna n-atreorú as ospidéal eile, 49 acu a raibh *M. tuberculosis* ag baint leo. Thángthas ar ceithre chás lenar bhain friotaíocht uathúil maidir le drugaí frith-mhiceabhaictéire, cás amháin lenar bhain friotaíocht maidir le dhá dhruaga agus dhá chás lenar bhain MDRTB (friotaíocht eitinne in éadan an iliomad drugaí).

Tugadh isteach córas 'glao-dualgais' maidir le dhá sheisiún d'fhonn cleachtas sábháilte oibre a bheith i réir ar feadh na deireadh seachtaine agus d'fhonn an tráth aischurtha maidir le próiseáil ar aonraigh a ghiorrú.

Rinneadh athchóiriúchán suntasach ar áitreabh an IMRL i rith na bliana 2005 agus athchóiríodh seomra amháin lena thabhairt le treoirlínte sárchleachtas Imsrianta Leibhéal 3 (CL3). Táthar ag tnúth le breis feabhsúcháin.

AN TSEIRBHÍS SAOTHARLAINNE MICRIBHITHEOLAÍOCHTA

Cuireann an Saotharlann Micribhitheolaíochta seirbhís diagnóise, rialú ionfhabhtaíochta agus clinice ar fáil don Ospidéal, do Dhochtúirí Teaghlaigh in Iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus d'áisiúntaí seachtracha.

Tháinig méadú suntasach ar obair na saotharlainne i rith na bliana 2005. Rinneadh próiseáil sa saotharlann ar ionann agus 300,000 iarratas maidir le hothair sa bhliain 2005. Bhí ardú 5% i gceist leis

an ualach oibre ón Ospidéal ach bhí ardú 11% i gceist maidir le hiarratais ó Dhochtúirí Teaghlaigh. Bhí ardú 19% san ualach oibre a bhain le ST/ID ó Dhochtúirí Teaghlaigh.


Tá an tSaotharlann anois ina ionad oiliúna maidir le MRCPPath agus BSc san Eolaíocht Bhithmhíochaine. Cuirtear oiliúint ann chomh maith ar lucht oiliúna iarchéime maidir le ballraíocht a bhaint amach in Acadamh Eolaíochta Saotharlainne Míochaine. Bhí seisear eolaithe míochaine i mbun tograí taighde maidir le céim MSc i rith na bliana 2005.

I measc na dtograí taighde ar cuireadh tús leo sa bhliain 2005, bhí imscrúdú móilíneach maidir le hionfhabhtú géar nó ainsealach heipitéis B, imscrúdú ar HSV de Chineálacha 1 & 11 in Éirinn, meisiúnacht maidir le himscrúdú ar *Chlamydia trachomatis* Serovars agus meiteaniúmaivoras, imscrúdú móilíneach ar thréithchineálacha tocsaigineacha de *Clostridium difficile*.

Cuireadh tús le clár faireachais maidir le hionfhabhtú sruth na fola mar gheall ar chaitéir agus ar iniúchadh ar fud an Ospidéal ar fad maidir le cleachtas cúraim líne agus seisiún aischothaithe agus oideachais ag baint leis.

Rinneadh anailís ar shonraí friotaíochta frithmhíocróbaigh an Ospidéal agus b'ina fhianaise sin a rinneadh leasú ar threoirlínte frithmhíocróbachais eimpíreacha an Ospidéal. Eisíodh dhá eagrán de nuachtlitir maidir le Micribhitheolaíocht, Eipidéimeolaíocht agus Rialú Ionfhabhtaíochta le lucht úsáide an Ospidéal agus cuireadh dhá nuachtlitir chuig Dhochtúirí Teaghlaigh.

Cuireadh dhá phóstaer chuig an gComhdháil Náisiúnta SARI in Ard Mhacha. Tugadh togra maidir le bainistíocht ar éileamh, arna mhaoiniú ag FSS, chun críche i rith na bliana 2005. Féachadh ar an gcaoi sin le laghdú ar iarratais mhíchuí ar bhearta saotharlainne ón lucht úsáide. Tháinig feabhas dá bharr ar an úsáid a bhaintear as an tseirbhís agus ba léir sábháil costais dá réir.



STIÚRTHÓIREACHT DIAGIM



An Dr Patrick Freyne
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

Bernadette Moran, Uasal
BAINISTEOR SEIRBHÍSÍ RASAGRAFACHA

Hazel Shanahan, Uasal
BAINISTEOR GNÓ (UNTIL MAY)

01
TREALAMH SCANÁLA NUA –
AIMSEARHTHA DON CHOLAINN UILIG

02
ÍOMHÁU X-GHATHANNA –
A MBEIDH PARIS/EPR INA ÁIT GO LUATH

RÉAMHRÁ

Cuireann an Stiúirthóireacht Diaglm seirbhísí ar fáil don Ospidéal agus do na Dochtúirí Teaghlaigh i gceantar an ospidéil. Cuirtear cúram tríú céim ar fáil chomh maith d’ospidéil taobh amuigh de cheantar Ospidéal San Séamas.

Cuirtear seirbhís uilechuimsitheach íomháithe ar fáil maidir le 11 módúlacht – Raideolaíocht Ghinearálta, Fiacla, Béal agus Mascaill, Liacht Gastrastéigeach, IVP, Mamagrafaíocht, Ultrafhuaim, C.T., Raideolaíocht Idirghabhálaíochta Teiripeach agus Diagnóise, Liacht Núicléach, Angagrafaíocht Chroí agus MRI. Cuirtear seirbhís radagrafaíochta ar fáil freisin don tSaotharlann Angagrafaíochta Croí, don tSraith Seomraí Inshoithíoch, do na hObrádlanna agus d’Aonad Scagthástála an Ionaid Chúram Sláinte.

PaRIS/EPR

Leanadh den obair ar an PaRIS/EPR i rith na bliana 2005 ag tnúth le lá na preibe i rith na bliana 2006. D’eascair an córas seo ó PACS a sholáthar do Roinn na Raideolaíochta agus tá slánchóiriú níos mó ar shonraí faoi othair agus bainistiú níos fearr ar acmhainní i gceist leis anois. Beidh Córas Faisnéise Raideolaíochta (RIS), Córas Cumarsáide agus Cartlannaithe Pictiúr (PACS), bunús taifead leictreonach othair (EPR) agus ordú go leictreonach ar gach beart paiteolaíochta agus raideolaíochta a iarrtar taobh istigh den Ospidéal ar ghnéithe an chórais PaRIS/EPR.

OIDEACHAS AGUS TAIGHDE SA RADAGRAFAÍOCHT

Tharla forbairt leanúnach ar chúrsaí Dioplóma larchéime sa Liacht Niúicléach agus in íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh do Radagrafadóirí agus tugadh na cúrsaí. Roinn an Leighis Chlinice, Coláiste na Tríonóide a d’eagraigh na cúrsaí i gcomhar le hOspidéal San Séamas.

Ghnóthaigh 13 Radagrafadóir ó gach cuid den tír an Dioplóma larchéime sa Mhíochaine Niúicléach sa bhliain 2005. Ba Radagrafadóirí as Ospidéal San Séamas beirt a ghnóthaigh an Dioplóma, Rachel Pyper agus Richard O’Neill. Thosaigh 14 Radagrafadóir ar chúrsa nua don Dioplóma larchéime in íomháu Athshondais Mhaighnéadach i mí Deireadh Fómhair.

I mí na Márta, d’eagraigh an Grúpa Oideachais maidir le Radagrafaíocht in Ospidéal San Séamais i gcomhar leis an Ollamh J.B. Walsh ón Stiúirthóireacht MedEl cúrsa maidir le Scanáil DXA ar éirigh go maith leis. Baineann sin le dúthracht na Roinne maidir le hoideachas agus oiliúint ar Radagrafadóirí.

Mar chuid den obair sheachtrach, d’fhreastail an Grúpa Oideachais chomh maith do chúrsaí oiliúna agus scileanna i réimsí eile, Cúrsa Poinc Deirge a thabhairt in Ospidéal Ginearálta an Chábháin san áireamh.

Tugtar faoi oiliúint chlinice ar mhic léinn fochéime sa Radagrafaíocht go leanúnach taobh istigh den Stiúrthóireacht.

Tá an Stiúrthóireacht agus Coláiste na Tríonóide dúthrachtach chomh maith maidi le hoideachas agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil sna réimsí so-athraitheacha maidir le teicneolaíocht Athshondais Mhaighnéadach agus Míochaine Niúicléach, PET (Tómagrafaíocht ASTÚ Posatróin) san áireamh, agus Bernadette Moran, Bainisteoir na Seirbhísí Radagrafaíochta ag déanamh an comhordaithe mar gheall air.

RAIDEOLAÍOCHT

Bhí raideolaithe páirteach i gcomhdhálacha clinice agus i meithil ildisciplíne faoi mhaoirseacht Ronan McDermott, Raideolaí Comhairleach in Ospidéal San Séamas, atá ina Chomhordaitheoir ar an gClár Oiliúna Raideolaíochta, Dámh na Raideolaithe, CRLÉ 2003-06. Bíonn cúnamh taca ó na lianna comhairleacha sa Roinn leis an gclár oiliúna trí léachtaí a thabhairt agus cur i láthair a dhéanamh.


Mar gheall ar cheapadh an Dr Mark Ryan an bhliain roimhe sin, tharla leathnú ar an tSeirbhís Veitreabraplaistigh i rith na bliana 2005.

CLAONTACHTAÍ SEIRBHÍSE

Anailís ar Bheartaíocht Inchomórtais de réir Módúlachta

Módúlacht Íomháithe	2004	2005	% Athraitheas
Raideolaíocht Ghinearálta	96,925	100,005	3%
Fiacla, Béal agus Mascaill	8,019	7,415	-8%
G.I.	2,629	2,474	-6%
I.V.P	276	204	-26%
Mamagrafaíocht	2,687	2,942	9%
Ultrafhuaim	9,545	10,300	8%
C.T.	16,010	17,391	9%
Raideolaíocht Idirghabhálaíochta: Teiripeach	1,787	1,823	2%
Raideolaíocht Idirghabhálaíochta: Diagnóiseach	752	807	7%
Míochaine Niúicléach	3,558	3,446	-3%
M.R.I	5,134	4,695	-9%
Angagrafaíocht Croí	4,344	4,331	0%
Iomlán	147,322	151,502	3%





ORIAN



An Dr Jeanne Moriarty
STIÚRTHÓIR CLINICE

Cora Keary Uasal
BAINISTEOR GNÓ

Jane Mahon Uasal (GO DTÍ MÍ NA SAMHNA)
BAINISTEOR ALTRANAIS

Fiona Murphy Uasal
BAINISTEOR ALTRANAIS (Ó MHÍ NA SAMHNA AR AGHAIDH)

01

BAILL FOIRNE DE CHUID AN HSSU AG GLANADH TREALAIMH STEIRIÚIL IN-ATHÚSAÍDE LE HAGHAIDH ÚSAÍDE IN OBRÁDLANNA AGUS IN ÁITEANNA EILE SAN OSPIDÉAL

02

CLOIGÍN OBRÁDLAINNE OSPIDÉAL SAN SÉAMAS

RÉAMHRÁ

Is éard atá i Stiúirthóireacht ORIAN Seomraí Obráidí, Aonad Dianchúraim, (ICU), Aonad Ardchleithiúnais (HDU), Aonad Eindeashoithíoch, Aonad Soláthairtí Amridithe agus Ainéistéistigh. Soláthraíonn sé seirbhísí obrádlann, cúram criticiúil, steiriliú agus seirbhísí aineistéiseacha do raon speisialtachtáí feadh an Ospidéil.

Chuaigh Ms Jane Mahon, Bainisteoir Altrachta na Stiúirthóireachta ar pinsean i Mí na Samhna tar éis 27 bliain de sheirbhís dhúthrachtach. Chuaigh na Dochtúirí Fox, Lawless, Kirkham, agus MacEivilly ar pinsean in 2005 agus tháinig na Dochtúirí Porter, O'Malley, Connolly agus Fitzgerald ina n-áit. Tá an Stiúirthóireacht buíoch as obair na foirne ar fad atá imithe ar pinsean ó thaobh fhorbairt na Stiúirthóireachta, Roinn na hAinéistéise, Míochain Dianchúraim agus an Ospidéil.

OBRÁDLANN

Is éard atá i saoráid an Ospidéil Svuít 11 Obrádlann, Obrádlann Dó (atá san Aonad Dó) agus Svuít Eindeashoithíoch den scoth (atá suite sa Roinn Raideolaíochta).

Áirítear ar na speisialtachtáí a bhaineann leas as an obrádlann Seirbhís Cairdiach-Toracach, Ortopéidic, Oro-macsaill, Máinliacht Phlaisteach, Ginearálta, Soithíoch, Gíneiceolaíocht, Úireolaíocht agus Seirbhís Péine. Le linn 2005 rinneadh 6,688 obráid eicleicteach agus 1,691 obráid éigeandála, sin iomlán de 8,379.

Le hoscailt an Svuít Eindeascóipe nua agus Ionad Máinliachta Lae riachtanas na n-othar a mbíonn máinliacht orthu sna phríomhobrádlanna níos géire agus tá líon na mionchásanna laghdaithe.

Bíonn an Obrádlann Dó oscailte faoi dhó sa tseachtain agus rinneadh 163 obrádlann le linn 2005. Rinne an Obrádlann Eindeashoithíoch 201 obrádlann le linn a gceithre sheisiún in aghaidh na seachtaine.

Tugadh chun críche feidhmiú an Chórais Bainistíochta Obrádlann agus chuaigh beo i Lúnasa 2005. Tá gach obrádlann san áireamh sa chóras. Bhí an-mhaith le baint as an eolas staitisticíúil a chuir an córas ar fáil agus tá tuilleadh forbartha á dhéanamh air sin.

Leanadh ar aghaidh leis an Dioplóma Iarchéime in Altracht Peiri-Obráide agus bhí 10 n-altra páirteach ann.

Coimisiúnaíodh seomra athphróiseála eindeascóipe tiomanta. Ceapadh Aidan Levins mar Chuntóir Eindeascóipe Obrádlann le freagracht as dífhabhtú, steiriliú agus cothú eindeascóipe i gcúram obrádlann agus dianchúraim.

Lean earcú altraí téarnaimh agus ainéistíseacha cáilithe le linn na bliana, rud a thug deis do na hobrádlann ar fad feidhmiú ar feadh na bliana. Chuaigh Ms Mary Pentony, Bainisteoir Altrachta Cliniciúla ar pinsean freisin tar éis blianta fada seirbhíse.

IONAD MÁINLIACHTA LAE

San Aibreán d'athraigh an tAonad Máinliachta Lae chuig Ionad Máinliachta Lae tiomanta ag cur leis an acmhainn go 18 spás leapacha. San Aonad tá obrádlanna G.A, obrádlann Mion-Obrádlann, cúig bhá téarnaimh céad ceime, seirbhís réamh-mheastachán ainéistíseach agus seomra scaoileadh abhaile agus lántrealamh iontu.

Soláthraíonn an tIonad Máinliachta Lae seirbhísí d'othair a bhíonn faoi obráidí máinliachta lae faoi ainéistíseach ginearálta, réigiúnach nó áitiúil do Mhánliacht Ghinearálta, Máinliacht Phlaisteach, Gíniceolaíocht, Úireolaíocht, E.N.T., Ortopéidic, Mascaill, Bainistiú Péine, agus Deirmeolaíocht.

Soláthraíonn an tAonad Eindeascóipe nua seirbhís eindeascóipe máinliachta. Is thart ar 10,000 cás a bheidh an líon teilgte bliantúil nuair a bheidh an t-aonad faoi lánseol.

Tá an tseirbhís réamh-mheastacháin ultra-stiúrtha, áit a soláthraíonn Speisialtóir Altrachta Cliniciúla agus beirt altraí foirne le tacú ó Ainéistíseach Comhairleach meastachán réamh-obráide d'othair a bhíonn ag fáil ainéistíseach ghinearálta.

Tá níos mó ná 30 d'fhoireann san Ionad nua, ardú mór ar an seanionad agus áirítear ann Bainisteoirí Altrachta Cliniciúla, Cúntóirí Cúraim Sláinte, poist riaracháin, lónadóireachta agus doirseoireachta.

Ceapadh an Dr Jennifer Porter mar Phríomh-Chliniceoir in Ainéistíse Cúraim Lae agus soláthraíodh leithroinnt iomlán cothrom le ceathrar Ainéistíse Comhairleach lánaimseartha don dá mhóbroádlann agus seirbhís réamh-mheastacháin. Féadadh páirt-oscailt a dhéanamh ar an tseirbhís nuair a ceapadh dhá Chomhairleoir Locum go heatramhach go dtí go bhfaighfear ceadú do na postanna sin, ó Chomhairle na nOspidéal i mí na Nollag.

Rinneadh thart ar 2,500 obráid máinliachta san Ionad Máinliachta Lae le linn 2005.

ICU AGUS HDU

Oscailíodh 14 de na 15 leaba in ICU in 2005. Bhí tógáil leapacha ard ag 92%. Bhí 741 iontrálacha ann (AVLOS de 5.63). Tugadh 658 othar (AVLOS 93.36) isteach sa HDU ceithre leapa. Soláthraíonn an dá aonad cúram míocháine d'othair a

bhíonn an-tinn agus lena mbaineann bail a d'fhéadfaí a athrú agus a éilíonn tacaíocht orgán. Seachadaíodh teiripe athsholáthar duán (CRRT) agus gaothú meicniúil ionsaitheach san ICU amháin. Baineadh leas go maith as gaothrú athraitheach ardmhinicíochta le linn 2005.

Cuireadh i bhfeidhm an córas bainistíochta sonraí othar leictreonach CareVue le linn mhí Mheán Fómhair.

Ceapadh an Dr Elizabeth Connolly mar Chomhairleoir le leas i Míochaine Dianchúraim, in éineacht leis na Dochtúirí Moriarty, Ryan agus Fagan. Is as Ainéistíseach is mó na hoiliúnaithe ICU ach tá daoine as Míochaine Éigeandála agus Máinliacht agus ó Míochaine Inmheánach Ghinearálta ó Iúil 2005 ann freisin. Is é an ICU an t-aon aonad i bPoblacht na hÉireann ina bhfuil postanna oiliúna ainmnithe Míochaine Dianchúraim.

Thosaigh Cúrsa Ard Diplóma in Alracht Dianchúraim i Meán Fómhair 2005 agus bhí naonúr páirteach ann. Sin dúbailt an méid a bhí ar an gcomhchúrsa ICU/CCU roimhe sin. Leantar ar aghaidh leis an mBunchúrsa Teastais in Altracht Dianchúraim. Tá an cúrsa sin dírithe ar dhaoine nua ag teacht isteach chuig altracht Dianchúraim agus tá sé bunaithe ar inniúlacht.

SEIRBHÍSÍ STEIRILITHE OSPIDÉIL

Déanann an tAonad Soláthairtí Steirilithe Ospidéal atá ardspeisialaithe próiseáil ar uirlis in-athúsáide don Ospidéal ar fad. Ceapadh an tUas. Jason Unger mar bhainisteoir HSSU in Eanáir 2005. Agus le binsemharcáil a dhéanamh ar chleachtais reatha i ndífhabhtú agus steiriliú rinneadh iniúchadh seachtrach. Tosaíodh clár forbairtí struchtúir, trealamh, nósanna imeachta agus oideachais in 2005 agus leanadh leis in 2006. Cinnteoidh na hathruithe sin go ndéanfar caighdeán a chothabháil agus comhlíonadh ar dheachleachtas agus cinnteofar forbairt leanúnach ó thaobh na foirne.

Bhí áthas ar an Stiúrthóireacht aschur leanúnach Sterivigilance agus Coistí Rialaithe Ionfhabhtaithe a bheith acu sna forbairtí sin.

AONAD LASAIR

D'oibrigh an tseirbhís eis-othar in éineacht le comhairleoirí Plaisteacha agus Déirmeolaíochta ar phleananna cúraim othar lena n-áirítear deireadh a chur le:

- Marcanna ó mbroinn agus marcanna fuildearg ar an gcráiceann (Candela Laser).
- Leisíní sa chraiceann agus fionnadh (Ruby Laser).
- Leisíní ciorotacha agus carcinoma cealla basal (CO2 Laser).



SEIRBHÍ AINÉISTÉISE

In 2005 riaradh 8,600 ainéistéise sa phríomhsvuít obrádlainne íomhú Eideashoithíoch, Dó agus Fáthmheas. Léirítear forbairt obráidí beag-ionsaitheacha san líon cásanna i Raideolaíocht Idirghabhálach (IR) atá ag ardú. Tá seisiúin thiomanta in IR mar chuid den tuairisc poist do chomhphoist comhairleora leis an Ospidéal Royal Victoria Eye and Ear agus siúd is nach bhfuil aon seisiún ainéistéise tiomanta leithrinnte sa réimse sin rinneadh gach iarracht a chinntiú gur freastalaíodh ar gach iarraidh ainéistéise in 2005 agus níor diúltaíodh ainéistéise d'aon othar ar theastaigh sin uaidh nó uaihi.

Rinneadh píolótú ar thaifead othar leictreonach Deio in 2005 agus feidhmíodh go hiomlán é in 2006.

Riaradh 3,500 ainéistéise péidiatacha ag Clinic Déadach ERHA ag comhairleoirí de chuid Ospidéal San Séamas.

TAIGHDE AGUS TEAGASC

Bhí clár taighde gníomhach ag an Roinn faoi stiúir na nDochtúirí Ryan agus McCrory le beirt Chláraitheoirí Taighde, na Dochtúirí Dowd and O'Malley, a ceapadh mar Theagascóirí Coláiste ag an nGColáiste Ainéistéise.



RÉAMHRÁ

Clúdaíonn SCOPE Teiripe Urlabhraíochta agus Teanga, Obair Shóisialta Mhíochaine, Cothú Cliniciúil, Teiripe Ceirde agus Fisiteiripe. Bhí bliain mhaith ag SCOPE le 187,521 teagmháil le hothair feadh cúig roinn.

Tionscnaimh Forbartha Éigeandála

Bhí Ranna SCOPE páirteach in go leor tionscnamh foirne a mhaoinigh Roinn Éigeandála an Ospidéal (ED) lena n-áirítear:

- Post Teiripe Urlabhraíochta 0.5 wte chun naisc a dhéanamh idir fhoireann ED agus seirbhísí Teiripe Urlabhraíochta.
- Post Cothaitheoir Cliniciúil Sinsearach 0.5 wte a ceadaíodh i Meán Fómhair ag cur feabhais ar an tseirbhís a sholáthraítear do gach othar dá dtarchuirtear ó ED lena n-áirítear aonad Faire agus seirbhís Mheasúnú Phian Cliabhraigh.
- Beirt Teiripeoir Ceirde sinsearach a chur in ED i mí na Samhna, le súil le cosc a chur le hiontrálacha nach mbeadh gá leo agus chun cur le sábháilteacht scaoileadh amach ó ED. Agus iad ag obair le comhghleacaithe Fisiteiripe rinneadh siad measúnú freisin ar othair ag feidhmiú ina dtithe féin. Mhol siad freisin agus iad ag obair go dlúth le Cúram Pobail trealamh iniompartha riachtanach chun go bhféadfaí an scaoileadh abhaile a dhéanamh agus chun cuidiú leis.
- Tosú ar scéim phiólóta trí mhí i mí na Nollag chun leathnú a dhéanamh ar chlúdach Obair Shóisialta do ED sa tráthnóna chun measúnú a dhéanamh ar an leas d'othair.
- Rinneadh uasghrádú ar an bhFisiteiripeoir Sinsearach in ED go Speisialtóir Cliniciúil ag soláthar luath-chóireáil do dhianghortuithe matánchnámharlaigh agus le forbairt a dhéanamh ar ról éascú a dhéanamh ar scaoileadh abhaile.

Clinic Raimhre

Bunaíodh clinic raimhre piólóta i mbliana ag na Ranna Cothaitheachta Cliniciúla agus Fisiteiripe chun malairt cur chuige a sholáthar ó thaobh bhainistiú raimhre. Tugadh an chéad chlár chun críche i mí na Nollag agus déanfar iniúchadh agus athbhreithniú ar an tseirbhís in 2006.

Seirbhís Ailse Cinn agus Muiníl

I mí Iúil ceadaíodh Teiripeoir Urlabhraíochta agus Teanga agus Cothaitheoir Cliniciúil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh ó thaobh sholáthar seirbhísí don Aonad Ailse Cinn agus Muiníl. As sin tháinig ardú 100% ar ghníomhaíocht Cothaitheachta Cliniciúla agus Seirbhís níos fearr Urlabhraíochta agus Teanga in Oinceolaíocht Maxillo-Facial Oncology sa dara leath de 2005.



Philomena Flood

STIÚRTHÓIR BAINISTÍOCHTA /STIÚRTHÓIR CLINICE

Patricia Reilly

RIARTHÓIR

01

SOLÁTHRAÍTEAR SEIRBHÍSÍ CUIMSITHEACHA URLABHRAÍOCHTA AGUS TEANGA

02/03

TÁ RAON TREALAIMH AG AN BHFOIREANN FISITEIRIPE I GYM NA RANNA CHUN CUIDIÚ LE HINGHLUAISEACHT OTHAR

Taighde, Staidéar agus PR

D'óstaigh SCOPE Lá Staidéir Oinceolaíochta ar ar fhreastail cainteoirí cáiliúla agus toscairí ó ar fud na hÉireann atá ag obair i nGníomhaireachtaí Seirbhísí Sláinte éagsúla.

Tionóladh seimineár taighde i Meán Fómhair áit ar chuir gach ceann de na Cúig Roinn a dtogra taighde i láthair. D'eagraigh Grúpa PR SCOPE roinnt imeachtaí lena n-áirítear cainteanna am lóin agus imeachtaí spraoi don fhoireann agus seoladh ráiteas misin SCOPE i mí na Nollag.

Cuid de na cúrsaí a rinne foireann SCOPE ná Pleanáil Seirbhísí, Bainistiú Athraithe, Maoirseacht Chliniciúil agus Oilíúint d'Fhoireann Chléireach agus fuair siad maoiniú ó Phlean Gníomh do Bhainistiú Daoine. Bhí SCOPE páirteach freisin ar Bhainistiú Fheidhmíochta Foireann-Bhunaithe agus d'fheidhmigh trí fhoireanna píolóta.

COOTHÚ CLINICIÚIL

Soláthraíonn an Roinn Cothaithe Chliniciúil seirbhís in-othar agus eis-othar lena n-áirítear measúnú cothaithe, tacaíocht cothaithe, comhairle cothaithe/aiste bia d'othair a dteastaíonn teiripe cothaithe míochaine uathu agus oideachas do chúramóirí, daoine sa teaghlach agus foireann an ospidéal. Cuireadh oilíúint in 2005 ar sheisear mhac léinn I mBSc in gCothú Daonna agus Aistí Bia.

Bunaíodh seisiúin oideachais grúpaí in 2005 san Ionad Lae Diaibéiteach chun déileáil leis an líon othar atá ag méadú a ndéantar fáthmheas chineál 2 diaibéiteas ina leith agus iad ag fanacht lena gcéad comhchomhairle aonair le cothaitheoir cliniciúil agus leis an speisialtóir altracha cliniciúla. Déanfar measúnú ar shástacht na n-othar leis an tseirbhís in 2006.

Le breis foirne in 2005 bhí deis níos mó soláthair a dhéanamh ar sheirbhísí cothaithe chuig gach othar oinceolaíochta/haemaiteolaíochta míochaine sa Stiúrthóireacht HOPE agus seirbhísí níos fearr chuig othair oinceolaíochta HODC.

Thosaigh seirbhís Cothaithe Cliniciúla chuig Aonad 5, Cherry Orchard, arna reáchtáil ag Stiúrthóireacht MedEL in Eanáir 2005 agus tionóladh cliniciúil eis-othar d'othair Aonaid Measúnaithe Phian Chliabhraigh.

Tugadh isteach córas ríomhaire d'aistí bia teiripeacha leis an Roinn Lónadóireachta chun feabhas a chur ar chórais seachadta agus lena chinntiú go bhfaigheann othair aistí a bhíonn molta agus míreanna forlíontacha a bhíonn ordaithe ag an gCothaitheoir Cliniciúil. Tháinig méadú ar bhallraíocht an choiste lónadóireachta ildisciplíne le hionadaithe ó CNMs, foireann altrachta agus ón bhfoireann lónadóireachta bardaí.

Rinneadh roinnt iniúchtaí freisin i rith na bliana. Áiríodh orthu sin iniúchadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar calciam, fosfáit,

P.T.H., táirge fosfáil calciam agus leibhéal fosfáiteach ailciléin othar ag céimeanna ceathair agus cúig C.R.F. isteach agus comparáid a dhéanamh le K./D.O.Q.I. 'Clinical Practice Guidelines for Bone Metabolism and Disease in Chronic Kidney Disease, 2003'. Rinneadh iniúchadh freisin ar chóras lipéadaithe ar aistí bia speisialta agus iniúchadh ar chlinic coeliach chun scrúdú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse reatha agus aithint a dhéanamh ar an riachtanas ó thaobh níos mó solúbthachta do rochtain othar.

OBAIR SHÓISIALTA LIACHTA

Tháinig méadú de cheathrar ar líon ceannairí Sinsearach/Foirne laistigh de Roinn na hOibre Sóisialta Liachta le linn 2005 de bharr post nua agus post uasghrádaithe san ED, Oinceolaíocht Othar Seachtrach do Chéim 1H, NCHCD agus MedEL. Sa bhreis air sin rinneadh poist bhuana de dhá phost Méala/Coinneála Orgán a cruthaíodh i 2000, rinneadh amhlaidh leis an bpost don Tionscnamh Leapacha Sealadacha Fadtréimhse. Chuir na forbairtí seo go mór le hacmhainn na Roinne.

Thug daingniú náisiúnta na gCáipéisí Inniúlachtaí do na gráid san Obair Shóisialta Liachta níos túisce i mbliana, treoir do thús a chur le punanna Forbairt Ghairme Leanúnach do gach Oibrí sóisialta liachta.

Tháinig an Roinn faoi chuid den bhrú is mó le 20 bliain anuas nuair a bhí othair in Ospidéal San Séamas a n-aistriú chuig cúram fadtréimhse, mar gheall ar an gcomhlínt idir cearta na n-othar sin, ceisteanna náisiúnta maidir le maoiniú a gcúram agus riachtanas na ndaoine sin a bhí ag fanacht ar theacht isteach.

Tar éis foilsiú Thuarascáil Madden ar Fhiosrúchán Dunne i dtaobh choinneáil orgán, léirigh iniúchadh ar phróisis an Roinn Oibre Sóisialta gur comhlíonadh gach riachtanas agus moladh ó cuireadh tús leis an tseirbhís Méala/Coinneála Orgán sa Roinn sa bhliain 2000.

Dearadh agus foilsíodh bróisiúr nua faoin Roinn Oibre Sóisialta san Fhómhar. Dearadh Foirm Chéad Mheasúnaithe Chaighdeánaithe Síceasóisialta nua le píolótú i 2006 agus d'aistrigh foireann na Roinne sa tseirbhís GUIDe bileoga go sé theanga chun an obair le hothair agus a dteaghligh a éascú.

Tugadh isteach próisis nua idirghabhála tar éis do staidéar ag measúnú athshlánú othar iar-thrasphlandaithe smeara a léiriú go bhféadfadh siad leas níos fearr a bhaint as an tseirbhís oibre sóisialta i ndiaidh a scaoileadh abhaile ná le linn a dtréimhse mar othair chónaithe.

Laiistigh de SCOPE, rinne an roinn oibre sóisialta liachta aighneachtaí i dtaobh forbairtí nua a bhí molta maidir leis na réimsí Dó, Radaiteiripe, Neifreolaíochta agus Eitinne agus chuir an roinn le Suirbhé Móráirimh Obair Shóisialta náisiúnta a bhí á dhéanamh ag an mBord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta.



03

Oideachas & Taighde


D'fhreastail an fhoireann gairmithe iomlán sa Roinn ar chúrsa saindréachta dar teideal Loss Counselling in The Acute Setting. Scéim phiolótach i leith clár náisiúnta ionchais le haghaidh foirne go léir Ranna Obair Shóisialta in ospidéal a bhí i gceist le rannpháirtíocht Ospidéal San Séamas.

D'fhreastail 10 n-oibrí sóisialta, go príomha an fhoireann in GUIDe, san Ionad Éigeandála um Éigniú. Thug comhaltaí d'fhoireann oibre sóisialta liachta dhá Chúrsa Ildisciplíneacha HIV, i gcomhar le foireann altranais GUIDe, do rannpháirtithe ó thaobh amuigh den Ospidéal.

ROINN TEIRIPE CEIRDE

Cuireann seirbhísí Teiripe Ceirde ar chumas na ndaoine atá díchumasaithe go buan nó go sealadach a bheith chomh neamhspleách agus is féidir ina ngnáthshaol. Oibríonn na teiripithe sa timpeallacht ghéarchéime chun an lagú a mhaolú agus chun cur chomh mór agus is féidir le neamhspleáchas le fócas suntasach ar phleanáil do scaoileadh amach agus filleadh abhaile an othair.

Tarchuir chuig Teiripe Ceirde



Tháinig méadú 27% ar ghníomhaíocht thar an méid i 2004. Bhí méadú 43% i dTarchuir chuig TS ón Stiúrtóireacht HOPE, 15% ó GEMS, agus 27% ó MedEI.

Cruthaíodh post do Theagascóir Cleachtais i mbliana le foghlaim na mac léinn a fheabhsú le linn a socrúchán agus chun tacaíocht phraiticiúil a sholáthar do chliniceoirí maoirseachta.

Chríochnaigh gach duine sinsearach ar an bhfoireann cúrsa cúig lá ar Mhaoirseacht Cliniciúil a chabhraíonn leo tacaíocht agus foghlaim a sholáthar don fhoireann uile in OT chomh maith le freagracht a chinntiú.

AN ROINN FISITEIRIPE

Is éard a dhéanann an tseirbhís Fisiteiripe ná acmhainn gluaiseachta othar a aithint agus sin a fhorbairt an méid is féidir trí chur chun cinn, trí chosc, trí chóireáil agus trí athshlánú. Soláthraítear seirbhísí d'othair an Ospidéal agus othair na nGnáthdhochtúirí áitiúla.

I 2005, fuair iomlán de 44 fisiteiripí, 10 gcúntóir agus 4 chléireach 7,151 tarchuir othair chónaithe agus sholáthair siad 71,285 chóireáil, Soláthraíodh 20,558 chóireáil do 6,740 othar seachtrach. Ceadaíodh post Teagascóra Chliniciúil breise don Roinn.

Leathnaíodh an tseirbhís Néareolaíochta d'othair sheachtracha de chuid na Roinne Fisiteiripe go dtí ceithre thráthnóna sa tseachtain i mbliana d'othair a bhfuil neamhord néareolaíoch orthu. Bunaíodh rang MS freisin.

Ceapadh post nua le seirbhís fisiteiripe a sholáthar do na hothair i mBarda Aspen/Barda 5 in Ospidéal Ghort na Silíní, dírithe ar cháilíocht beatha na gcónaitheoirí a fheabhsú agus a leibhéal gluaiseachta agus a gcumas feidhme a choinneáil agus a fhorbairt don mhéid is féidir agus an oiread agus is féidir.

Reachtáladh clinic Parkinson ar bhonn rialta san Ospidéal Lae Robert May i gcomhar leis an bhfoireann Ildisciplíneach. B'ábhar misnigh an tairbhe a bhain na hothair seo as an aclaíocht agus cuirfear togra le chéile le linn 2006 do rang Parkinson cardashoithíoch atá beartaithe le bheith mar an mír taighde san Msc sa Fisiteiripe Spóirt de chuid Maura O'Sullivan, Fisiteiripeoir Sinsireach.

Lean an tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU) ag forbairt an Chlár Athshlánaithe Scamhóg, ag glanadh liosta feithimh othar RAU agus a thug deis an tseirbhís seo a leathnú amach chuig gach othar a fhreastalaíonn ar lia comhairleach riospráide in Ospidéal San Séamas. Chomh maith leis sin d'oibrigh foireann an RAU le Anthony Edwards, Grianghrafadóir Cliniciúil Sinsireach agus le Paul Quinlan ón Roinn Máinliachta chun fiseán a fhorbairt d'othair an COPD. Táthar ag súil go bhfeabhsóidh seo, a dearadh mar mhalairt ar ábhar scríofa, le comhlíonadh an Chlár Athshlánaithe Scamhóg.

Cuireadh beartas DNA i bhfeidhm sa Roinn Fisiteiripe agus ullmháíodh cárta tráchta don roinn othar seachtrach i gcoitinne mar iarracht ar éifeachtúileacht a fheabhsú agus agus sásamh na n-othar a iniúchadh.

AN ROINN TEIRIPE URLABHRA AGUS TEANGA

Bhí méadú 2% ar ghníomhaíocht fhoriomlán sa Roinn Teiripe urlabhra agus Teanga, le méadú 12% i líon na n-othar seachtrach ar cuireadh cóireáil orthu.

Tar éis a bheith rannpháirteach i dTionscnamh Eorpach, chuir an Roinn feabhas breise ar mhúnla teiripe Comhrá faoi Thacaíocht ar mhaithe le hothair Aphasia MedEl agus a gcúramóirí.

Lean na clinicí Parkinson's agus PEG gan deacracht mar chomhthionscnaimh.

Le linn 2005, ba léir go raibh éileamh méadaithe ar sheirbhís Teiripe Urlabhra agus Teanga le dealramh agus go léireofar sin sna réimsí Liachta inmheánaigh, ICU/HDU agus san Ailse GI Uachtarach.

Sholáthair comhphost Teagaschóra Cliniciúil idir Coláiste na Trínoíde agus Ospidéal San Séamas socrúcháin chliniciúla d'ardchaighdeán agus níos sruthlínithe do mhic léinn. D'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí ábhartha le linn na bliana agus de thoradh maoinithe a socraíodh tríd an bPlean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine freastalóidh siad ar Chúrsa Oiliúna Maoirseachta Gairmiúla i 2006.



01



02



03

AN ROINN POITIGÉARA

RÉAMHRÁ

Ceannaíonn agus roinneann an Roinn Poitigéara tairgí poitigéara agus paraiphoitigéara laistigh den ospidéal. Soláthraítear seirbhís chliniciúil chun úsáid shábháilte, éifeachtach agus eacnamaíoch ar na tairgí sin a sholáthar.

Áirítear ar na seirbhísí eile seirbhís chomhdhúite aseipteach, eolas ar dhruaí, dáileadh eisothar chuig Ospidéal 5 agus oideachas agus oiliúint d'othair agus don fhoireann chliniciúil araon. Sholáthair an Roinn Poitigéara na seirbhísí poitigéara go léir d'Ospidéal Naomh Lúcaís agus d'Oispis Mhuire. Bhí méadú ar ghníomhaíocht i ngach réimse le linn 2005.

Lean ardú ag teacht ar an líon glaonna ar an tSeirbhís Poitigéara Dualgas Éigeandála – atá ar fáil do sholáthar éigeandála míochaine nó eolais don fhoireann ag an Ospidéal seo agus na hospidéil chomhnasctha lasmuigh d'uaire rialta – ó ospidéil sheachtracha nach bhfuil saoráidí den sórt sin acu agus lean ardú freisin ar sholáthar ítimí le linn uaire oscailte deireadh seachtaine. Foilsíodh eagrán 2005 de Threoir Foroideasáí Oispidéil i mí Iúil. Tugadh aghaidh ar obair mhór ó thaobh cur le treoirlínte dáileadh infhéitheach drugaí do bhardaí agus ar iad a thabhairt cothrom le dáta. Táirgíodh 26 mhonagraf nua drugaí. Lean an seiceáil ar Dhearbhú Cáilíochta lena bhfoilsíú ar an líonra inmheánach go luath i 2006 a éascú.

Cuireadh tús le tionscadal píolótach ag breathnú ar ualach oibre agus gníomhaíochtaí ag úsáid PDAanna agus bogearraí atá saindeartha leis na sonraí seo a ghabháil. Críochnófar céim 1 den tionscadal píolótach an bhliain seo chugainn.

Leithdháileadh spás breise don Roinn i mbliana, rud a d'éascaigh méadú stoic de roinnt ítimí sábháilteachta criticiúla agus tugadh ceadú le haghaidh síneadh a chuirfidh go mór le hacmhainn stórála.

SEIRBHÍSÍ SCAIPTHE AGUS DÁILTE

Lean an dáileann ag soláthar seirbhís bhreisithe don Ospidéal le linn 2005. Tháinig ardú suntasach ar an méid a caitheadh ar dhruaí (ardú 15%) i 2005 agus tháinig ardú 4% ar an líon ítimí a dáileadh.

Dháil an Roinn Potaigéara 3,530 de línte tairgí éagsúla i 2005. B'ionann 100 líne agus thart ar 71% de chaiteachas drugaí. Díríodh tairiscintí poitigéara agus idirbheartaíochtaí praghsanna le soláthróirí ar na línte costais arda/ ardúsáide leis an luach is fearr a bhaint amach.

Críochnaíodh tairiscintí suntasacha AE lena n-áirítear drugaí antineopláic, antaibheathaigh agus sreabháin infhéitheacha. Bhí baint ag an Roinn Poitigéara agus an Roinn Srianata Ionfhabhtaithe le tairiscint chun glóthach alcóil a roghnú le haghaidh sláinteachas láimhe, le dáileadh ar fud an Ospidéil go luath i 2006.



An tOll. Kamal Sabra
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ POITIGÉIREACHTA

Veronica Treacy Uasal
CEANNASÁÍ 1 POITIGÉIREACHTA

Sandra Conaty Uasal
BAINISTEOR GNÓ

01

SOLÁTHRAÍONN OSPIDÉAL SAN SÉAMAS RÉIMSE OLLMHÓR CÓGAS D'OTHAIR


02

ULLMHAÍONN FOIREANN SAN AONAD COMHDHLÚITE ASEIPTIC CÓGAS I DTIMPEALLACH AIMRID

03

AG COIMEÁIL CÓGAS IARRTHA IN IONAD DÁILTE AN OSPIDÉIL

Líon na n-Ítimí a Dháileadh



SEIRBHÍSÍ ASEIPTEACHA / COMHDHLÚITE

Athdhéanann Aonaid Chomhdhlúite drugaí siatótócsacha, táirgí antaibheathaigh agus táirgí aimreide eile ag baint leas as teicneolaíocht seomra glana agus aonarú nua-aimseartha eile, ag cur chomh maith agus is féidir le sláinte othar agus sláinte na foirne agus lena sábháilteacht. Bainistíonn an Roinn trí aonad Comhdhlúite – ceann amháin laistigh den Phríomh Aonad Poitigéara in Ospidéal 7 – agus dhá aonad sataillíteacha, ceann ar Bharda Denis Burkitt agus an ceann eile in Ospidéal Naomh Lúcas.

Monaraíonn an Príomh-Aonad ag Ospidéal 7 raon leathan de shiatótócsacha agus táirgí steirilíthe eile d’othair anseo agus d’othair in Ospidéal Naomh Lúcas. Lean an t-éileamh ó Haemateolaíocht/Oinceolaíocht ar an tseirbhís seo ag fás. Chomh maith leis sin tháinig méadú ar éileamh de bharr ghníomhaíocht bhreise i dtástálacha clínicíúla.

SEIRBHÍSÍ POITIGÉARA CLINICIÚLA

Tá rannpháirtíocht poitigéara ag leibhéal barda dírithe ar úsáid drugaí sábháilte, éifeachtach agus eacnamaíoch a chur chun cinn. Áirítear ar na seirbhísí:

- Eolas riachtanach faoi úsáid cógais leighis a sholáthar d’othair agus don fhoireann ar bhonn laethúil.
- Athbhreithniú stairiúil cógais leighis nuair a thugtar othair isteach.
- Cuirteanna laethúla ar othair le soláthar agus athbhreithniú oidis drugaí a chinntiú.
- Rannpháirtíocht i gcuairteanna bardaí faoi chúram chomhairleora i réimsí sainiúla.
- Oideachas a chur ar othair chónaithe (agus ar eisothair nuair is cú) faoinar chóir leighis a thógáil sula ligtear amach iad.
- Soláthar a dhéanamh ar cháirtaí taifid oideachais agus bileoga eolais othar chun cur le comhlíonadh le cleachtais chearta leighis chasta.
- Nascadh le Poitigéirí Pobail lena chinntiú nach dtarlóidh aon fhadhbanna le soláthar cóir leighis nuair a scaoiltear amach othair.
- Nascadh le foireann shainiúil leighis agus altracha le hathbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte oidis don Ospidéal.
- Seirbhís eolais cóir leighis in-tí don fhoireann chlínicíúil, a rochtaine via Poitigéirí Barda le linn uaire oscailte poitigéara.

SEIRBHÍSÍ POITIGÉARA HOPE

Cinntíonn HOPE Pharmacy Services athbhreithniú cuí agus éifeachtach ar gach oideas ceimiteiripe a eisíonn cliniceoirí HOPE. Soláthraíodh seirbhís poitigéara chlínicíúil d’othair chónaithe i mBarda Walter Stephenson, i mBarda Burkitt agus i mBarda 1 Príobháideach. Déanann poitigéirí HOPE athbhreithniú freisin ar oidis leighis othar chónaithe de chuid cliniceoirí HOPE ar bhardaí eile.

Forbraíodh seirbhís poitigéara clínicíúil in aice othar ar an Aonad Chúram Lae Oinceolaíochta/ Haemateolaíochta. Déanann sé liaison idiréadan príomha-táineastach agus comhchomhairle faoi oidis le hothair.

Déanann athoscailt aonad comhdhlúite ag Barda Denis Burkitt i 2004 níos éasca soláthar a dhéanamh ar ceimiteiripe don Aonad Chúram Lae le linn 2005.

SEIRBHÍSÍ POITIGÉARA GUIDE

Sa tréimhse 2003 – 2005 tháinig ardú 25% ar an líon othar ag fáil míochaine frithviris agus cinn eile a bhaineann le HIV ag na clínicí HIV gach trí sheachtain agus ag an gclínic comhionfhabhtú HIV eile uair amháin in aghaidh na seachtaine.

Tá an Roinn seo freagrach aisti féin as dáileadh na míochainí seo chuig othair roimh iad a scaoileadh amach agus i ndiaidh iad a scaoileadh amach. Freastalaíonn foireann na Roinne freisin ar Bhabhtaí Bardaí HIV Comhchomhairleoraí agus soláthraíonn seirbhís chlínicíúil laethúil. Cuirtear comhairle freisin ar othair HIV faoina ndrugáil agus coinnítear a dtáifid poitigéara do thráthchláir dhruagaí, iarmhairtí agus patrúin frithoibríthe agus iad ina n-eisothair.

Dáileadh gach druga do thrialacha clínicíúla laistigh de sheirbhís HIV freisin. Bhí ról gníomhach ag foireann Phoitigéara GUIDe ó thaobh comhairle a chur ar na hothair a bhí i gceist agus ó thaobh taifid chothrom le dáta a choinneáil ar na trialacha leanúnacha.

Soláthraíodh míochainí réamhphacáilte agus iad dáilte ina n-aonar agus seirbhís eolais lena chinntiú go ndearnadh oideasú slán agus éifeachtach ag an gClínic STD. Rinne an Poitigéir Galar Ionfhabhtaithe freastal ar Bhabhtaí Bardaí ID Comhchomhairleoraí agus rinne bainistiú ar an gClínic Galar Ionfhabhtaithe seachtainiúil.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIDEACHAIS AGUS TAIGHDE

Tá an Roinn páirteach i dteagasc leanúnach ar mhic léinn fochéime agus iarchéime poitigéireachta, d’altraí agus do mhic léinn leighis. Bronnadh an Servier Award ar Aoife Lucy as a tionscadal “Developing a Database of all Hospital Pharmacy Practice Activities (published or otherwise) in the Republic of Ireland” ag Comhdháil Bhliantúil Oideachais an Hospital Pharmacists Association of Ireland, mí Aibreáin. D’éirigh léi freisin san MSc in Hospital Pharmacy (TCD) mar a rinne Norma Harnedy (Aberdeen) agus Roisin Adams (Coláiste Olscoile na Banríona).

Bronnadh an Mary Harte Memorial Prize ar Aoife Fleming as a tionscadal poitigéara réamhchláraithe dar teideal “Validation of Hand and Glove Sanitisation Procedures in the Aseptic Compounding Unit at St. James’s Hospital.”

IONAD EOLAIS MÍOCHAINÍ NÁISIÚNTA (NMIC)


Claudine Hughes
CEANNASAÍ II POITIGÉIR

An tOll. John Feely
STIÚRTHÓIR MÍOCHAINÉ

An tOll. Kamal Sabra
STIÚRTHÓIR POITIGÉIREACHTA

Thug an NMIC, a sholáthraíonn eolas faoi aon ghné de theiripe drugaí lena n-áirítear léirithe agus frithléirithe do mhíochainí, dáileoga i staideanna galair, idirghníomhaíocht drugaí, drochéifeachtaí, úsáid drugaí le linn toirchis agus lachta, faoi deara le linn 2005 ardú in iarratais ar eolas go háirithe maidir le gabháil/dáileog, drochéifeachtaí agus idirghníomhaíocht drugaí.

Aicme Eolais 2004-2005



Sholáthair an NMIC eolas míochaine ina dhéimhíocháin theiripeolaíocht agus sa nuachtlitir feasacht reatha mhíosúil “Therapeutics Today”. Áiríodh ar na topaicí a clúdáíodh le linn 2005 (vol.11) Acute Coronary Syndrome, Attention Deficit Hyperactivity Disorder, Hormonal Contraception, Dementia agus Pain. Cuirtear foilseacháin NMIC ar fad chuig dochtúirí agus poitigéirí ar fud na tíre agus tá siad ar fáil ag www.nmic.ie

IONAD D'ARD-TEIRIPEACHA CLINICIÚLA (CACT)

An Dr. Mary Teeling
STIÚRTHÓIR

An tOll. John Feely
STIÚRTHÓIR MÍOCHAINÉ

An tOll. Kamal Sabra
STIÚRTHÓIR POITIGÉIREACHTA

Soláthraíonn CACT oideachas le cur ar chumas gairmithe sa chúram sláinte agus an tionscal poitigéireachta coinneáil cothrom le dáta le dul chun cinn i réimse na poitigéireachta.

Lean an tlonad ag obair, le linn 2005, leis an Roinn Poitigéireachta agus Teiripeacha i gColáiste na Tríonóide agus le Scoil na Poitigéireachta i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i reachtáil a dá chúrsa iarchéime - an Diplóma Iarchéime/Msc i Míochaine Poitigéireachta agus Ard Diplóma/Msc i bPoitigéireacht Chliniciúil (cianfhoghlaim) faoi seach. Críochnóidh an chéad rang mac léinn don dá chúrsa i 2006. Reachtáladh roinnt mhaith gearrchúrsaí i 2005 lena n-áirítear modanna taighde chliniciúil, forléiriú ar staidéir chliniciúla, ullmhóidh aiseipteach, eacnamaíocht poitigéireachta agus cothromú le dáta galar cardashoithíoch.

Tá tuilleadh sonraí faoi na cúrsaí iarchéime agus eolas faoi na chúrsaí gearra a bheidh ag teacht aníos ar fáil ar láithreán gréasáin an Ionad ag www.cact.ie

IONAD NÁISIÚNTA DON EACNAMAÍOCHT POITIGÉIREACHTA

An Dr. Michael Barry
STIÚRTHÓIR CLINICIÚIL

Bunaíodh an tlonad Náisiúnta don Eacnamaíocht Poitigéireachta (NCPE) in Éirinn, a mhaoiníonn an Roinn Sláinte agus Leanaí, i 1998 agus tá an tlonad bunaithe in Ospidéal San Séamas.

Cuireann an tlonad saineolas chun cinn in Éirinn maidir le dul chun cinn an disciplín Eacnamaíocht Poitigéireachta trí chleachtas, taighde agus oideachas. Áirítear ar a ghníomhaíochtaí luacháil eacnamaíoch ar tháirgí poitigéireachta agus forbairt ar oidisiú atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Déanann an NCPE taighde freisin, ag díriú go príomha ar anailís eacnamaíoch na dteiripí ardchostais cosúil le cóir leighis do ghalar othrais peiptigh, chliseadh croí, theiripe HIV agus do theiripe laghdaithe lipide. Chomh maith leis sin cuireann an tlonad leis an gcuraclam fochéime poitigéireachta agus le hoiliúint iarchéime.

D’fhoilsigh an NCPE an doiciméad European Pharmaceutical pricing and Reimbursement Strategies (2005), i mbliana, ar athbhreithniú cuimsitheach é ar pholasaithe ar phraghsáil táirgí poitigéireachta agus aisíocaíocht san Eoraip.


Tá sé seo agus liosta iomlán de foilseacháin eile ar fáil agus le feiceáil ar láithreán gréasáin an Ionad ag www.ncpe.ie



01



02



03

FISIC LIACHTA & BITH-INNEALTÓIREACHT



An tOll. Jim F. Malone
CEANNASAÍ ROINNE

An Dr. Neil O'Hare & An Dr. Geraldine O'Reilly
LEASCHEANNASAITHE ROINNE

01/02

CABHRAÍONN ARDTEICNÍCÍ A FORBRAÍODH IN MPBE LE FÁTHMHEAS A LEITHÉID DE AILSE AGUS TACAÍONN SIAD LE CÓIREÁIL NUA. DÓIBH.

03

AN SCANNÓIR PET NUA

RÉAMHRÁ

Is í an Roinn Fisic Mhíochaine & Bithinnealtóireachta (MPBE) acmhainn theicniúil agus eolaíoch an Ospidéal maidir le ceisteanna trealaimh míochaine. Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bainistíocht tionscadail, coimisiúnú córais, cúraim sábháilteachta, bainistíocht trealaimh, dearbhú cáilíochta, oideachas agus taighde. Tháinig ardú ar an éileamh i ngach ceann de na réimsí sin, rud a léiríonn an méadú ar chastacht, réimse agus cháilíocht na ngnáthamh cliniciúil agus seirbhísí a sholáthraíonn an Ospidéal. Chun freastal ar na héilimh seo san am atá ag teacht tá gá le bonn an-láidir, leathan eolaíoch agus teicniúil a chothabháil laistigh de chultúir nuálaíochta. Ceadaíodh Cathaoir nua i bhFisic Míochaine i 2005 a thacóidh leis na gníomhaíochtaí seo agus a thabharfaidh treoir don Roinn amach sa todhcháí.

FORBAIRTÍ

Radaiteiripe

Cuireadh tús le Teiripe 131I MIBG le cóireáil a chur ar siadaí urchóideacha néarainchríneacha, le MBPE ag soláthar tacaíocht fisice agus seirbhísí cosanta radaíochta. seo an chéad seirbhís teiripe 131I MIBG in Éirinn agus ba leathnú breise é ar an tseirbhís teiripe radanúicíd a bhí ann cheana. Soláthródh tacaíocht fisice freisin do theiripe eisídiúcháin Radaíadín agus le haghaidh teiripe Zevalin 90Y do Liomfóma neamh-Hodgkin, agus bhí móréileamh cliniciúil ón dá cheann acu.

PET-CT

Roghnaíodh Ospidéal San Séamas mar an láthair don chéad PET-CT i mBaile Átha Cliath, agus MPBE ag cuidiú le pleanáil don suíomh, le comhairle maidir le cosaint ó radaíocht agus le sonraíocht an chórais.

Coimisiúnú

Áirítear ar na mór thionscadail coimisiúnaithe a chuireadh i gcrích Céim 1H agus forbairtí ag an Roinn Éigeandála. Tá Teicneoir Innealtóireachta Cliniciúil sannta anois don Roinn Éigeandála. Leis an leathnú ar an tSeirbhís Máinliachta Lae tháinig béim ar tús a chur le córais mhionionracha. San Íomháu Fáthmheasach, ceadaigh MPBE 64-sceall CT nua agus córas mamagrafaíochta digiteach.

Rinne MPBE bainistíocht ar sheoladh CareVue, an córas eolais cliniciúil don ICU, agus seoladh an chóras eolais cliniciúil DEIO don obrádlann.

PaRIS / EPR

Lean anMPBE ag bainistiú an tionscadail PaRIS/EPR. Tógadh móroibreacha suiteála chun críche agus cuireadh tús le tástáil, agus é sceidealta le dul beo i 2006.

Seirbhísí Seachtracha

Déanann MPBE feidhm seirbhíse seachtraí, ag soláthar comhairle cosanta raideolaíochta, seirbhísí innealtóireachta cliniciúla agus fisicí míochaine ar 40 ospidéal ar fud na tíre agus ar 250 clinic fiadlóireachta. Rinneadh dearbhú cáilíochta ar 450 córas X-gha agus rinneadh coimisiúnú ar 50 córas nua.

D'fhorbair an MPBE ábhar do láithreán gréasáin an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) maidir le raideolaíocht Dhéadach agus scannadh DEXA. Bhí comhaltaí an MPBE ar Bhord an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, ar choistí teicniúla de chuid an Choimisiún Leictreicniúil Idirnáisiúnta (IEC) agus ar Ghrúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpach ar Chosaint Raideolaíoch.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

E-Medi

Lean rannpháirtíocht MPBE i dtionscadal ríomhfhoghlama E-Medi i gcomhar le raideolaithe in Íomháu Diagnóiseach, tionscadal atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach. Beidh forbairt uirlis teagaisc ar-líne sa mhamagrafaíocht mar thoradh ar an tionscadal seo.

SENTINEL

Chuir MPBE le grúpaí oibre agus rinne comhordú orthu ar SENTINEL, gníomh arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach a bhaineann le dáileogacht, le cáilíocht íomháíochta agus le héifeachtachtacht in íomháíocht Dhigiteach. Tá béim ar leith ag ionchur MPBE i SENTINEL ar mhamagrafaíocht, raideolaíocht agus cairdeolaíocht idirghabhálach, DEXA, agus raideolaíocht déidliachta.

Microtemor Súilí

Cuireadh tús le clár taighde ar Microtemor Súilí i gcomhar le hInstitiúid Mercer ar Thaighde i nDáil le hAosú (MIRA).

MSc

Thug oiliúnaithe MPBE taighde ar leibhéal MSc chun críche ar Íomháu Armónach Fíochán Ultrafhuaimne agus ar Thástáil Aonaid Teiripe Ultraivialaite.

OIDEACHAS/OILIÚINT

Déanann an Roinn comhordú ar an MSc sna hEolaíochtaí Fisiceacha sa Liacht i gColáiste na Tríonóide agus bhain ábhar oiliúna de chuid MPBE céim amach i 2005. Tá MPBE tar éis forbairt scéime oiliúna náisiúnta don fhisic liachta a bhrú chun cinn freisin.

Chuir MPBE go mór leis an teagasc ar Chomhaltacht Dhámh na Raideolaíochta ag RCSI. Thug MPBE tacaíocht freisin don MSc i bhFaisnéisíocht Sláinte i gColáiste na Tríonóide agus don BSc in Eolaíochtaí agus Sláinte Comhshaoil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bhí baint ag comhaltaí MPBE le treoirlínte nua atá á bhforbairt ag an Institiúid Fisice agus Innealtóireachta sa Liacht ar Shábháilteacht



Leictreach i gcórais liachta, agus le foilsiúcháin an Choimisiúin Leictreicniúla Idirnáisiúnta ar chaighdeán trealamh radagrafaigh.

Don dara bliain as a chéile bronnadh dámhachtain cum laude ar chur i láthair ríomhfhoghlama de chuid MPBE ar fhisic MRI ag Cumann Raideolaíoch Thuaisceart Mheiriceá i Chicago.

Reáchtáil an Roinn cúrsaí aon lae i Sábháilteacht Léasair agus i gCosaint Radaíochta do Chleachtóirí Liachta Neamh-Raidelaíochta agus do Phearsanra Ospidéal.



AN ROINN SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA GINEARÁLTA



Padraic Carolan Uasal
BAINISTEOR

RÉAMHRÁ

Cuireann Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta (GSS) tacaíocht ríthábhachtach ar fáil chun tacú le feidhmiú gníomhaíochta sásúil, slán agus éifeachtach ar fud an Ospidéil. Ar na seirbhísí áirítear an Roinn Lónadóireachta, Seirbhísí Tís, Seirbhísí Línéadaigh, Seirbhísí Slándála agus Seirbhísí Gaolmhara, Seirbhísí Séiplíneachta, Doirseoireachta, Cumarsáide agus Comhshaoil.

AN ROINN LÓNADÓIREACHTA

Lean an Roinn Lónadóireachta de bheith ag déanamh athbheithniú ar a cuid seirbhísí i mbliana le freastal ar leathnú leanúnach an Ospidéil, a speisialtachtaí, an meascán eitneach agus tríchur méadaithe foirne agus cuairteoirí. Ag an am céanna bunaíodh Coiste Chomhpháirtíocht Foirne/an Bhainistíocht Lónadóireachta agus comhchlár acu. Táthar tar éis aghaidh a thabhairt ar nithe éagsúla sa Roinn.

I rith na bliana tugadh córas lipéad aiste bia tiomanta isteach i gcomhar leis an Roinn Cothaithe agus Bia-eolaíochta d'othair a raibh gá acu le haistí bia ar leith.

Cuireadh tús le trialacha faoi bhiachlár nua d'othair i dtrí bharda san Ospidéal, feabhas á chur ar raon an bhia a bhí mar rogha agus a bheadh oiriúnach d'othair ar aiste bia athraithe. Cuideoidh aiseolas ó na trialacha seo le leagan amach biachlár leasaithe do na bardaí go léir.

Cuireadh tús le seirbhís cheapairí nuadhéanta nua i mbeár caife Seomra Rialto – ceann de cheithre bheár caife a oibríonn an Roinn sa bhreis ar an mBialann Garden Hill don fhoireann.

SEIRBHÍSÍ TÍS

Tá an ceart ag gach othar, cuairteoir agus ball foirne a bheith ag súil go mbeidh an timpeallacht san Ospidéal glan, slachtmhar, néata agus sláinteach. Bíonn ról ag glaineacht na timpeallachta i srianú ionfhabhaithe agus i gcur chun cinn folláine othar. Tugadh aitheantas ón taobh amuigh d'fheabhas cáilíochta agus cothabháil ardchaighdeán fhoireann na Seirbhísí Tís i 2005 nuair a bhaineadar an dara háit amach sa chéad Iniúchadh Ghlaineachta Náisiúnta ar shaoráidí chúram sláinte.

I rith na bliana bunaíodh Tascfhórsa Glantacháin le scrúdú a dhéanamh ar struchtúr Seirbhísí Tís i ngach réimse den Ospidéal le seachadadh Ospidéal ghlan a mheas maidir le bainistiú na Roinne, riachtanas acmhainne, caighdeán, scileanna, dearbhú cáilíochta agus forbairt.

Cónascadh na seirbhísí ghlantachán conartha agus intí faoi struchtúr bainistíochta amháin arís i mbliana, mar a bhí ann roimh 1998.

Bhí dlúthbhaint i gcónaí ag an Roinn leis an Roinn Rialú lonfhabhtaithe maidir leis an timpeallacht, prótacail agus nósanna imeachta agus oiliúint i mbearta Rialaithe lonfhabhtaithe.

AN TSEIRBHÍS LÍNÉADAIGH

Tháinig forbairt ar ghníomhaíochtaí na Roinne Seirbhísí Línéadaigh i rith 2005.

Déanann an Roinn comhordú ar fháil agus ar dháileadh línéadach an Ospidéal agus anuas air sin cuireann sí seirbhísí éagsúla níocháin ar fáil, lena n-áirítear éadach pearsanta d’othair fhadtéarmacha sa réimse Cúram do Dhaoine Scothaosta, níochán cuirtíní mar chuid de sheirbhís don Ospidéal ina iomlán, seirbhís níocháin éide do ranna áirithe agus seirbhís níochán mapa don Roinn Tís, seirbhís atá ag fás, a éascaíonn leathnú amach an chórais nua mapála. Cuirtear seirbhísí fuála ilghnéitheacha ar fáil freisin.

SEIRBHÍSÍ SLÁNDÁLA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA

Tá an-áthas ar an Roinn go bhfuil saoráid rialaithe slándála tiomanta oscailte, í suite laistigh de choimpléasc an Ospidéal nua, a dhéanann monatóireacht 24 uair ar fhorhmór an CCTV ar fud an Ospidéal agus a chuireann cumarsáid lárnaithe ar fáil do ghníomhaíocht slándála ar bith. Tá an leathnú seasta ar CCTV agus ar chórais rialú rochtana ag cur tuilleadh leis an tslándáil ar fud an Ospidéal.

Seoladh Faire Ospidéal, coibhéis ospidéal-bhunaithe Faire Comharsanachta, i gcomhar leis an nGarda Síochána i mí na Nollag.

Bhain baill éagsúla foirne leas as oiliúint a tugadh faoi choimirce Idirghabháil Ghéarchéime nach mbaineann Foréigean léi a dhíríonn ar chúinsí foréigneacha a mhaolú.

AN TSEIRBHÍS SÉIPLÍNEACHTA

Baineann foireann na Seirbhíse Séiplíneachta leis na príomhEaglaisí Críostaí agus freagraíonn siad do riachtanais spioradálta agus siceolaíochta othar agus a dteaghlach trí dháileadh na Sacraimintí agus trí chúram agus comhairleoireacht spioradálta, go háirithe ar uair an mhíshuaimhnis, a chur ar dhaoine breoite agus iad ag fáil bháis agus orthu siúd ar éag daoine leo.

Bíonn an tseirbhís ar fáil 24 uair a chloig agus tá foireann dheonach láidir 36 duine ann a fheidhmíonn mar Mhinistí na hEocairiste agus a thugann cúnamh chun comaoin a thabhairt chuig othair ar bhonn laethúil.

I 2005, d’fhreastail na Séiplínigh ar bhreis agus 900 bás agus rinne 120 cuairt réamhbráide sa tseachtain d’othair a d’iarr cuairt. Tugann na Séiplínigh go léir cuairteanna neamhfoirmeálta ar

bhardaí. Oibríonn siad go dlúth le gairmí chúram sláinte eile agus má theastaíonn sé, chuirfidís cúnamh comhairleoireachta ar fáil do chúramóirí eile an lucht breoite.

Sa bhreis ar ghnáthsheirbhísí liotúirgeacha i Séipéal an Ospidéal reáchtáiltear seirbhísí ar bhardaí, sa mharbhlan agus in Aireagal an Ospidéal le linn na hAidhbhinte, an Charghais agus ar ócáidí ar leith. Léadh Aifrinn, lena n-áirítear ‘Searmanas Coinnle Cuimhneacháin’, i rith mí na Samhna do theaghlach na n-othar a d’éag. Rinneadh an searmanas céanna a cheiliúradh don fhoireann.

I mí na Nollag bhí Cór Guinness mar aíonna ag an tSeirbhís Carúl a reachtáladh sa dorchla.

Is ball den tseirbhís Séiplíneachta a bhí mar chathaoirleach ar an mBord Séiplíneachta Chúram Sláinte agus ar Chumann Náisiúnta na Séiplíneach Ospidéal. Bhí ball den tSéiplíneacht ar an gCoimisiún Chúram Sláinte Caitliceach freisin.

AN TSEIRBHÍS DOIRSEOIREACHTA

Feidhmíonn an tSeirbhís Doirseoireachta ar bhonn 24 uair a chloig seacht lá na seachtaine agus oibríonn sí le gach Roinn san Ospidéal. Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil áirítear aistriú othar ó bharda go barda agus chuig ranna, seirbhís otharcharr inmheánach 24 uair a chloig do ghluaiseachtaí eadar-Ospidéal, obair mharbhlananna san áireamh, bailiú agus seachadadh samplaí, fuil agus táirgí fola, cairteanna, x-ghathanna, nithe ón gcógaslann agus post inmheánach agus seachtrach.

Cuirtear seirbhísí fáiltithe ag pointí éagsúla ar an gcampas agus feidhmíonn doirseoirí seirbhís courier ar fud na cathrach.

SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA

Fuarthas inneall scuabtha bóthair nua i 2005 rud a d’fhág gur cuireadh leis an gclár glantacháin ar thailte an Ospidéal.

Táirgeadh thart ar 25 tonna dramhaíola baile ag an Ospidéal in aghaidh na seachtaine agus d’oibrigh an Roinn Seirbhísí Timpeallachta leis an méid a bhí ag dul chuig líonadh talún a laghdú. Cuireadh tús le clár athchúrsála d’ábhar plaisteach agus d’ábhair thirime mheasctha in-athchúrsáilte (DMRs) i gcomhar le conraitheoirí an Ospidéal. Táthar ag súil an clár seo a leathnú ar fud an ospidéal iomlán le linn 2006.

D’ardaigh athchúrsáil páipéar oifige agus páipéir faoi rún ó cheithre thonna go 14 thonna in aghaidh na míosa thar thréimhse thrí bliana. Rinneadh athchúrsáil ar 4.5 tonna cairtchláir in aghaidh na seachtaine. Rinneadh mionstaidéar ar dheighilt fheabhsaithe dramhaíola cliniciúla ag an bhfoinse. Cuireadh fuíollábhair bia an Ospidéal chun múiríne agus cuireadh cadhanraí agus cartúis dúigh amach le go ndéanfaí athchúrsáil orthu.



01



02



03

An tSeirbhís Altranais



Eilish Hardiman Uasal
STIÚRTHÓIR ALTRANAIS

Catherine Deegan Uasal
COMHORDAITHEOIR, NPDU

Deirdre Ryan Uasal
COMHORDAITHEOIR, NPDU

Barbara Garrigan Uasal
STIÚRTHÓIR, CNE

01
BAILL DEN FHOIREANN ALTRANAIS AG OSPIDÉAL LAE
ROBERT MAYNE DAY

02
AG FORBAIRT SCILEANNA, CLEACHTAÍONN AN FHOIREANN
ALTRANAIS AN NÓS IMEACHTA CEART LE HOTHAR A
CHASADH

03
ALTRA SAN ICU AG SEICEÁIL DILTÁIRE SALANDA

RÉAMHRÁ

Déanann Riarachán Altraí agus Cúntóirí Chúram Sláinte a earcú agus a fhorbairt, agus cuireann párolla, riarachán pearsanra agus forbairt ghairmiúil ar fáil dóibh. Cuireann an Roinn bainistíocht ospidéil lasmuigh d'uaireanta oibre ar fáil trí Bhainisteoirí Altraí Láithreáin agus trí fhoireann Bhainistíochta na nAltraí Oíche. Tá an Stiúrthóir Altranais freagrach freisin as Aonad Forbartha an Chleachtais Altranais (NPDU) agus as an Aonad d'Oideachas Altraí (CNE).

Ba dhúshlán i gcónaí é an ráta follúntais altranais le linn 2005 agus déileáladh leis trí chomhiarrachtaí Bhainisteoirí Altraí na Stiúrthóireachta, Bainisteoirí Altraí Cliniciúla, foireann Acmhainní Daonna (HR) agus cheannaireacht ón mBainisteoir HR Altranais i Riarachán Altranais.

Ar an taobh gairmiúil de, lean altraí i réimsí cliniciúla éagsúla in Ospidéal San Séamas orthu ag cur le scóp a gcleachtas altranais ag teacht le creat An Bhord Altranais. Chumasáigh Aonad Forbartha an Chleachtais Altranais agus an tIonad d'Oideachas Altraí cuid mhaith tionscnamh agus forbairtí gairmiúla leanúnacha i 2005.

AONAD FORBARTHA AN CHLEACHTAIS ALTRANAIS (NPDU)

Is é aidhm an NPDU feidhmiú chleachtas fianaise-bhunaithe i gcúram altranais do gach othar, dá dteaghlach agus dá gcúramóirí san Ospidéal a éascú. Faigheann na Comhordaitheoirí tacaíocht ó Chomhordaitheoir Oideachais, ó cheathrar Altra Tacaíochta Cliniciúla, ó Altraspeisialtóir Imharthanachta Fíocháin, ó ochtar Comhordaitheoirí Socrúcháin Chliniciúla agus ó Oifigeach Leithdháilte Mac Léinn.

Oibríonn an NPDU chun altraí agus cleachtas altranais a fhorbairt trí oibriú go dlúth le haltraí atá lonnaithe go cliniciúil, le Bainisteoirí Altraí Cliniciúla, le Teagascóirí Altraí, le Bainisteoirí Altraí Stiúrthóireachta agus le foireann ildisciplíne. Aithníonn foireann an NPDU nádúr idir-dhisciplíneach chúram sláinte an lae inniu a léirítear ina ráiteas misin agus ina bhfís agus a chothaíonn go gníomhach cultúr comhoibrithe le gairmeacha eile mar Liacht, Chógasaíocht, Chothú Cliniciúil, Obair Shóisialta, Teiripe Gairme agus Fisiteiripe i bhforbairt agus i gcur chun cinn an chleachtais is fearr.

Leanadh leis an obair fhorbartha cleachtais trí struchtúr coiste a bhí ann cheana agus/nó trí fhoghrúpaí oibre gearrtéarmacha lena mbaineann ionadaíocht réimse traschliniciúil le linn 2005. Chuir an cur chuige sin ar chumas altraí a gcleachtas a scrúdú go leanúnach, prótacail agus treoirilnte a bhunú (le bheith mar fhaisnéis do chleachtais nua) agus oideachas foirne agus measúnú a chur ar fáil ag leibhéal cliniciúil.

Tháinig 19 coiste in iomlán, grúpaí oibre agus tionscnaimh chun cinn nó rinneadh tuilleadh forbartha orthu i 2005 agus bhí baint acu sin leis an gcleachtas a chur ar aghaidh trí obair fhoirne agus trí laethanta staidéir & oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil, nuair ba chúil sin.(féach an tábla).

Coistí, tionscnaimh agus grúpaí oibre NPDU 2005

Grúpa Oideachais Inseirbhíse Altranais
Ionlocadh agus bainistiú Fheadáin Choithaithe/Sróine-Gastracha
Bainistiú Feadán Gastrastóime Sáchráicinnigh (PEG)
Caitidéarú Uiréadach Fear
Clár Féin-Chógais (Aonaid Chúram do Dhaoine Scothaosta)
Cur chun cinn Chleachtas Dhoiciméadúcháin is fearr (forbairt ar dhoiciméadúchán/pholasaithe nua le bheith san áireamh)
Cleachtas Inmharthanachta Fíocháin (lena n-áirítear forbairt treoirlínte maidir le cneácha agus forbairt leanúnach ar an gClár Oideachais Altraí Naisc Inmharthanachta Fíocháin)
Forbairt Inniúlachta agus sruthíniú inniúlachtaí altranais atá ann faoi láthair ar fud na heagaráiochta
Cúram Traicéastóime (le hidirchaidreamh dlúth leis an Éascaitheoir Sábháilteachta)
Athbhreithniú ar Mhodhanna Teirmiméadrachta
Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Cliniciúla
Athbhreithniú ar Pholasaithe/Phrótaicail Cliniciúla agus ar Threoirlínte
Athbhreithniú ar Theicnicí Insteallta IM
Measúnú Othair/Foirne agus Oideachais agus forbairt inniúlachta maidir le hionanálú cógais
Forbairt Leabhráin Mhéala
Cleachtas Infhéitheacha (Drugáí Infhéitheacha a Riaradh agus bainistiú cleachtas gaolmhar)
Oideachas/oiliúint maidir le Féith-Tholladh agus Cannúlú
Clár Uainíochta d'altraí nuacháilithe a mheas agus a fhorbairt tuilleadh
Tuilleadh tacaíochta do CNManna/don fhoireann maidir le hathbhreithniú cliniciúil agus forbairt punanna

Altraí Tacaíochta Cliniciúla (CNS)

Lean na haltraí tacaíochta cliniciúla orthu ag tabhairt tacaíochta do ról CNManna trí dhírú ar fhorbairt leanúnach altraí liachta agus máinliachta ginearálta san Ospidéal. D'fheidhmigh siad mar ghníomhaire inmheánach agus seachtrach i gcleachtas altranais sa réimse cliniciúil a athrú agus a fhorbairt. Baineadh sin amach trí thacaíocht ón NPDC, ón bhfoireann NPDU agus ó CNManna/fhoireann ag leibhéal cliniciúil.

Altraí ón gCoigríoch - Clár Oiriúnaithe

Déanann CNS clár ionductaithe agus oiriúnaithe d'altraí ón gcoigríoch a chomhordú in Ospidéal San Séamas. Éilíonn sé seo go n-oibreofaí go dlúth leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna Altranais agus CNManna/foireann chliniciúil lena chinntiú go gcomhlíonann na haltraí seo na critéir agus na hinniúlachtaí cliniciúla riachtanacha chun clárú leis an mBord Altranais agus go leanann siad orthu ag forbairt tuilleadh eolais agus scileanna chun freastal ar riachtanais a n-othar ag an leibhéal cliniciúil, riachtanais a bhíonn ag athrú. I 2005, thug 220 altra ón gcoigríoch an cúrsa ionductaithe agus oiriúnaithe seo chun críche.

Clár Fochéimithe BSc

Anuas ar an obair fhorbartha cleachtas leanúnach tá an NPDU freagrach as comhordú na gcomhpháirteanna cliniciúla den Chlár Altranais Fochéimithe. Lean na Comhordaitheoirí Socraithe Cliniciúla, an tOifigeach Leithdháilte Mac Léinn agus an

Comhordaitheoir Oideachais trí theoir agus thacaíocht an NPDC agus na foirne cliniciúla, dá ról lárnach in oideachas cliniciúil d'ábhair altra.

85 mac léinn in aghaidh na bliana ar an meán a thagann isteach in Ospidéal San Séamas agus bíonn dlúthnasc idir an tOspidéal agus an fhoireann chuí ón Scoil Altranais agus Cnáimhseachais i gColáiste na Tríonóide, i gcomhordú, measúnú agus i bhforbairt leanúnach an Chláir Fhochéimí Altranais BSc agus i gcur chun cinn timpeallachta foghlama cliniciúla den scoth. Baineann an próiseas freisin le socruithe cleachtas cuí do mhic léinn a aimsiú agus a chomhordú, torthaí foghlama a fhorbairt agus inniúlacht agus laethanta staidéir teagascóireachta don fhoireann chliniciúil a éascú (i gcomhar le foireann an Ionaid d'Oideachas Altranais, Coláiste na Tríonóide).

Cinntíonn éagsúlacht leathan na n-imthoscaí cleachtas go bhfaigheann mic léinn altranais oiliúint agus oideachas ilghnéitheach a chuireann leis an eolas agus leis na scileanna atá riachtanach chun a bheith mar eolas do chleachtas agus chun cur le dul chun cinn leanúnach ghairm an altranais agus ar riachtanais an tsochaí atá ag athrú.

IONAD OIDEACHAS ALTRAÍ (CNE)

Cuireann CNE clár oideachas iarchéime agus oiliúna agus raon de chúrsaí gearra agus laethanta staidéir inseirbhíse ar fáil d'altraí. Tá sé freagrach freisin as a chinntiú go gcríochnaíonn na mic léinn atá fanta an Clárú/ Clár Diplóma in Altranais.

I 2005, chríochnaigh 19 mac léinn an Diplóma Iarchéime in Altranais Speisialtachta (i gcomhar le hOllscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide) sna réimsí speisialtachta seo a leanas – Altranais Timpiste agus Éigeandála, Altranais Dianchúraim/Cúraim Corónaigh, agus Altranais Peirea-obráide. Fuair mac léinn amháin gradam.

Cuireadh cúrsa trí seachtaine san Altranais Ionscópachta ar bun. Cuireadh laethanta staidéir ar bun do Bhainisteoirí Altraí Cliniciúla, Altraspeisialtóirí Cliniciúla agus d'Altraí Foirne. Cuireadh laethanta staidéir Teagascóireachta ar fáil chu altraí cláraithe a ullmhú dá ról mar theagascóirí do mhic léinn fochéime. Bhí an fhoireann rannpháirteach freisin i laethanta staidéir Pholasaí Infhéitheach, Tosaíocht Mhanchain, treoshuíomh d'foireann nua agus ionchur múinteoireachta a chur ar fáil do chláir éagsúla.

Ar an 16ú Feabhra 2005, thug an Dr. Gerard Fealy, Stiúthóir Staidéir Fhochéime, an Roinn Altranais, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Léacht Anne Young Memorial Lecture agus bronnadh teastais agus suaitheantais ar altraí. Bronnadh dámhachtainí F.E.T.A.C. ar iarrthóirí a chomhlíon a gcéad Theasta Tacaíochta Chúram Sláinte ar an 21ú Meitheamh 2005. D'éirigh leis an dara grúpa an clár a chríochnú go rathúil agus thosaigh an tríú grúpa i Meán Fómhair 2005.



01

BUAILEANN AN TÁNAISTE LE CAINTEOIRÍ, TOSCAIRÍ AGUS
IONADAITHE AN OSPIDÉIL AG AN GCOMHDHÁIL AR AILSE, 2005

IONAD IARCHÉIME WILLIAM STOKES

An Dr Finbarr O'Connell | An tUasal Michael O'Hagan
STIÚETHOIR LIACHTA | STIÚRTHOIR RIARACHÁIN

Is ionad iarchéime neamhspleách bunaithe ar shuíomh an ospidéil é Ionad Iarchéime William Stokes a dhéanann ionadaíocht ar chomhthionscnamh idir An Bord Míochaine Déidliachta Iarchéime, Ospidéal San Séamas, an ERHA, Dámh William Stokes de chuid Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Cuireann sé áiseanna agus acmhainní oideachais iarchéime nua-aimseartha ar fáil do dhochtúirí i gColáiste na Tríonóide agus in Ospidéal San Séamas agus freisin i gceantar níos leithne deisceart agus iardheisceart Bhaile Átha Cliath. Tionóltar raon leathan cruinnithe/seimineáir san Aonad, lena n-áirítear:

- Cuairteanna Móra
- Cruinnithe Nuashonraithe Liachta
- Cruinnithe Haemaiteolaíochta/Oinceolaíochta
- Cruinnithe Inchríneolaíochta
- Cruinnithe Taighde Liachta
- Cruinnithe Liachta do Dhaoine Scothaosta
- Cruinnithe do Scéim Oilíúna Gairmiúla Bhaile Átha Cliath i gCleachtas Ginearálta
- Cúrsa MSc i gCairdeolaíocht
- Cúrsa MSc i dTeiripe Cognaíoch
- Cúrsaí ACLS
- Seimineáir de chuid Dámh William Stokes de Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann
- Cúrsa Treoshuímh Bliantúil d'Inteirigh nua
- Clár oideachais leanúnaigh d'Inteirigh
- Sraith Léachtaí den Scoth i Liacht Inmheanach
- Cruinnithe Gairmthreoracha

Cuireann an tIonad an fheidhm riaracháin ar fáil freisin do scéim SHO Liachta Choláiste na Tríonóide, an chéad scéim agus an scéim is mó do SHOnna i liacht inmheánach in Éirinn. Cuireann an tIonad raon leathan gníomhaíochtaí oideachasúla ar fáil do SHOnna liachta ar an scéim sin agus déanann iad a chomhordú freisin.

D'éirigh an tUasal Michael O'Hagan as a post mar Stiúrthóir Riaracháin an Ionaid go deireanach i 2005. Bhí dlúthbhaint aige leis an ionad o bunaíodh é agus aireoimid uainn go mór é, go pearsanta agus ina ról fadseasmhach mar Stiúrthóir Riaracháin. Ceapadh Emma McCabe Uasal mar Riarthóir an Ionaid i 2005 freisin.

SEIRBHÍSÍ RADA-OINCEOLAÍOCHTA I RÉIGIÚN AN OIRTHIR

Hilary Craig Uasal
OIFIGEACH CHUMARSÍDÍ RÉIGIÚACHA AGUS CHUR CHUN CINN SLÁINTE

I 2005 tháinig scéala chuig gach réimse in Ospidéal San Séamas faoin dea-thoradh a bhí ar an iarracht bliana moltaí faoi fhorbairt Seirbhísí Rada-Oinceolaíochta i Réigiún an Oirthir a ullmhú le cur os comhair na Roinne Sláinte agus Leanaí.

Léirigh an tOspidéal gurb é féin an rogha ab fhearr do sholáthar seirbhísí Rada-Oinceolaíochta feabhsaithe, rud a d'fhág gurb é an tOspidéal a bheidh ina phríomhsholáthraí cúraim aise chuimsithigh do Dheisceart Réigiún an Oirthir nuair a bheadh an t-ionad nua forbartha.

Ag tús 2005 bhí siad ag leathbhealach sna hullmhúcháin le hanailís a chur ar fáil ar na seirbhísí aise a bhí ann ag an am in Ospidéal San Séamas, na saoráidí cóireála, na hacmhainní ar an suíomh, pleananna forbartha súimh agus rochtain othar.

Choinnigh an fhoireann tairisceana i dteagbháil le comhpháirtithe in Ospidéal i gcúram agus le hinstiúidí eile, ag iarraidh cur le cáilíocht an eolais a cuireadh ar fáil agus é a fheabhsú leis an gcás a dhéanamh an lárionad cóireála do dheisceart Réigiún an Oirthir a chur ar shuíomh Ospidéal San Séamas.

Is é an tOllamh Donal Hollywood, Ceannasaí an Aonaid Acadúil don Oinceolaíocht Mhóilíneach agus Chliniciúil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Cathaoirleach an tSainghrúpa a chuir an tuairisc ar Fhorbairt Seirbhísí Rada-Oinceolaíochta in Éirinn ar fáil agus saineolaí náisiúnta mór le rá ar rada-oinceolaíocht, a bhí i bhfeighil na foirne. Bhí Mary Coffey, Stiúrthóir, Rannán Rada-Theiripe i Scoil Liachta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar an bhfoireann. San áireamh freisin bhí foireann chroíláir saineolaithe Comhairleacha san Oinceolaíocht a d'oibrigh go

dothuirseach le baill den fhoireann Bainistíochta ón roinn Airgeadais agus GSS.

Rinne Oifigeach Chur Chun Cinn Sláinte Oifig an Chláir Oinceolaíochta Réigiúnaigh bainistiú tionscadail ar phróiseas chur isteach na tairisceana. Lorgaíodh cuairt ar an suíomh ó mheastóirí idirnáisiúnta agus chuaigh na Stiúrthóireachtaí go léir, na Ranna, Foireann Bhainistíochta an Ospidéal agus an fhoireann i mbun oibre lena chinntiú gur léirigh na seirbhísí ardchaighdeán an chúraim a chuirtear ar fáil.

Ar an 25 Iúil, d'fhógair an Roinn Sláinte agus Leanaí líonra náisiúnta do sheirbhísí Rada-Oinceolaíochta. Cinneadh go mbeadh ceithre lárionad móra agus i mBaile Atha Cliath bronnadh 13 luasaire líneach ar Ospidéal San Séamas le bainistiú a dhéanamh ar dheisceart Réigiúin an Oirthir.

Tógann an toradh rathúil seo ar sheasamh an Ospidéal mar cheannaire i bhforbairt seirbhísí aille in Éirinn. Tá leibhéal uathúil fo-speisialtóireachta bainte amach ag an bhfoireann laistigh de speisialtachtaí compháirteacha atá lonnaithe san Ospidéal. Ar na speisialtachtaí seo áirítear an tIonad Náisiúnta Transphlandaithe Smeara do Dhaoine Fásta, an lárionad den scoth den chóireáil urchóidí haemaiteolaíoca, cóireáil fhairsing siadaí soladacha, agus glacadh le tarchuir threasacha ó gach cuid den tír, a raibh fás i gcónaí orthu i 2005.

Tá Scoil na Tríonóide d'Eolaíochtaí Sláinte, an Institiúid le Liacht Mhóilíneach agus an oifig is mó sa tír do thrialacha cliniúla aille (CCTO) lonnaithe ar an gcampas. Fágann cruthú Aonaid Acadúil don Oinceolaíocht Mhóilíneach agus Chliniciúil, bunaithe i Scoil na Tríonóide d'Eolaíochtaí Sláinte gurb é an chéad cheann dá leithéid a thug na disciplíní go léir a bhfuil baint dhíreach acu le hoinceolaíocht mhóilíneach agus chliniciúil le chéile. Tá an Scoil Rada-Theiripe, an chomhpháirt acadúil is mó, lárnach don fhorbairt. Tá an tAonad Acadúil suite idir an Scoil agus an Institiúid le Liacht Mhóilíneach, rud a tharraingíonn le chéile gnéithe eolaíochta agus cliniúla an oideachais agus an chleachtais.

Clár -Do Shláinte do Shaibhreas

Chruthaigh Oifig an Chláir Oinceolaíochta Réigiúnaigh, bunaithe in Ospidéal San Séamas, tionscnamh le Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (DCDB) agus Cumann Aille na hÉireann (ICS) chun sraith chruinnithe a réachtáil sa phobal thar Réigiún an Oirthir le heolas a chur ar fáil ar chosc agus ar aimsiú luath aille. Tugadh 'Do Shaibhreas do Shláinte' ar an gclár sin.

I gcur chuige ilghníomhaireachta cruinníodh taithí agus saineolas ón DCDB, Oifig an Chláir Oinceolaíochta Réigiúnaigh, ón Ospidéal agus ón ICS, á gcur ar fáil ar an talamh do cheannairí pobail, do ghrúpaí deonacha agus do bhaill de na pobail áitiúla, iad a gcumasú le bheith rannpháirteach i bplé faoin gcaoi is fearr le hailse a chosc.

LÁRIONAD HAUGHTON

An tUasal Jerry O'Dwyer STIÚRTHÓIR FHEIDHMEANACH (GO DTI MEÁN FÓMHAIR 2005)	Dara O'Mahony Uasal STIÚRTHÓIR FHEIDHMEANACH (GNÍOMHACH) (Ó MHEÁN FÓMHAIR 2005)	Marion Bruce Uasal RIALAITHEOIR AIRGEADAIS
---	---	---

Is comhlacht corpraithe neamhspleách é Institiúid Haughton, lánúinéireacht ag a trí chomhalta, Coláiste na Tríonóide, Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Thamhlachta. Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta é Institiúid Haughton. Tá stádas carthannachta aici agus Bord naoi gcomhalta ar a bhfuil trí ionadaí ó gach ceann de na comhpháirtithe.

Déanann an Institiúid forbairt ar Choláiste na Tríonóide, Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Thamhlachta le chéile agus cuidíonn chun an lan-acmhainneacht is mó a bhaint astu chun cur le hoideachas iarchéime, taighde, forbairt seirbhíse agus comhairleachta sna heolaíochtaí sláinte.

Cuireann an Institiúid ar chumas a mball bheith níos éifeachtaí agus sármhaitheas sna gníomhaíochtaí ina bhfuil leas comónta acu á bhaint amach.

Oideachas agus Oiliúint Iarchéime

Is mórfháirt de ghníomhaíocht na hInstitiúide tabhairt isteach agus réachtáil cláir oideachais agus oiliúna a éascú. Orthu seo áirítear MScanna agus Dioplómaí a ndearnadh iad a bhailíochtú go foirmiúil trí Choláiste na Tríonóide a bhaineann úsáid fhairsing as foireann agus as saoráidí an Ospidéal. Anuas air sin tairgeann an Institiúid raon leathan ghearrchúrsaí agus clár oiliúna scileanna sna réimsí ina bhfuil sármhaitheas bainte amach ag an gColáiste agus ag na hOspidéal. I roinnt cásanna beidh na cláir seo leagtha amach go speisialta do chliant áirithe. Tá seirbhís bainistithe comhdhála ar fáil freisin ar iarratas ó na baill.

Bainistiú agus Maoiniú Taighde

Tairgeann an Institiúid seirbhís i mbainistiú maoinithe don taighde, ag teacht le polasaithe taighde na nOspidéal agus an Choláiste, agus é dírithe ar a bhfoirne a bhfuil baint acu le conarthaí taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

Rinneadh bainistiú ar chuntais taighde ó €1,000 go €700,000 i mbliana, sin thart ar €5m in iomlán. Cuireann an Institiúid riaradh oiriúnach don úsáideoir ar fáil agus tacaíocht do chonarthaí taighde don fhoireann agus do na gníomhaireachtaí ina mbíonn siad ag obair trí chothú scileanna i mbainistiú na gconarthaí seo le gníomhaireachtaí tráchtála agus Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar nós an AE. Féadfaidh an Institiúid feidhmiú mar shealbhóir conartha agus, nuair is cuí, mar fhostóir foirne.

Cuideoidh an Institiúid an chomhairleacht agus an fhorbairt seirbhíse is gá do chliant a aimsiú. Féadfaidh sí feidhmiú mar shealbhóir conartha ar son daoine aonair nó cuibhreasanna grúpa i dtionscadail fhorbartha seirbhíse.

I mí Dheireadh Fómhair 2005, ceapadh Elaine Hand, Bithstaitisteoir, ar fhoireann na hInstitiúide chun seirbhís staitisticiúil a chur ar fáil d'fhoireann taighde ball-eagraíochtaí; go háirithe do bhaill foirne laistigh de na hOspidéal.



TIONSCNAMH CÁILÍOCHTA



An tUasal Ian Carter

LEAS-PhríomhFheidhmeannach agus Bainisteoir Oibríochtaí

01

CRUINNÍONN AN FHOIREANN CHREIDIÚNAITHE CHUN AN PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE PIARAÍ A PHLÉ.

CREIDIÚNÚ

Ba bhliain ghnóthach í 2005 do phróiseas Creidiúnaithe Ospidéal San Séamas, an próiseas féinmheasúnaithe agus an próiseas seachtrach athbhreithnithe ar phiaraí a dhéanann measúnú cruinn ar fheidhmiú i gcomparáid le caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta.

Bhuail an 13 foireann Chreidiúnaithe ildisciplíneacha, a raibh ceithre foireann bainistíochta ina measc: Ceannaireacht agus Comhpháirtíocht, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Bainistíocht Faisnéise agus Bainistíocht Comhshaoil agus Áiseanna, chomh maith le naoi bhFoireann Cúraim/Seirbhíse a chuimsíonn struchtúr speisialtachta Stiúrthóireachta agus Neamhstiúrthóireachta an Ospidéil lena chéile gach coicís go trí seachtaine. Rinne siad measúnú ar a seirbhísí i gcomparáid le caighdeáin agus critéir atá leagtha síos ag an mBord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann (IHSAB), atá freagrach as an bpróiseas Creidiúnaithe.

Ina theannta sin, b'éigean do na foirne deiseanna feabhais a aithint agus pleananna feabhsú cáilíochta (QIPs) a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu sin chomh le doiciméadacht a bhailiú agus na féinmheasúnuithe a chomhlánú. Bhí go leor oibre lasmuigh de struchtúr na gcrúinnithe i gceist leis an bpróiseas deireanach sin. Nuair a bhí siad comhlánaithe, cuireadh féinmheasúnuithe gach foirne isteach sa chóras e-measúnaithe, bunachar sonraí beo a ndéanann an IHSAB cothabháil air.

Chuir an IHSAB seisiún Oiliúna ar an bPróiseas Creidiúnaithe ar fáil don foireann agus bhí freastal maith orthu sin. Chuir an Oifig Creidiúnaithe seisiún eolais ar fáil ar fud an ospidéil chomh maith chun baill foirne a choimeád ar an eolas faoin bpróiseas.

Faoi mhí na Samhna, bhí na féinmheasúnuithe curtha ar aghaidh agus thosaigh an tOspidéal ar na hullmhúcháin deiridh don Suirbhé ar Phiaraí a bhí sceidealta do mhí Feabhra luath, 2006.

CLÁR BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Lean Clár Bainistíochta Riosca an Ospidéil le cultúr gníomhach bainistíocht riosca san eagraíocht. Déanann Coiste Bainistíocht Riosca bainistiú ar an bpróiseas, a bhfuil leas-POF mar chathaoirleach air agus a fhaigheann eolas agus tuairiscí ó fho-ghrúpaí maidir le gach ceist riosca. Bíonn rialachas corparáideach iomlán an chlár ag an nGrúpa Sábháilteachta agus Stiúrtha Riosca, fo-choiste de Bhord an Ospidéil.

Léirigh obair leanúnach an tábhacht atá le tuairiscíú riosca do bhail foirne ag gach leibhéal chun leanúint leis an gcultúr oscailte agus chun a chinntiú go gcuirtear córas anailíse riosca atá ceart agus cóir i bhfeidhm.

Chuir an Bainisteoir Riosca agus an tÉascaitheoir Sábháilteachta Cógais oiliúint Anailís Bhunchúise (RCA) ar fáil do bhainisteoirí líne an Ospidéil. Spreagann sé seo bainistíocht riosca ag leibhéal logánta agus cuireann sé ar chumas na mbainisteoirí ceisteanna riosca a aithint agus anailís a dhéanamh orthu.

Ceapadh Éascaitheoir Sábháilteachta Traicéastóime in Aibreán 2005, bhí in ann anailís shonrach agus grádú déine a dhéanamh ar shainriosaí traicéastóime. Chuir comhoibriú idir na grúpaí foirne cúraim sláinte a mbíonn baint acu le húsáid traicéastóime ar ár gcumas roinnt feabhsuithe cáilíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. Cuireann an tÉascaitheoir Sábháilteachta Traicéastóime oiliúint agus aiseolas rialta ar threochtaí aitheanta ar fáil don fhoireann ar fad a mbíonn baint acu le cúram traicéastóime.

Rinneadh iniúchtaí Sábháilteachta agus Riosca míosúla chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a ainmniú. Áirítear ar na hiniúchtaí caighdeáin doiciméadachta, cleachtais rialaithe ionfhabhtaithe, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, stóras agus riar cógais, glaineacht ghinearálta, seirbhísí teicniúla, bainistíocht faisnéise, measúnú ar ghléasanna agus sábháilteacht dóiteáin. Cuirtear torthaí na n-iniúchtaí in iúl do na ranna cuí agus ansin cuirtear na feabhsuithe cáilíochta is cuí i bhfeidhm chun guaiseacha sábháilteachta agus riosca a laghdú.

Déantar treochtú agus anailís ar rioscaí a thuairiscítear ó gach ceantar Ospidéal agus chuir an Bainisteoir Riosca tuairiscí ráithiúla ar fáil do gach Stiúrthóireacht agus Roinn. Chabhraigh dáileadh bullaitíní ráithiúla le fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar riosca a aithint agus le feachtas faoi bhearta sábháilteachta a ardú. Fuair an Coiste Bainistíochta Riosca tuairiscí bainistíochta rialta ar fud an Ospidéal.

COISTE TACAÍOCHTA OTHAR

Cruthaíodh an clár Tacaíochta Othar sa bhliain 2000 chun aireachtáil, sástacht agus eispéireas na n-othar i leith Ospidéal San Séamas a fheabhsú mar aon le cumasú an phobail (othair) a chinntú.

Is foghrúpa é an Coiste Tacaíochta Othar (PAC) de Bhord an Ospidéal agus tá sé déanta suas de cheathrar ionadaithe pobail agus ceathrar ón Ospidéal. Is é an príomhfhócas atá aige eispéireas an othair i leith an chúraim a fháil ón gcéad phointe teagmhála go dtí go scaoiltear abhaile iad trí áisiúlacht, timpeallacht, tapúlacht, inrochtaineacht, cairdiúlacht, soláthar faisnéise agus gearáin a luacháil.

Bhí dul chun cinn maith déanta nuachtlitir a bheadh dírithe ar othair, ar chuairteoirí agus ar an bpobal i gcoitinne a fhorbairt ag deireadh 2005. Fógrófar é seo go luath in 2006 agus is de bharr aiseolas a fuarthas ón PAC a léirigh go raibh gá le nuachtlitir a bheadh dírithe ar an bpobal a rinneadh é.

Suirbhéanna Sástachta Othar 2005

Rinne PAC suirbhéanna sástachta othar a choimisiú ar fud an Ospidéal chun eispéireas agus leibhéal sástachta na n-othar a fháil maidir le seirbhísí Othar Cónaitheach, Cúram lae, Othar seachtrach agus Ranna Éigeandála.

Bhí sé mar aidhm ag na suirbhéanna réimsí áirithe sástachta agus míshástachta a aithint chun breithniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar phróisis seachadta a bhféadfadh a mbeadh athrú nó feabhas ag teastáil uathu de bharr leibhéal na míshástachta a fuarthas. D'fhéadfaí réimsí a raibh sástacht shoiléir ann a léiriú agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Fóram Comhairliúcháin Pobail

Ag deireadh 2005, bhí cúig Chomhairliúchán Pobail san iomlán a reáchtáladh in ionaid phobail áitiúla. Is é an aidhm a bhí leis na comhairliúcháin seo deis a thabhairt bualadh le daoine a gcuireann an tOspidéal seirbhísí ar fáil dóibh ina gceantar féin, lasmuigh den Ospidéal.

Tá na cruinnithe curtha le chéile chun a chinntiú go mbeadh teacht ag na daoine atá ag an gcruinniú ar fhaisnéis, chun gur féidir leo fáil amach faoi rudaí atá ag titim amach san Ospidéal, chun gur féidir leo a dtuairimí a thabhairt, smaointe a phlé, páirt a ghlacadh i bhforbairt bhreise ar sheirbhísí agus ar aiseolas chuig an Ospidéal ar réimsí a gceapann siad a bhfuil feabhas de dhíth.

CLÁR TÁSCAIRE FEIDHME

Coinníonn Ospidéal San Séamas 120 táscaire feidhme ina chlár laistigh de cheithre chatagóir leathana agus is iadsan:

- Táscairí ar fud an Ospidéal
- Táscairí sainspeisialtachta
- Táscairí feidhme feidhmiúcháin
- Táscairí neamhchliniciúla

Tharla an cúigiú cruinniú de Thionscnamh Tagarmharcála Chlár Táscairí Feidhmiúcháin Idirnáisiúnta, ag a raibh Ospidéal San Séamas i gceannas, i mí na Samhna 2005.

Roghnaíodh tionscadail thagarmharcála bunaithe ar phríomhréimsí agus ar phríomhcheisteanna a bhfuil leas ag ospidéil rannpháirtithe iontu, agus áirítear orthu siúd:

- Othar cónaitheach/Cúram lae – tuairisc curtha faoi bhráid Bhord an Ospidéal, mí na Samhna 2005
- Bealach Iontrála Éigeandála
- Mí géar
- Neamhfheastal Othar seachtrach
- Úsáid téatair
- Athiontráil neamhbheartaithe

Thug torthaí an tionscnaimh tagarmharcála seo deis d'ospidéal rannpháirteacha bailmheas a dhéanamh ar a bhfeidhmiúcháin féin, cleachtas is fearr a aithint agus faisnéis ar thionscnaimh leanúnacha cáilíochta a roinnt. Cuirtear ar chumas na rannpháirtithe iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear 'cleachtas is fearr' le chéile. Is é an toradh a bhíonn leis seo luachanna feidhmiúcháin atá níos airde agus bíonn an deis ag rannpháirtithe athmhúnlú a dhéanamh ar a gcuid struchtúr agus a gcuid seirbhísí atá bunaithe ar chleachtas is fearr aitheanta.

I dteannta Ospidéal San Séamas, is iad na rannpháirtithe:

- Iontaobhas NHS Cardiff & Vale, An Bhreatain Bheag
- Ospidéal Naomh Lúcas, Málta
- Ospidéal Chaithair Bhéal Feirste, Tuaisceart Éireann
- Iontaobhas NHS Guy & Naomh Tomás, Londain
- Ospidéal na hOllscoile, An Bhruiséil, An Bheilg
- Ospidéal na hOllscoile Groningen, An Isiltír

SEIRBHÍSÍ SÁBHÁILTEACHTA CÓGAIS


Dheimhnhigh buancheapadh Príomhphoitiogéir II mar Éascaitheoir Sábháilteachta Cógais le linn 2005 cur chuige gníomhach an Ospidéal maidir le sábháilteacht othar.


Treochtaí i dtuairisciú imeachtaí sábháilteachta cógais

Leanadh le hardú na leibhéal tuairiscithe léirithe in 2005 agus 679 imeacht sábháilteachta cógais taifeadta, ardú 79% ar 2004 (Figiúr 1). Is de bharr oiliúint sprioctha agus tionscnaimh oideachasúla don fhoireann chliniciúil an méadú leanúnach sna leibhéil tuairiscithe.

Tá an coibhneas do neasimeachtaí sábháilteachta cógais a tuairiscíodh ardaíthe go 28% den líon iomlán ar an meán, tá sé seo i gcomparáid le 17% d'imeachtaí in 2004. Chonacthas cultúr sábháilteachta a bhí níos oscailte á fhorbairt ar fud an Ospidéal inar thug daoine faoi deara an tábhacht a bhí le ceisteanna a bhféadfadh a mbeadh tionchar acu ar shábháilteacht othar.

Figiúr 1 Líon na nImeachtaí Sábháilteachta Cógais a tuairiscíodh in Ospidéal San Séamas 2001-2005





PLEANÁIL & COIMISIÚNÚ

RÉAMHRÁ

Tá an Roinn Pleanála agus Coimisiúnaithe comhdhéanta de Sheirbhísí Teicniúla, Seirbhísí Fuinnimh agus Ranna Seirbhísí Dóiteáin.

Tá sí freagrach as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna forbartha straitéisí, tógála, feistithe agus coimisiúnaithe na n-áiseanna nua nó athchóirithe go léir agus ar infrastrúchtúr champas an Ospidéal, idir mhór agus bheag.

Déanann an Roinn tionscadail atá maoinithe ag caipiteal a rialú agus a threorú trí gach céim ó cheapadh go críoch de réir nósanna agus prótacail fála poiblí agus déanann sé é i gcomhar le coistí stiúrtha agus grúpaí oibre ina bhfuil príomhscairshealbhóirí, lena n-áirítear cliniceoirí, altraí agus othair.



Derek Russell-Hill
BAINISTEOR PLEANÁLA AGUS TSD

Katrina Seery
OIFIGEACH COIMISIÚNAITHE

Eric Kealy
OIFIGEACH SEIRBHÍSÍ FUINNIMH

OBAIR THIONSCADAIL

Áirítear ar na forbairtí in 2005, oscailt Ionad Lae nua do Nósanna Imeachta Ionscópachta agus Máinliachta Lae in Céim 1H agus athchóiriú ar bhardaí chun cóiríocht othar a fheabhsú (áiseanna en-suite srl.) agus chun seomraí aonraithe breise a chur ar fáil in Ospidéal 5.

